■ Tuarascáil Bhliantúil

# An tOmbudsman Eorpach

2008

Европейски омбудсман
El Defensor del Pueblo Europeo
Evropský veřejný ochránce práv
Den Europæiske Ombudsmand
Der Europäische Bürgerbeauftragte
Euroopa ombudsman
Ο Ευρωπαίος Διαμεσολαβητής
The European Ombudsman
Le Médiateur européen
An tOmbudsman Eorpach
Il Mediatore europeo
Eiropas ombuds
Europos ombudsmenas
Az Európai Ombudsman
L-Ombudsman Ewropew
De Europese Ombudsman
Europejski Rzecznik Praw Obywatelskich
O Provedor de Justiça Europeu
Ombudsmanul European
Európsky ombudsman
Evropski varuh človekovih pravic
Euroopan oikeusasiamies
Europeiska ombudsmannen

ga

# Tuarascáil Bhliantúil

# An tOmbudsman Eorpach

© Na Comhphobail Eorpacha, 2009
Ceadaítear atáirgeadh ar mhaithe le cuspóirí oideachais agus neamhthráchtála má aithnítear an fhoinse.
ISBN 978-92-9212-198-3
ISSN 1830-7507
**Tá an tuarascáil seo foilsithe ar an idirlíon ag: http://www.ombudsman.europa.eu**
Leagtha i Cambria, Calibri agus Etelka — Pierre Rœsch typo·graphisme, Strasbourg
Grianghrafanna uilig © na Comhphobail Eorpacha, mura dtugtar a mhalairt le fios.
*Printed in Luxembourg*
Clóbhuailte ar CyclusPrint, ardpháipéar priontála táirgthe go heisiach as snáithíní athchúrsáilte.

AN tOMBUDSMAN EORPACH

P. NIKIFOROS DIAMANDOUROS

An tOllamh Dr Hans-Gert PÖTTERING FPE
Uachtarán
Parlaimint na hEorpa
Rue Wiertz
1047 An Bhruiséil
AN BHEILG

Strasbourg, 21 Aibreán 2009

A Uachtaráin,

De réir Airteagal 195(1) den Chonradh a bhunaíonn an Comhphobal Eorpach agus Airteagal 3(8) den Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa ar na Rialacha agus na Coinníollacha Ginearálta a Rialaíonn Comhlíonadh Chúraimí an Ombudsman, cuirim mo Thuarascáil don bhliain 2008 faoi do bhráid anseo.

Le meas,



P. Nikiforos DIAMANDOUROS

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman – CS 30403 – F-67001 STRASBOURG Cedex
☎ : +33 (0)3.88.17.23.13 – Fax : +33 (0)3.88.17.90.62
http://www.ombudsman.europa.eu – eo@ombudsman.europa.eu

# Athruithe ar Thuarascáil Bhliantúil an Ombudsman

IS Í TUARASCÁIL Bhliantúil an Ombudsman Eorpaigh an foilseachán is tábhachtaí dá chuid. Le cinntiú go bhfreagróidh sí do riachtanais a léitheoirí uile, déanann an tOmbudsman machnamh gach bliain ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur uirthi. I measc na n-eochair-nuálaíochtaí a tharla le deireanas bhí an tabhairt isteach d'Achoimre Feidhmiúcháin, d'achoimrí cáis, agus d'anailís théamach ar fhiosrúcháin. Rinneadh na hathruithe sin ar mhaithe leis an úsáideoir deiridh. Táirgeadh Tuarascáil níos giorra mar gheall ar na hathruithe freisin, rud a chuir ar chumas an Ombudsman an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe trí na caighdeáin chomhshaoil is airde a urramú.

I mbliana, rinneadh an leasú is uaillmhianaí riamh ar Thuarascáil an Ombudsman. Dearadh í le haird tugtha ar sheoladh shuíomh gréasáin nua an Ombudsman i mí Eanáir 2009. Anois comhlánaíonn an fhaisnéis ar an suíomh gréasáin agus an fhaisnéis sa Tuarascáil seo a chéile go hiomlán. Táirgeadh *Forléargas 2008* nua sé leathanach ar fhad freisin, a cuireadh in ionad an tseanfhoilseacháin *Achoimre Feidhmiúcháin & Staitisticí*, a foilsíodh mar fhoilseachán ar leithligh roimhe seo. Ó mhí Aibreáin 2009 i leith, tá *Forléargas 2008* ar fáil, i 23 teanga, ag: **http://www.ombudsman.europa.eu/activities/annualreports.faces**

**Is foilseachán níos tráthúla, níos inrochtana agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol í an Tuarascáil Bhliantúil nua, a bhfuil cuma níos nua aimseartha uirthi.**

Is foilseachán níos tráthúla, níos inrochtana agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol í an Tuarascáil Bhliantúil nua, a bhfuil cuma níos nua-aimseartha uirthi. Anseo a leanas, mínímid na hathruithe príomhúla a rinneadh ar an Tuarascáil agus soláthraímid naisc le codanna dár suíomh gréasáin a chabhróidh leat teacht ar an méid a foilsíodh sa Tuarascáil go dtí seo.

## Struchtúr


Dearadh struchtúr na Tuarascála nua chun an léitheoir a threorú go loighciúil ó mhíniú ar shainordú agus ar nósanna imeachta an Ombudsman (Caibidil 2), chuig gníomhaíocht choincréiteach a bhaineann le déileáil le cásanna in 2008 (Caibidil 3), gníomhaíochtaí for-rochtana (Caibidil 4) agus forbairtí inmheánacha i ndáil le pearsanra agus buiséad (Caibidil 5). Mar a tharla roimhe seo, tosaítear an Tuarascáil le réamhrá ón Ombudsman, le hAchoimre Feidhmiúcháin ina dhiaidh (Caibidil 1).

## Inneachar

Leasaíodh inneachar na Tuarascála chun fíor-bhreisluach a áirithiú don léitheoir. Go háirithe, cuimsíonn Caibidil 3 cuntas iomlán, léiritheach agus cuimsitheach ar ghnó lárnach an Ombudsman in 2008, is é sin déileáil le gearáin. Cuirtear achoimrí cáis ar fáil go rialta i 23 teanga oifigiúil an AE ag: **http://www.ombudsman.europa.eu/cases/summaries.faces** anois agus mar sin cuireadh eiseamláirí níos giorra ina n-ionad sa Tuarascáil a chabhraíonn le torthaí an Ombudsman a léiriú. Cuirtear graif agus cairteacha i rith na caibidle, in áit iad a chur in innéacs staitistiúil ar leithligh ag deireadh na Tuarascála. Cuimsíonn Caibidil 3 anailís théamach fhairsingithe freisin a chuimsíonn cuntas domhain, sintéiseach ar ualach cásanna an Ombudsman agus ar thoradh a fhiosrúchán ar dhrochriarachán. Ar deireadh, i gCaibidil 5 den Tuarascáil, cuireadh forbhreathnú ar na ranna agus aonaid éagsúla in ionad an liosta iomláin d'ainmneacha ball foirne agus de shonraí teagmhála. Is féidir teacht ar liosta ball foirne a nuashonraítear go rialta ar shuíomh gréasáin an Ombudsman ag: **http://www.ombudsman.europa.eu/atyourservice/team.faces**

## Staitisticí

Agus iad ag déileáil le Tuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, mhol Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa dúinn feabhas a chur ar chur i láthair ár sonraí staitistiúla. Mar fhreagra air sin, rinneamar dian-athbhreithniú ar staitisticí a tháirgimid agus ar an gcaoi a dtáirgimid é. Mar thoradh air sin, cuimsíonn an Tuarascáil seo staitisticí níos soiléire (mar shampla, maidir le hathruithe i líon na ngearán thar am). Chuireamar faisnéis nua ar fáil freisin (mar shampla, faoi ábhar na bhfiosrúchán). Ar deireadh, sheiceálamar an mhodheolaíocht a úsáideadh chun na staitisticí a ríomh agus d'fheabhsaíomar í de réir mar ba ghá.




## Leagan Amach

Rinneadh leagan amach na Tuarascála Bliantúla a leasú go hiomlán chun go mbeadh sí chomh furasta le húsáid agus chomh hinrochtana agus is féidir. Cuimsíonn dearadh nua na Tuarascála sleachta gearra ón téacs a leagann béim ar na pointí príomhúla a chuirtear i láthair agus atá deartha chun d'aird a tharraingt orthu. Ullmhaíodh na graif agus na táblaí a chuimsítear sa Tuarascáil ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil sé éasca iad a thuiscint.




## Priontáil

Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil ar CyclusPrint — ardpháipéar priontála atá táirgthe go heisiach as snáithíní athchúrsáilte. An toradh air sin ná tomhaltas laghdaithe fuinnimh agus uisce. Cloíonn CyclusPrint leis na caighdeáin chomhshaoil is doichte. Bronnadh an t-éicilipéad Bláth an AE air, i dteannta dheimhnithe bainistíochta comhshaoil an AE EMAS agus ISO 14001.

# Clár Ábhar


**Réamhrá** 9

1 **Achoimre Feidhmiúcháin** 13

2 **Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman** 25
2.1 An ceart chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach 27
2.2 Bonn dlíthiúil obair an Ombudsman 27
2.3 Sainordú an Ombudsman 30
2.4 Inghlacthacht agus cúiseanna na bhfiosrúchán 33
2.5 Nósanna imeachta an Ombudsman 35

3 **Gearáin agus Fiosrúcháin** 39
3.1 Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh 41
3.2 Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh 46
3.3 Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman 48
3.4 Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas 56
3.5 Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh 57
3.6 Aistrithe agus comhairle 72

4 **Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmen, agus le páirtithe leasmhara eile** 77
4.1 Caidreamh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE 79
4.2 Caidreamh le hombudsmen agus le comhlachtaí cosúla 82
4.3 Caidreamh le páirtithe leasmhara eile 86


5 **Áiseanna** 93
5.1 Pearsanra 95
5.2 Buiséad 101

**Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach** 103

# Réamhrá

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil nua-dheartha an Ombudsman Eorpaigh a chur i do láthair. Mar a míníodh sna chéad leathanaigh, rinneamar dian-iarracht feabhas a chur ar a fhurasta is atá sé an Tuarascáil a úsáid chun go mbeidh sé éasca duit forbhreathnú soiléir cuimsitheach a fháil ar obair an Ombudsman in 2008. Táim ag tnúth go mór le d'aiseolas a fháil ar na hathruithe a rinneadh.

Mar i gcónaí, taifeadann an Tuarascáil Bhliantúil an obair a rinne an tOmbudsman do shaoránaigh, do ghnóthais agus d'eagraíochtaí le bliain anuas. Leagann sí béim ar na forbairtí is tábhachtaí i dtéarmaí na gcásanna ar déileáladh leo agus na torthaí a baineadh amach ar son gearánach, agus tugann sí breac-chuntas ar na saincheisteanna beartais príomhúla a bhí ábhartha don institiúid i rith na bliana seo caite.



## An tAontas a thabhairt níos giorra dá shaoránaigh

Mar a deirim go minic, is príomhthomhas ar cé chomh fócasaithe atá institiúid ar na saoránaigh é an tslí ina ndéileáiltear le gearáin. Tá áthas orm a rá gur léirigh institiúidí agus comhlachtaí an AE arís in 2008 go bhfuil fonn géar orthu saincheisteanna a chuireann an tOmbudsman ar a súile a réiteach, den chuid is mó. I 129 cás a dúnadh in 2008 (36 % den iomlán), ghlac an institiúid i gceist le réiteach cairdiúil nó shocraigh siad an cás. I 101 cás eile, soiléiríodh an t-ábhar ionas nach raibh gá le fiosrúcháin bhreise, agus i 110 cás fuair an tOmbudsman nár tharla aon drochriarachán.

Feidhmíonn ocht gcás a dúnadh in 2008 mar eiseamláirí de dhea-chleachtas i ndáil leis an tslí ar fhreagair institiúidí do shaincheisteanna a d'ardaigh an tOmbudsman. Mar sin, is fiú iad a chuimsiú sna príomhchásanna a leagtar béim orthu sa Tuarascáil seo, chun feidhmiú mar mhúnla de dhea-iompar riaracháin d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an AE. Bhain trí cinn de na príomhchásanna leis an gCoimisiún Eorpach, agus bhain ceann amháin leis an gComhairle, leis an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) agus leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) faoi seach, agus, don tríú bliain as a chéile bhain ceann le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa.

Ní raibh na freagraí uile ar fhiosrúcháin an Ombudsman chomh maith céanna, áfach. Dhiúltaigh an Coimisiún a sheasamh a athrú i gcás a bhain le hidirdhealú aoise. De dheasca an diúltaithe sin, chuir mé an t-aon tuarascáil speisialta amháin a d'eisigh mé in 2008 faoi bhráid na Parlaiminte. Cé gur thit líon na bhfiosrúchán a raibh orm ráiteas criticiúil a dhéanamh d'institiúidí an AE ina leith go 44 (ó 55 in 2007), tá sin iomarcach fós. Chun cabhrú leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí feabhas a chur ar a gcuid feidhmíochta, d'fhoilsigh mé dhá staidéar ar mo shuíomh gréasáin in 2008 maidir leis an obair leantach a bhí déanta ag na hinstitiúidí i gceist de bhun na ráiteas criticiúil agus na ráiteas breise a eisíodh in 2006 agus 2007. Aithníonn na staidéir sin príomhchásanna freisin ar chóir dóibh feidhmiú mar eiseamláirí de dhea-riarachán. Foilseoidh mé tuarascáil chomhchosúil in 2009.

**Mar a deirim go minic, is príomhthomhas ar cé chomh fócasaithe atá institiúid ar na saoránaigh é an tslí ina ndéileáiltear le gearáin.**

## Feidhmiú mar chaomhnóir na trédhearcachta

In 2008, dúnadh an líon is airde fiosrúchán a dúnadh riamh in aon bhliain amháin (355), agus bhí formhór na gcásanna ar siúl ar feadh níos lú ná bliain. In 2009, tá sé d'aidhm againn feabhas a chur ar ár gcuid feidhmíochta tríd an méid ama a thógtar le cásanna a dhúnadh a laghdú arís. An líomhain is coitianta ar fad a scrúdaíodh i bhfiosrúcháin a osclaíodh in 2008 ná easpa trédhearcachta (36 % de na fiosrúcháin). Cibé i gcásanna conartha, iarratais ar theacht ar cháipéisí, gearáin faoi sháruithe, nó nósanna imeachta roghnóireachta, ba théama athfhillteach é an diúltú faisnéis nó cáipéisí a sholáthar. I ngach ceann de na cásanna seo, mhol mé d'institiúidí agus do chomhlachtaí an AE na

leibhéil is airde d'oscailteacht a áirithiú ina gcuid gníomhaíochtaí. Bhain roinnt cásanna le saincheisteanna cosanta sonraí, agus, de riachtanas, bhí gá le cur chuige a bhain cothromaíocht amach idir príobháideacht agus trédhearcacht sna cásanna sin. I roinnt de na cásanna sin, chuaigh mé i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus ba mhór an chabhair í a chomhairle.

Maidir leis an trédhearcacht, in 2008 bhain tábhacht ar leith leis an togra ón gCoimisiún i dtaca le leasú a dhéanamh ar rialacha an AE i ndáil le teacht poiblí ar cháipéisí. Chuir mé in iúl na cúiseanna imní a bhí agam faoi roinnt gnéithe den togra seo, ar togra maith é seachas sin, agus mhol mé don Pharlaimint a ról mar chomh-reachtóir ar an tsaincheist seo a úsáid chun an toradh is fearr a áirithiú do shaoránaigh. Mar chuid den obair a rinne mé i ndáil leis an díospóireacht seo, stiúir mé staidéar comparáideach i measc mo chomhghleacaithe i Líonra Eorpach na nOmbudsmen ar dhea-chleachtas sna Ballstáit maidir le teacht poiblí ar fhaisnéis cuimsithe i mbunachair shonraí. Spreag torthaí an staidéir seo mé chun tograí coincréiteacha a cheapadh i ndáil le leasú rialacha an AE maidir le teacht ar cháipéisí. Coinneoidh mé súil ghéar ar fhorbairtí sa díospóireacht seo in 2009.

## Cultúr seirbhíse a chur chun cinn

Chláraigh an tOmbudsman 3 406 gearán in 2008. Mar i gcónaí, rinneamar iarracht a áirithiú go mbeadh gach duine a mbeadh gearán aige nó aici ar an eolas faoi sheirbhísí an Ombudsman. Mar shampla, i gcás gnóthas, NGOanna, agus eagraíochtaí eile nár bhain mórán úsáide as an Ombudsman go dtí seo, rinneamar poiblíocht ar an bhfiosrúchán a rinneamar ar ár dtionscnamh féin i dtaobh tráthúlachta íocaíochtaí ag an gCoimisiún chun béim a leagan ar an obair choincréiteach is féidir linn a dhéanamh ar a son.

**Mar i gcónaí, rinneamar iarracht a áirithiú go mbeadh gach duine a mbeadh gearán aige nó aici ar an eolas faoi sheirbhísí an Ombudsman.**

I mbeagnach 80 % de na cásanna cláraithe, bhíomar in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil, nó trí chomhairle a thabhairt dóibh faoi cá háit le dul. Go minic, an chomhairle a thugtar ná teagmháil a dhéanamh le ball Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Bhuail Ombudsmen réigiúnacha is baill den Líonra le chéile i mBeirlín i mí na Samhna chun plé a dhéanamh ar conas is féidir linn oibriú le chéile chun feabhas a chur ar an tseirbhís a sholáthraímid do shaoránaigh. Lean mé orm ag déanamh teagmhála le Baill agus le hoifigigh institiúidí agus chomhlachtaí an AE freisin chun iad a spreagadh chun cultúr seirbhíse a ghlacadh i ndáil le saoránaigh. I measc na mbuaicphointí ina leith sin bhí an síniú de Mheabhrán Tuisceana le hUachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an comhaontú a rinne Gníomhaireachtaí an Aontais maidir leis an gCód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin a ghlacadh ina gcuid caidrimh le saoránaigh.

Bhain forbairt thábhachtach amháin eile in 2008 le leasú Reacht an Ombudsman. Áirithíonn na hathruithe go bhféadfaidh saoránaigh a bheith lánmhuiníneach as cumas an Ombudsman imscrúdú críochnúil gan srianta a dhéanamh ar a gcuid gearán. Táim ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh le mo chuid oibre ar son saoránach ar bhonn an tsainordaithe níos láidre seo in 2009.

Strasbourg, 16 Feabhra 2009



P. Nikiforos Diamandouros

# 1 Achoimre Feidhmiúcháin

Tugann an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil déag ón Ombudsman Eorpach do Pharlaimint na hEorpa cuntas ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman in 2008. Is í an séú Tuarascáil Bhliantúil atá á cur i láthair ag an Uasal P. Nikiforos Diamandouros, a chuir tús lena chuid oibre mar Ombudsman Eorpach ar an 1 Aibreán 2003.

## Struchtúr na Tuarascála

Tá cúig chaibidil sa Tuarascáil seo. Ag tús na tuarascála, tá réamhrá pearsanta ón Ombudsman agus ansin tá an Achoimre Feidhmiúcháin seo, is Caibidil 1 í.

I gCaibidil 2, mínítear sainordú an Ombudsman agus déantar cur síos ar nósanna imeachta an Ombudsman maidir le déileáil le gearáin agus stiúradh fiosrúchán. Cuimsíonn sí aon fhorbairtí suntasacha a tharla i rith na bliana seo caite.

I gCaibidil 3, tugtar forbhreathnú ar na gearáin ar déileáladh leo i rith na bliana, i dteannta staidéir dhomhain ar fhiosrúcháin a rinneadh. Déantar cur síos ar phríomhchásanna a d'aithin an tOmbudsman, chomh maith le hanailís théamach a chlúdaíonn na torthaí is suntasaí dlí agus fírice a bhí cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2008. Ag deireadh na Caibidle seo, féachtar ar chásanna atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman agus ar an obair leantach a rinne an tOmbudsman i ndáil leis na gearáin sin.

Baineann Caibidil 4 le gníomhaíochtaí for-rochtana an Ombudsman; clúdaítear caidreamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh, caidreamh leis an bpobal d'Ombudsmen náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip, agus forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman.

Cuimsíonn Caibidil 5 mionsonraí ar phearsanra agus ar bhuiséad an Ombudsman.

## Misean an Ombudsman Eorpaigh

Bunaíodh oifig an Ombudsman Eorpaigh le Conradh Maastricht mar chuid de shaoránacht an Aontais. Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin a bhaineann le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail, seachas An Chúirt Bhreithiúnais agus An Chúirt Chéadchéime agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach. Le formheas ó Pharlaimint na hEorpa, shainmhínigh an tOmbudsman "drochriarachán" ar bhealach a éilíonn meas ar chearta bunúsacha, ar riail an dlí agus ar phrionsabail dea-riaracháin.

**Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin a bhaineann le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail.**

Chomh maith le freagairt do ghearáin déanta ag daoine aonair, comhlachtaí agus cumainn, oibríonn an tOmbudsman go réamhghníomhach, ag seoladh fiosrúchán ar a thionscnamh féin, ag casadh le Baill agus le hoifigigh institiúidí agus chomhlachtaí an AE, agus ag dul i dteagmháil le saoránaigh chun iad a chur ar an eolas faoi na cearta atá acu agus faoi conas na cearta sin a fheidhmiú.

# Gearáin agus Fiosrúcháin

## Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh

Chláraigh an tOmbudsman[1] 3 406 gearán in 2008, i gcomparáid le 3 211 in 2007. Seoladh beagnach 60 % de na gearáin uile a chláraigh an tOmbudsman in 2008 go leictreonach, le ríomhphost nó trí leas a bhaint as an bhfoirm ghearáin ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.

Próiseáladh 3 346 gearán san iomlán[2], i gcomparáid le 3 265 in 2007. Maidir leis na gearáin uile a próiseáladh, bhí 24 % (802 gearán) laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh, agus tionscnaíodh fiosrúchán mar thoradh ar 9 % díobh. I mbeagnach 80 % de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás, trína aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoi cá háit le dul le réiteach pras agus éifeachtach a fháil ar an bhfadhb.

Sa bhliain 2008, úsáideadh príomh-chuntas r-phoist an Ombudsman chun freagra a thabhairt ar níos mó ná 4 300 r-phost a bhí ag iarraidh faisnéise. Ba iarratais aonair ar fhaisnéis iad thart ar 3 300 de na hiarratais sin, agus bhain thart ar 1 000 díobh le hollchor poist. Mar sin, tríd is tríd, dhéileáil an tOmbudsman le breis agus 7 700 gearán agus iarratas ar fhaisnéis ó shaoránaigh i rith na bliana i gceist.

## Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh

Osclaíodh 293 fiosrúchán nua ar bhonn gearán i rith 2008. Maidir leo sin, tháinig 26 % ó chuideachtaí agus ó chumainn, agus tháinig 74 % ó shaoránaigh aonair.

Sheol an tOmbudsman trí fhiosrúchán ar a thionscnamh féin freisin. Bhain dhá cheann díobh sin le cásanna curtha faoina bhráid ag duine neamhúdaraithe (i.e. gearánach nach saoránach ná cónaitheoir san Aontas ná duine dlítheanach le hoifig chláraithe i mBallstát é nó í). Maidir leis an tríú ceann, bhain an tOmbudsman úsáid as a chumhacht chun fiosrúcháin a dhéanamh ar a thionscnamh féin chun dul i ngleic le fadhb, ar cosúil gur fadhb chórasach é, a bhain le Córas Luathrabhaidh an Choimisiúin Eorpaigh (**OI/3/2008/FOR**).

De réir mar a tharlaíonn gach bliain, bhain mórchuid na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman in 2008 (195 fiosrúchán nó 66 % den iomlán) leis an gCoimisiún. Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomh-institiúid de chuid an Chomhphobail a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, tá sé loighciúil go mbainfidh formhór na ngearán a dhéanfaidh saoránaigh leis. Bhain 28 fiosrúchán (10 %) le riarachán Pharlaimint na hEorpa, bhain 20 cinn (7 %) leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), bhain 10 bhfiosrúchán (3 %) le Comhairle an AE, agus bhain 7 gcinn (2 %) leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Bhain 37 fiosrúchán sa bhreis orthu sin le fiche institiúid agus comhlacht eile de chuid an AE.

Ba iad na príomhchineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh i bhfiosrúcháin a osclaíodh in 2008 easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú faisnéis a thabhairt (107 cás nó 36 % den iomlán), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (59 cás, 20 %), nósanna imeachta míshásúla (27 cás, 9 %), faillí (25 cás, 8 %), moill inseachanta (24 cás, 8 %), earráid dlí (21 cás, 7 %), idirdhealú (14 chás, 5 %), agus teip a áirithiú gur comhlíonadh dualgais, is é sin, gur theip ar an gCoimisiún a ról mar "caomhnóir an Chonartha" a chomhlíonadh i ndáil leis na Ballstáit (14 chás, 5 %).

Dhún an tOmbudsman 355 fiosrúchán in 2008 (i gcomparáid le 348 in 2007). Maidir leo siúd, bhain 352 díobh le gearáin agus bhain trí cinn le fiosrúcháin a bhí déanta ar a thionscnamh féin. Dúnadh formhór na bhfiosrúchán laistigh de bhliain amháin (52 %). Dúnadh níos mó ná aon trian díobh (36 %) laistigh de thrí mhí. Ar an meán, thóg sé 13 mhí le cás a dhúnadh.

**1.** Ón mbliain seo i leith, úsáidfidh Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman Eorpaigh an chatagóir staitistiúil "gearáin chláraithe" in ionad na catagóire "gearáin faighte", chun idirdhealú a dhéanamh idir gearáin a chláraítear i mbliain féilire ar leith agus gearáin a fhaightear le linn na tréimhse céanna ach a chláraítear sa bhliain dar gcionn.

**2.** Ciallaíonn an chatagóir staitistiúil "próiseáilte" gur tugadh chun críche an anailís atá deartha chun a áirithiú an bhfuil an gearán (i) laistigh de shainordú an Ombudsman, (ii) an gcomhlíonann sé na critéir inghlacthachta, agus (iii) an bhfuil cúis ann le fiosrúchán a oscailt. Mar gheall ar an méid ama a thógann an anailís seo, bíonn líon na ngearán "próiseáilte" in aon bhliain ar leith éagsúil ó líon na ngearán "faighte" sa bhliain chéanna.

## Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

Nuair is féidir i gcás fiosrúchán, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus a shásaíonn an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail riachtanach chun torthaí den chineál sin a bhaint amach, is torthaí a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh, agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint. Baineadh toradh dearfach amach don ghearánach go héasca i 129 cás a dúnadh in 2008 (36 % den iomlán). Rinne an institiúid na cásanna sin a shocrú nó aontaíodh réiteach cairdiúil orthu (féadtar sin a chur i gcomparáid le 134 cás in 2007, a bhí dhá uair chomh mór le líon na gcásanna dá leithéid in 2006).

I 31 % de na cásanna (110), ní bhfuarthas aon drochriarachán. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach; ar a laghad, baineann sé nó sí tairbhe as míniú iomlán a fháil ón institiúid nó ón gcomhlacht i gceist faoina bhfuil déanta aici nó aige, mar aon le dearcadh an Ombudsman faoin gcás.

**Nuair is féidir i gcás fiosrúchán, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus a shásaíonn an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon.**

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 15 % de na cásanna (53), ach in ainneoin sin bhí sé in ann toradh dearfach a bhaint amach don ghearánach in ocht gcinn de na cásanna sin toisc gur glacadh leis an dréachtmholadh a rinne sé don institiúid i gceist. I gcás amháin inar dhiúltaigh an Coimisiún glacadh le dréachtmholadh i ndáil le hidirdhealú aoise (**185/2005/ELB**), chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Is é seo an gníomh is dáiríre is féidir leis an Ombudsman a dhéanamh agus is é an chéim shubstaintiúil deiridh a dhéanann sé le linn dó a bheith ag déileáil le cás. I 44 cás, dúnadh an fiosrúchán le ráiteas criticiúil don institiúid nó don chomhlacht i gceist. Is dearbhú don ghearánach go bhfuil bonn leis an ngearán é ráiteas criticiúil agus tugann sé le fios don institiúid nó don chomhlacht i gceist céard atá déanta as bealach, ionas gur féidir leo drochriarachán a sheachaint sa todhchaí.

Ar an dul céanna, is d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht institiúidí an AE sa todhchaí atá an tOmbudsman ag baint úsáide méadaithí as ráitis bhreise nuair a aithníonn sé deis chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin. Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i 41 cás in 2008.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí obair leantach ar bhonn ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise déanta ag an Ombudsman, agus go gcuirfidh siad gníomh i gcrích chun fadhbanna atá fós ann a réiteach. Agus aird á tabhairt aige air sin, in 2008 d'fhoilsigh an tOmbudsman dhá staidéar ar an obair leantach a rinne na hinstitiúidí i gceist ar bhonn na ráiteas criticiúil agus na ráiteas breise uile a eisíodh in 2006 agus 2007. Beartaíonn an tOmbudsman an pobal a chur ar an eolas gach bliain faoi thorthaí a staidéir ar an obair leantach déanta ag institiúidí ar bhonn ráiteas criticiúil agus breise.

**Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na hinstitiúidí agus na comhlachtaí obair leantach ar bhonn ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise déanta ag an Ombudsman, agus go gcuirfidh siad gníomh i gcrích chun fadhbanna atá fós ann a réiteach.**

## Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas [➔➔➔]

Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad ocht gcás a dúnadh in 2008. Feidhmíonn siad mar shamhail d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an AE maidir leis an gcaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman.

D'aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra** (EPSO) na critéir mheastóireachta a úsáidtear i nósanna imeachta roghnóireachta agus miondealú ar mharcanna aonair a nochtadh d'iarrthóirí, ar iarraidh sin dóibh. Bhí sin mar thoradh ar fhiosrúchán déanta ag an Ombudsman ar a thionscnamh féin, agus mhol sé EPSO as cur chuige chomh trédhearcach a ghlacadh (**OI/5/2005/PB**). Thug an **Oifig Eorpach Frith-Chalaoise** (OLAF) freagairt chuiditheach d'iarratas ar theacht ar cháipéisí. Trí dhá leagan den tuarascáil ábhartha a eisiúint, ceann amháin le sonraí pearsanta an ghearánaigh agus ceann eile gan iad, chomhlíon sé rialacha an AE maidir le teacht ar cháipéisí, agus léirigh sé cur chuige dírithe ar shaoránaigh (**754/2007/BU**). Bhain gearán eile a fuair an tOmbudsman ó shaoránach Ostarach le teacht ar cháipéisí agus ar fhaisnéis freisin, mar rinne sí gearán faoin bhfaisnéis neamhleor a fuair sí ó Chlárlann na **Cúirte Breithiúnais Eorpaí**. I ndiaidh don Ombudsman idirghabháil a dhéanamh, sheol an Chlárlann litir chuig an ngearánach ina raibh

faisnéis níos mionsonraithe agus dhearbhaigh an Chlárlann don Ombudsman gur chuir sí na tásca breise sin lena litreacha caighdeánacha do chásanna cosúla (**2448/2008/WP**).

Mhol an tOmbudsman an **Coimisiún** as a chur chuige cuiditheach in dhá chás chonarthacha. I gcás a bhain le díospóid íocaíochta le cuideachta Iodálach faoi thionscadal AE chun uisce a sholáthar do dhaoine easáitithe sa Libéir, bhí an Coimisiún críochnúil agus cuiditheach ar feadh an nóis imeachta, agus ghlac sé, fiú amháin, le híocaíochtaí ábhartha breise a d'aithin a sheirbhísí féin agus an gearánach. Mar thoradh air sin, fuair an chuideachta Iodálach níos mó ná EUR 100 000 (**3490/2005/(ID)PB**). I gcás a bhain le hinstitiúid Ostarach a bhí páirteach i gconradh taighde agus forbartha sa réimse d'innealtóireacht cheimiceach, d'aontaigh an Coimisiún EUR 54 000 a íoc. Tharla sin i ndiaidh don Ombudsman iarraidh air athmhachnamh a dhéanamh ar a dhiúltú suim a bhí fós le híoc a íoc toisc nach bhfuair sé na ráitis chostais deiridh in am (**3784/2006/FOR**). I gcás **2672/2008/VL**, d'úsáid an tOmbudsman nós imeacht fiosrúcháin simplithe, agus ba ábhar spreagtha dó gur fhreagair an Coimisiún go dearfach dó trí dhíospóid ríomhphoist chonspóideach a bhain le taighdeoir acadúil agus oifigeach de chuid an Choimisiúin a réiteach ar bhealach tapa, eiseamláireach.

I measc na n-eiseamláirí breise de dhea-chleachtas, tá cás **1162/2007/FOR**, inar aontaigh an **Chomhairle** íocaíocht *ex gratia* de EUR 1 000 a dhéanamh mar aitheantas ar an míchaoithiúlacht agus an strus a bhí i gceist don ghearánach. Ar dtús, thairg an Chomhairle conradh aon bhliana don ghearánach agus d'athraigh sí na téarmaí nuair a thug sí faoi deara go sroichfeadh an gearánach aois 65 le linn na tréimhse sin. Ar deireadh, don tríú bliain as a chéile, ba chóir moladh a thabhairt d'fhreagairt **Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa** (EASA) do ghearán a tarraingíodh a haird air. I gcás **893/2006/BU**, ní amháin gur ghabh EASA leithscéal as botún a rinne sé i nós imeachta roghnóireachta, ach d'aontaigh sí freisin an fhaisnéis a bhí ag teastáil ón ngearánach a thabhairt dó agus thug sí gealltanas go gcuirfeadh sí an fhaisnéis sin ar fáil i nósanna imeachta roghnóireachta amach anseo.

## Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearánaigh chomh maith. Le linn 2008, ghlac an tOmbudsman formáid agus struchtúr nua dá chinntí. Coinníonn an fhormáid nua na fíricí agus an anailís riachtanach fós, ach tá na téacsanna níos giorra, níos easca le léamh, agus mar sin, níos inrochtana.

**Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearánaigh chomh maith.**

Cuirtear líon áirithe cásanna ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i bhfoirm achomair i 23 teanga oifigiúil an AE. Léiríonn na hachoimrí an raon ábhar agus an raon institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail a chlúdaíonn na 355 cinneadh lenar dúnadh cásanna in 2008, le cois na cúiseanna éagsúla le dúnadh cásanna.

Déanann Cuid 3.5 den Tuarascáil seo anailís ar na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2008. Tá sí eagraithe i dtéarmaí rangaithe théamaigh de phríomhábhar na bhfiosrúchán, tógtha mórthimpeall ar sheacht gcatagóir phríomhúla[3].

- Oscailteacht, teacht poiblí agus sonraí pearsanta;
- An Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha;
- Bronnadh tairiscintí agus deontas;
- Comhlíonadh conarthaí;
- Riarachán agus rialacháin foirne;
- Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta;
- Ábhair institiúideacha, bheartais agus eile.

Déanann an chéad chuid den anailís théamach athbhreithniú ar chinntí an Ombudsman in 2008 ar ghearáin maidir le (i) teacht poiblí ar cháipéisí, (ii) teacht poiblí ar fhaisnéis, agus (iii) cosaint

3. Bunaithe ar na fiosrúcháin a osclaíodh in 2008, is é seo a leanas an miondealú i dtéarmaí ábhar príomhúil na bhfiosrúchán: trédhearcacht (26 %), ábhair institiúideacha agus bheartais (17 %), an Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha (17 %), comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta (14 %), riarachán agus rialacháin foirne (10 %), comhlíonadh conarthaí (8 %), bronnadh tairiscintí nó deontas (8 %).

sonraí pearsanta agus ceart daoine faoina bhfuil sonraí á gcoimeád chun teacht a fháil ar a gcuid sonraí.Bhain na saincheisteanna le raon leathan ábhar, ó mhoilleanna i gceist le teacht a thabhairt ar cháipéisí go léirmhínithe éagsúla ar na heisceachtaí dá bhforáiltear i Rialachán 1049/2001 maidir le teacht poiblí ar cháipéisí[4]. Déantar anailís freisin ar chásanna ina ndeachaigh an tOmbudsman i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) faoi na gnéithe cosanta sonraí a bhaineann le saincheisteanna trédhearcachta.

Baineann an dara catagóir gearán le gearáin i gcoinne an Choimisiúin ina cháil mar chaomhnóir an Chonartha. Is féidir leis an Ombudsman déileáil le gnéithe gnásúla agus substaintiúla araon d'ionramh an Choimisiúin le cásanna dá leithéid. I ndáil leis na gnéithe substaintiúla, tá sé d'aidhm ag athbhreithniú an Ombudsman a dheimhniú an bhfuil conclúidí an Choimisiúin réasúnta, an ndearnadh argóint mhaith ar a son agus ar tugadh míniú iomlán orthu do ghearánaigh. I ndáil le gnéithe gnásúla, is é príomh-phointe tagartha fhiosrúcháin an Ombudsman an Teachtaireacht ón gCoimisiún ar chaidrimh leis an ngearánach maidir le sáruithe dhlí an Chomhphobail[5]. I measc na líomhaintí a scrúdaíodh i ndáil le cásanna dá leithéid in 2008 bhí líomhaintí de mhoilleanna, de sholáthar faisnéise neamhleoire don ghearánach, agus de mhainneachtain gearáin a chlárú.

Déileálann an tríú cuid den anailís théamach le gearáin maidir le bronnadh nó neamhbhronnadh tairiscintí agus deontas. I gcásanna dá leithéid, ní féidir leis an Ombudsman ach athbhreithniú teoranta a dhéanamh chun a sheiceáil ar cloíodh leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta, an bhfuil na fíricí ceart, agus an cinnte nár tharla aon bhotún soiléir sa mheasúnacht ná aon mhí-úsáid cumhachtaí. Féadfaidh sé a athbhreithniú freisin ar chloígh na hinstitiúidí lena gcuid dualgas maidir le cúiseanna a lua, agus an bhfuil na cúiseanna sin comhleanúnach agus réasúnta. In 2008, scrúdaigh an tOmbudsman saincheisteanna a bhain le láimhseáil mhíchuí nósanna imeachta tairisceana, faisnéis neamhleor, agus cúisimh gan bhunús.

Baineann an ceathrú catagóir le cásanna inar chuir gearánaigh in aghaidh mhainneachtain na n-institiúidí dualgais a d'eascair as conarthaí a chomhlíonadh. I ndáil le díospóidí conarthacha, measann an tOmbudsman go bhfuil sé inchosanta a fhiosrúchán a theorannú chuig scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuntas comhleanúnach, réasúnta ar bhonn dlíthiúil a g(h)níomhaíochtaí curtha ar fáil dó ag an institiúid nó ag an gcomhlacht Comhphobail, agus cad chuige go gcreideann an institiúid nó an comhlacht i gceist go bhfuil bonn lena dhearcadh faoin seasamh conarthach. In 2008, scrúdaigh an tOmbudsman saincheisteanna a bhain le híocaíocht dhéanach, cóir éagothrom, agus fadhbanna a bhain le fo-chonraitheoirí.

Baineann an cúigiú catagóir le gearáin a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin na n-institiúidí, go háirithe i dtéarmaí fheidhmiú na Rialachán Foirne d'oifigigh agus feidhmiú téacsanna ábhartha eile. Baineann na cásanna seo le raon leathan ábhar agus baineann siad leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí uile, beagnach.

Sa séú cuid den anailís théamach déantar scrúdú ar ghearáin a bhaineann le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnóireachta eile. Baineann formhór na gcásanna seo leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) agus baineann siad le heaspa trédhearcachta, fadhbanna ábharacha ar bualadh leo i ndáil leis na tástálacha, agus líomhaintí i leith córa éagothroime.

Clúdaíonn an chatagóir deiridh, iarmharach raon gearán déanta in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartais nó a bhfeidhmiú ginearálta.

**4.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle den 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.
**5.** Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánach i ndáil le sáruithe dhlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, lch. 5.

# Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmen agus le páirtithe leasmhara eile

## Caidreamh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE

Tá caidreamh cuiditheach le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE ríthábhachtach don Ombudsman Eorpach mar cabhraíonn sé leis na torthaí is fearr a bhaint amach do ghearánaigh. Lean an tOmbudsman air ag bualadh go rialta le Baill agus le hoifigigh na n-institiúidí i rith 2008 chun plé a dhéanamh ar shlite chun feabhas a chur ar cháilíocht riarachán an AE.

**Tá caidreamh cuiditheach le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE ríthábhachtach don Ombudsman Eorpach mar cabhraíonn sé leis na torthaí is fearr a bhaint amach do ghearánaigh.**

In 2008, bhain tábhacht ar leith le cruinnithe le hionadaithe na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin i ndáil le leasú Reacht an Ombudsman. I ndiaidh tuairime dearfaí ón gCoimisiún agus aontú na Comhairle, ghlac an Pharlaimint le cinneadh[6] ag leasú an Reachta ar an 18 Meitheamh. Bhí athchóiriú leanúnach Rialachán 1049/2001 maidir le teacht poiblí ar cháipéisí[7] ar chlár oibre idirinstitiúideach an Ombudsman in 2008 freisin. I measc na mbuaicphointí eile don bhliain i gceist bhí an síniú de Mheabhrán Tuisceana[8] le hUachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an comhaontú a rinne Gníomhaireachtaí uile an Aontais maidir le glacadh leis an gCód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin. Bhuail an tOmbudsman le hionadaithe na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra go rialta freisin chun na caighdeáin seirbhíse is airde do shaoránaigh a chur chun cinn i nósanna imeachta roghnóireachta.



Buaileann an tOmbudsman Eorpach go rialta le Baill agus le hoifigigh ó na hinstitiúidí agus comhlachtaí AE. Anseo, feictear an tUas DIAMANDOUROS leis an Uas Hans-Gert PÖTTERING, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa. Strasbourg, 12 Márta 2008.

Lean an tOmbudsman ar aghaidh ag déanamh teagmhála leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí eile in 2008, trí bhualadh le príomh-ionadaithe ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, ón gCúirt Chéad-chéime, ó Bhinse um Sheirbhís Shibhialta, agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. Chuir an tOmbudsman a chuid oibre i láthair bhaill Líonra SOLVIT i mí na Samhna agus thug sé forbhreathnú ar a chaidreamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ag imeacht ag comóradh cúig bliana den institiúid sin i mí na Nollag. Ar deireadh, níos luaithe sa bhliain, bhuail an tOmbudsman le hUachtaráin Choistí Foirne institiúidí an AE chun a ról maidir le feabhas a chur ar cháilíocht riarachán an AE a mhíniú.

**6.** Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa 2008/587 an 18 Meitheamh 2008, lena leasaítear Cinneadh 94/262 ar na rialacha agus ar na coinníollacha ginearálta a rialaíonn comhlíonadh chúraimí an Ombudsman, IO 2008 L 189, lch. 25.
**7.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle den 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.
**8.** Meabhrán Tuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta i dtaobh faisnéise faoi bheartais, faoi chaighdeáin agus faoi nósanna imeachta an Bhainc agus faoin phlé le gearáin, mar aon le gearáin daoine nach saoránaigh agus nach cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh iad, IO 2008 C 244, lch. 1.

## Caidreamh le hombudsmen agus le comhlachtaí comhchosúla

Cuireann a lán gearánach a ngearáin faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh nuair a bhíonn deacrachtaí acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Déanann an tOmbudsman Eorpach comhobair dhlúth lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach. Tarlaíonn an comhoibriú seo, den chuid is mó, faoi scáth Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Tá beagnach 90 oifig i 31 tír páirteach sa Líonra anois, a chlúdaíonn na leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha laistigh den Aontas Eorpach, mar aon leis an leibhéal náisiúnta i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san AE chomh maith leis an Iorua agus an Íoslainn. Tá Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa ina bhall iomlán den Líonra freisin.

**Déanann an tOmbudsman Eorpach comhobair dhlúth lena chontrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a áirithiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach.**

Is é ceann de chuspóirí an Líonra ná an t-aistriú gasta gearán chuig an ombudsman inniúil nó chuig comhlacht cosúil a áirithiú. I 1 079 cás sa bhliain 2008, aistríodh an gearán chuig ball de Líonra Eorpach na nOmbudsmen nó cuireadh comhairle ar an ngearánach teagmháil a dhéanamh le ball den Líonra.

Déanann Cuid 4.2 den Tuarascáil seo cur síos mionchruinn ar ghníomhaíochtaí an Líonra in 2008. An buaicphointe den bhliain ná an Séú Seimineár d'Ombudsmen Réigiúnacha de Bhallstáit an AE, a tionóladh i mBeirlín i mí na Samhna. D'eagraigh an tOmbudsman Eorpach agus Cathaoirleach Choiste Achainíocha Pharlaimint Réigiúnach Bheirlín, an tUasal Ralf Hillenberg, an Seimineár i gcomhar lena chéile. D'fhreastail thart ar 90 duine ar an Seimineár a bhí dírithe ar ghearáin agus achainíocha ó dhaoine leochaileacha. Bhuail oifigigh idirchaidrimh an Líonra le chéile i Strasbourg in 2008 freisin.

Bhí cuairteanna faisnéise a eagraíodh i gcomhar le hOmbudsmen sna Ballstáit agus sna tíortha is iarrthóirí an-éifeachtach freisin i ndáil le forbairt an Líonra. I rith 2008, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar a chomhghleacaithe is Ombudsmen sa Chipir (Márta), sa Ghréig (Bealtaine), sa Laitvia (Meán Fómhair) agus sa Liotuáin (Deireadh Fómhair).



Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach go dlúth lena chontrapháirtithe sna Ballstáit trí Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Feidhmíonn oifigigh thadhaill sna hoifigí náisiúnta ombudsmen mar an gcéadphointe teagmhála do bhaill an Líonra. Tionóladh a séú seimineár débhliantúil ón 1 go dtí an 3 Meitheamh 2008 i Strasbourg.

Is modh úsáideach é an Líonra chun faisnéis ar dhlí an AE agus ar dhea-chleachtas a mhalartú trí na seimineáir réamhluaite, Nuachtlitir dhébhliantúil, fóram leictreonach um dhíospóireacht agus um chomhroinnt cáipéisí, agus seirbhís nuachta laethúil leictreonach. I dteannta na malartuithe faisnéise neamhfhoirmiúla rialta seo a dhéantar trí mheán an Líonra, tá nós imeachta speisialta ann trínar féidir le hOmbudsmen náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa a lorg ar fhiosrúcháin faoi dhlí AE, mar aon lena léirmhíniú, lena n-áirítear ceisteanna a thagann chun cinn le linn dóibh a bheith ag déileáil le cásanna ar leith. I rith 2008, fuarthas ocht bhfiosrúchán nua.

### Caidreamh le páirtithe leasmhara eile

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta d'áirithiú go mbeadh aon duine nó eagraíocht a mbeadh fadhb aige nó aici le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh chuige maidir le drochriarachán. Tugann Cuid 4.3 den Tuarascáil seo forbhreathnú ar an iliomad bealaí ina ndearna an tOmbudsman iarracht feasacht a mhúscailt ar an gceart chun gearán a dhéanamh in 2008. Rinne an tOmbudsman agus a chuid foirne thart ar 135 láithreoireacht do ghrúpaí a raibh spéis acu ina chuid oibre. In 2008, chuimsigh príomhghníomhaíochtaí meán cumarsáide an Ombudsman preasagallaimh sa Bhruiséil, i mBúdaipeist agus i Strasbourg, agus san Aithin, i Nicosia, i Rīga, agus i Vilnius, mar chuid de na cuairteanna faisnéise réamhluaite. Eisíodh seacht bpreaseisiúint déag i rith na bliana agus scaipeadh iad ar iriseoirí agus ar pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. I measc na saincheisteanna a clúdaíodh bhí trédhearcacht maidir le liúntais FPEanna, leasú Reacht an Ombudsman, agus athchóiriú rialacha an AE maidir le teacht poiblí ar cháipéisí.

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta d'áirithiú go mbeadh aon duine nó eagraíocht a mbeadh fadhb aige nó aici le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE ar an eolas faoina gceart chun gearán a dhéanamh chuige maidir le drochriarachán.

Maidir le foilseacháin, foilseachán spéisiúil amháin a táirgeadh in 2008 ab ea treoir nua faoi obair an Ombudsman, a cuireadh ar fáil i 23 teanga oifigiúil an AE. Tugadh suíomh gréasáin an Ombudsman cothrom le dáta go rialta le heolas faoi chinntí, preaseisiúintí agus mionsonraí faoina chuid gníomhaíochtaí cumarsáide. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2008, fuair an suíomh gréasáin thart ar 440 000 cuairteoir uathúil, le formhór na gcuairteoirí ag teacht ón Ríocht Aontaithe, agus ansin ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Spáinn agus ón Iodáil.



Tugann an tOmbudsman Eorpach cuairteanna faisnéise go rialta ar Bhallstáit AE agus ar thíortha iarrthacha chun caidrimh a fhorbairt le hombudsmen agus chun feasacht ar a chuid oibre a ardú. Agus é ag tabhairt cuairte ar an Liotuáin, idir an 1 agus an 3 Deireadh Fómhair 2008, thug an tUas DIAMANDOUROS léacht phoiblí do státseirbhísigh agus do mhic léinn ollscoile araon agus bhuail sé le hionadaithe o phobail gnó na Liotuáine, agus ó NGOanna chomh maith. Anseo, feictear rannpháirtithe ag an gcruinniú le Cumann Bharra na Liotuáine, Cumainn Lucht Tráchtála, Tionscail agus Ceardaíochta chomh maith leis an gCónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí.

## Acmhainní

Tugann Cuid 5.1 den Tuarascáil seo forbhreathnú ar struchtúr oifig an Ombudsman agus soláthraíonn sí roinnt faisnéise beathaisnéise faoin Ombudsman agus faoina chuid foirne bainistíochta.

Rinneadh clár uaillmhianach d'athstruchtúrú inmheánach in oifig an Ombudsman in 2008. Tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Iúil agus bhí i gceist leis ceithre Aonad a chruthú laistigh de gach ceann de na Ranna a bhí ann: an Roinn Dlí agus an Roinn Riaracháin agus Airgeadais. An aidhm leis an athstruchtúrú seo ná struchtúr bainistíochta a bhunú ina mbeadh an bheirt Cheannairí Roinne sa oifig tacaithe ag ceathrar Ceannairí Aonaid faoi seach le sainchumais mhéadaithe bhainistíochta. Tá Ceannairí Roinne cothrom le stiúrthóirí agus tugann siad tuairisc don Ard-Rúnaí.

Rinneadh clár uaillmhianach d'athstruchtúrú inmheánach in oifig an Ombudsman in 2008.

Cuimsíonn Cuid 5.1 faisnéis ar chúrsaí athmhachnamh agus ar chruinnithe fhoireann an Ombudsman freisin. Is cuid lárnach de phleanáil straitéiseach an Ombudsman iad na cúrsaí athmhachnaimh; an ghné is tábhachtaí díobh ná go gcuireann siad treoir úsáideach ar fáil do dhéanamh beartais agus d'ullmhú an Phlean Bhliantúil Bainistíochta (AMP). Is cuid de thimthriall bliantúil imeachtaí iad a thugann deis don fhoireann agus d'oiliúnaithe a gcuid dearcaí a roinnt faoi ábhair a bhaineann go díreach le hobair an Ombudsman. Thionóil an institiúid a dara cúrsa athmhachnaimh ón 27 go dtí an 29 Feabhra 2008. De réir an aiseolais láithrigh a fuarthas ón bhfoireann, ba eispéaras an-dearfach é an cúrsa athmhachnaimh, agus measadh go raibh na téamaí agus na hábhair a pléadh thar a bheith ábhartha.

Léirigh plean bunaíochta an Ombudsman go raibh 57 post ann in 2008, díreach mar a chéile le 2006 agus 2007. Bhí na leithreasuithe iomlána buiséadaithe do 2008 cothrom le EUR 8 505 770.

# Sainordú agus nósanna imeachta an Ombudsman

CUIMSÍONN an Chaibidil seo cur síos mionsonraithe ar ról an Ombudsman Eorpaigh, a chlúdaíonn bonn dlíthiúil a chuid oibre, cur síos ar a shainordú, agus faisnéis ar inghlacthacht agus ar chúiseanna le fiosrúcháin a oscailt. Cuimsíonn sí eiseamláirí de chásanna ar déileáladh leo in 2008 chun na gnéithe seo a léiriú agus leagann sí béim ar fhorbairtí sonracha, cosúil le leasú Reacht an Ombudsman. Críochnaítear an Chaibidil le forbhreathnú ar nósanna imeachta an Ombudsman chun déileáil le gearáin agus chun fiosrúcháin a stiúradh, lena n-áirítear an úsáid mhéadaitheach atá á baint as nósanna imeachta neamhfhoirmiúla chun gearáin a réiteach go pras.

## 2.1 An ceart chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

Is é an ceart chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach ceann de chearta saoránachta an Aontais Eorpaigh (Airteagal 21 de Chonradh an CE) agus cuimsítear é sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh[1] (Airteagal 43). Go príomha, tarraingítear aird an Ombudsman ar chásanna féideartha de dhrochriarachán mar gheall ar ghearáin, agus is í an fhreagairt a thugann sé do na gearáin sin an ghné is tábhachtaí de ról frithghníomhach an Ombudsman. Déanann an tOmbudsman fiosrúcháin ar a thionscnamh féin freisin, agus ar an gcaoi sin bíonn ról réamhghníomhach aige maidir le drochriarachán a chomhrac (féach an chéad chuid eile).

**Is é an ceart chun gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach ceann de chearta saoránachta an Aontais Eorpaigh.**

## 2.2 Bonn dlíthiúil obair an Ombudsman

Tá obair an Ombudsman rialaithe ag Airteagal 195 de Chonradh an CE, Reacht an Ombudsman agus na forálacha feidhmiúcháin a ghlac an tOmbudsman faoi Airteagal 14 den Reacht.

### Leasú Reacht an Ombudsman

Ghlac Parlaimint na hEorpa an Reacht i 1994[2]. I ndiaidh athbhreithnithe chúramaigh, chinn an tOmbudsman in 2006 go gcuireann sé creat maith ar fáil dá ghníomhaíochtaí fós, ach go bhféadfadh athruithe teoranta áirithe feabhas a chur ar a chumas obair níos éifeachtaí a dhéanamh ar mhaithe le saoránaigh na hEorpa. I mí an Mheithimh 2008, i ndiaidh tuarascála ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachta (Rapóirtéir Anneli JÄÄTTEENMÄKI, Uasal, FPE) ghlac Parlaimint na hEorpa cinneadh[3] ag leasú an Reachta le héifeacht ón 31 Iúil 2008.

1. Fógraíodh an Chairt den chéad uair i mí na Nollag 2000 agus síníodh agus fógraíodh arís í ar an 12 Nollaig 2007 roimh shíniú Chonradh Liospóin ar an 13 Nollaig 2007, IO 2007 C 303, lch. 1.
2. Cinneadh 94/262 ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 ar na rialacha agus ar na coinníollacha ginearálta a rialaíonn comhlíonadh chúraimí an Ombudsman, IO 1994 L 113, lch. 15.
3. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa 2008/587 an 18 Meitheamh 2008, lena leasaítear Cinneadh 94/262 ar na rialacha agus ar na coinníollacha ginearálta a rialaíonn comhlíonadh chúraimí an Ombudsman, IO 2008 L 189, lch. 25.

Treisíonn an dá athrú is tábhachtaí cumhachtaí imscrúdaithe an Ombudsman. Ar dtús, anois bíonn teacht iomlán ag an Ombudsman ar cháipéisí i seilbh institiúidí agus chomhlachtaí an AE le linn a fhiosrúchán. Ní fhéadfaidh siad diúltú cáipéisí a nochtadh ach ar "cúiseanna rúndachta le bunús iomchuí". Lena chois sin, ní cheanglaítear ar oifigigh an AE a thugann fianaise don Ombudsman labhairt "thar ceann a riarachán agus de réir treoracha uathu" níos mó. Déantar na forálacha a chuireann ar chumas an Ombudsman rúndacht cáipéisí agus faisnéise a choinneáil a shoiléiriú agus a threisiú freisin. Ar deireadh, cuireann Airteagal 5 den Reacht bonn ar fáil do chomhoibriú an Ombudsman le hinstitiúidí agus le comhlachtaí na mBallstát a bhíonn i gceannas ar chur chun cinn agus ar chosaint ceart bunúsach.

Ar an 3 Nollaig 2008, leasaigh an tOmbudsman a fhorálacha feidhmiúcháin chun go gcomhfhreagróidís do na hathruithe ar an Reacht agus chun aird a thabhairt ar thaithí a fuarthas ó 2004, an uair dheireanach ar athraíodh na forálacha. Tháinig na forálacha feidhmiúcháin nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2009. An aidhm atá leo ná muinín gearánach agus institiúidí araon as fiosrúcháin an Ombudsman a choinneáil agus a threisiú. Go háirithe:

– féadfaidh an **gearánach** a bheith cinnte: (i) go mbeidh sé nó sí in ann féachaint ar an ábhar uile a roghnóidh an institiúid i gceist a sheoladh chuig an Ombudsman mar chuid dá tuairim faoin ngearán, nó mar fhreagra ar fhiosrúcháin bhreise agus (ii) go mbeidh teacht iomlán ag an Ombudsman ar an bhfaisnéis agus ar na cáipéisí uile a mheasfaidh sé go mbaineann siad leis an bhfiosrúchán;

– féadfaidh na **hinstitiúidí** a bheith cinnte, nuair a iarrfaidh an tOmbudsman cáipéisí nó faisnéis sa bhreis ar na cáipéisí nó an fhaisnéis curtha ar fáil i dtuairim na hinstitiúide agus i bhfreagraí ar fhiosrúcháin bhreise, nó nuair a scrúdóidh sé an comhad, nach mbeidh teacht ag an bpobal ná ag an ngearánach ar aon fhaisnéis ná cáipéisí a ainmneoidh an institiúid mar fhaisnéis nó cáipéisí faoi rún. ■

Tá Reacht an Ombudsman agus na forálacha feidhmiúcháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**) Tá leagan crua de na forálacha feidhmiúcháin ar fáil ó Oifig an Ombudsman freisin.

## Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta

Tugann Airteagal 195 CE an chumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó aon saoránach den Aontas nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe aige i mBallstát. Tá sé de chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin a oscailt ar a thionscnamh féin freisin. Trí leas a bhaint as an gcumhacht fhéintionscanta sin, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin curtha ar a aire ag duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh. Is é an nós a bhíonn ag an Ombudsman i gcásanna dá leithéid ná na deiseanna gnásúla céanna a thabhairt don duine i rith an fhiosrúcháin a bheadh aige nó aici dá mbeifí ag déileáil leis an gcás mar ghearán. Is gnách go ndéanann an tOmbudsman cinneadh faoi cibé ar chóir nó nár chóir dó an chumhacht fhéintionscanta a úsáid ar an tslí seo bunaithe ar an gcás i gceist. Osclaíodh dhá fhiosrúchán fhéintionscanta dá leithéid in 2008.

### Meabhrán Tuisceana leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI)

Ina Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006, d'fhógair an tOmbudsman go mbeartaíonn sé, faoi réir sriantachta féideartha ar acmhainní amach anseo, a chumhacht fhéintionscanta a úsáid nuair is é an t-aon chúis gan fiosrúchán a dhéanamh ar ghearán a líomhnaíonn drochriarachán sa Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) ina chuid gníomhaíochtaí iasachta lasmuigh den AE (iasachtú seachtrach) ná nach saoránach ná cónaitheoir de chuid an Aontais é an gearánach. Sa Rún a rinne sí ar an 25 Deireadh Fómhair 2007, chuir

Parlaimint na hEorpa fáilte roimh dhearbhú intinne an Ombudsman agus tugadh cuireadh dó a mhachnamh a dhéanamh ar Mheabhrán Tuisceana (MoU) a bhunú leis an BEI.

I mí na Nollag 2007, scríobh an tOmbudsman chuig Uachtarán an BEI ag tabhairt cuireadh dó plé a dhéanamh ar dhréachtú Meabhráin Tuisceana. Shínigh an tOmbudsman agus Uachtarán an BEI an MoU[4] ar an 9 Iúil 2008. An cuspóir leis an gcomhaontú ná feabhas a chur ar chosaint páirtithe leasmhara ó aon drochriarachán féideartha i ndáil le gníomhaíochtaí an BEI. Tuarann sé go leathnófar cosaint do pháirtithe leasmhara chuig daoine nach saoránaigh ná cónaitheoirí AE iad ná nach bhfuil a oifig chláraithe san AE (tá tuilleadh eolais air sin i gcuid 4.1 thíos).

Féadfaidh an tOmbudsman a chumhacht chun fiosrúchán a dhéanamh ar a thionscnamh féin a úsáid chun dul i ngleic le fadhb chórasach sna hinstitiúidí freisin. Rinne sé é sin uair amháin in 2008.

### Fiosrúchán ar a thionscnamh féin ar an gCóras Luathrabhaidh

D'oscail an tOmbudsman fiosrúchán ar a thionscnamh féin ar "Córas Luathrabhaidh" (Ews) an Choimisiúin Eorpaigh. Liostaíonn an córas faisnéise ar ríomhaire seo cuideachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cumainn nó páirtithe is bagairt iad do leasanna airgeadais an AE de réir an Choimisiúin. Cé go n-aithníonn an tOmbudsman go bhfuil sé an-tábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún gach iarracht chun leasanna airgeadais an AE a chosaint, áitíonn sé go gcaithfear cóir chothrom a thabhairt do na páirtithe i gceist agus go gcaithfear urraim chuí a thabhairt don phrionsabal dlíthiúil bunúsach de thoimhde na neamhchiontachta.

Mar sin, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún mionsonraí roinnt páirtithe leasmhara atá cuimsithe sa Ews a sholáthar dó, mar aon le bonn dlíthiúil catagóirí rabhaidh éagsúla an Ews. D'iarr sé ar an gCoimisiún freisin a bheartas faisnéise i leith páirtithe leasmhara a shoiléiriú agus míniú a thabhairt ar na meicníochtaí achomhairc ar fáil chun achomharc a dhéanamh faoi bheith liostaithe san Ews.

OI/3/2008/FOR

Dúnadh an fiosrúchán féintionscanta seo a leanas in 2008:

### Fiosrúchán ar a thionscnamh féin ar thráthúlacht íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún

I mí na Nollag 2007, sheol an tOmbudsman an dara fiosrúchán féintionscanta riamh dá chuid ar thráthúlacht íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún. Thug sé le fios gur fadhb thromchúiseach í íocaíocht dhéanach fós. Cé gur mhol an tOmbudsman an Coimisiún as na bearta curtha i bhfeidhm cheana féin chun moilleanna i ndáil le híocaíochtaí a laghdú, d'iarr sé air feabhsuithe breise a chur i bhfeidhm, go háirithe i ndáil le conraitheoirí níos leochailí, cosúil le saoránaigh aonair agus cuideachtaí agus eagraíochtaí beaga agus meánmhéide. D'fhógair an tOmbudsman go ndéanfadh sé imscrúdú nua go luath in 2009.

OI/5/2007/GG

**4.** Meabhrán Tuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta i dtaobh faisnéise faoi bheartais, faoi chaighdeáin agus faoi nósanna imeachta an Bhainc agus faoin phlé le gearáin, mar aon le gearáin daoine nach saoránaigh agus nach cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh iad, IO 2008 C 244, lch. 1.

# 2.3 Sainordú an Ombudsman

Cumhachtaíonn Airteagal 195 CE an tOmbudsman chun glacadh le gearáin faoi dhrochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail, seachas An Chúirt Bhreithiúnais agus An Chúirt Chéadchéime agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach. Dá réir sin, tá gearán lasmuigh den sainordú sna cásanna seo a leanas:

(i) i gcás nach mbaineann an gearán le hinstitiúid ná comhlacht an Chomhphobail;

(ii) i gcás go mbaineann sé leis an gCúirt Bhreithiúnais nó leis an gCúirt Chéadchéime agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach; nó

(iii) i gcás nach mbaineann sé le cás féideartha de dhrochriarachán.

Déantar tuilleadh plé ar gach ceann de na ceisteanna sin thíos.

## Institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail

Áirítear institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail i sainordú an Ombudsman Eorpaigh. Tá liosta de na hinstitiúidí le fáil in Airteagal 7 den Chonradh ach níl sainmhíniú ná liosta údarásach ar bith de chomhlachtaí an Chomhphobail. Áiríonn an téarma comhlachtaí bunaithe ag na Conarthaí, cosúil le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Banc Ceannais na hEorpa, mar aon le comhlachtaí bunaithe le reachtaíocht faoi na Conarthaí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí cosúil leis an nGníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha (Frontex).

Ní áirítear gearáin in aghaidh údaráis phoiblí na mBallstát i sainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le cúrsaí a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE. Mar sin féin, áirítear a lán gearán den chineál seo i sainordú na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnach laistigh de Líonra Eorpach na nOmbudsmen (féach tuilleadh i gcuid 3.6 anseo thíos).

**Ní áirítear gearáin in aghaidh údaráis phoiblí na mBallstát i sainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le cúrsaí a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE.**

### Gearáin nach gearáin i gcoinne institiúid ná chomhlacht an Chomhphobail iad

Rinne saoránach Ollannach gearán go raibh air táille mhíosúil EUR 14 a íoc chun airgead a aistriú óna chuntas bainc Francach chuig a chuntas bainc Ollannach trí mheán baincéireachta idirlín. Toisc go ndearnadh an gearán i gcoinne bainc Fhrancaigh, ní raibh sé i sainordú an Ombudsman Eorpaigh.

Chuir an tOmbudsman an gearánach ar an eolas faoi Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 a bhfuil mar aidhm aige deireadh a chur le difríochtaí praghais idir íocaíochtaí trasteorann agus náisiúnta. Sholáthair an tOmbudsman an nasc leis an gcuid de shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann leis an ábhar seo freisin. Ar deireadh, d'inis sé don ghearánach go bhféadfadh an gearánach machnamh a dhéanamh ar theagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gCoimisiún toisc go bhféadfadh sárú ar dhlí an Chomhphobail a bheith i gceist leis an gcás.

Cás faoi rún

Rinne gearánach teagmháil leis an Ombudsman Eorpach faoi fhadhbanna ar bhuail sé leo i ndáil lena chearta pinsin i Lichtinstéin. Bhí fadhbanna ann mar cé gur oibríodh sé i Lichtinstéin, bhíodh cónaí air san Ostair. Líomhnaigh sé go raibh rialtas Lichtinstéin ag sárú dhlí an Chomhphobail maidir le feidhmiú scéimeanna slándála sóisialta i ndáil le daoine fostaithe agus a dteaghlaigh a bhog timpeall laistigh den Chomhphobal.

Ó tharla nár bhain an gearán le hinstitiúid ná comhlacht de chuid an Chomhphobail, ní raibh an tOmbudsman i dteideal déileáil leis. Moladh don ghearánach gearán a chur faoi bhráid Údaráis Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa.

505/2008/TJ

Rinne gearánach teagmháil leis an Ombudsman ag áitiú gur cur amú airgid iad seisiúin iomlánacha Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg agus gur chóir stop a chur leo. Mhínigh an tOmbudsman gurb iad na Ballstáit go heisiach a dhéanann an cinneadh faoi cá háit a dtionólfar seisiúin iomlánacha. Dúirt sé go raibh seans ann go bhféadfadh Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa déileáil le gearán an ghearánaigh.

2759/2008/DH

## Na cúirteanna ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach

Ní fhéadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar i gcoinne na Cúirte Breithiúnais ná na Cúirte Céadchéime agus iad ag gníomhú dóibh ina gcáil bhreithiúnach. Cabhraíonn an cás seo a leanas leis an gcás seo a léiriú.

### Gearán i gcoinne na Cúirte Breithiúnais Eorpaí ag gníomhú di ina cáil bhreithiúnach

Rinne saoránach Gearmánach gearán leis an Ombudsman i ndáil le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais Eorpaí maidir le haisghairm an "liúntais d'úinéir tí" (*Eigenheimzulage*) sa Ghearmáin. Chinn an Chúirt Bhreithiúnas Eorpach go raibh an Ghearmáin ag sárú dhlí an Chomhphobail mar níor ghlac an Ghearmáin leis go bhféadfaí an liúntas sin a bhronnadh ar dhaoine atá faoi réir cánachais iomláin sa Ghearmáin ach a bhfuil cónaí orthu i mBall-stát eile. Chuir an gearánach in aghaidh an bhealaigh a raibh an breithiúnas sin á chur i bhfeidhm sa Ghearmáin.

De réir cosúlachta, bhí an gearánach ag maíomh go raibh sé mar chuid de thasc na Cúirte Breithiúnais Eorpaí bearta feidhmiúcháin a chuimsiú ina breithiúnas. Mar sin, bhain an gearán le gníomhaíocht breithiúnach na Cúirte Breithiúnais Eorpaí agus ní raibh sé i sain-ordú an Ombudsman.

Insíodh don ghearánach go bhféadfadh sé teagmháil a dhéanamh le Coiste Achainíocha Pharlaimint Chónaidhme na Gearmáine (*Bundestag*) nó go bhféadfadh sé gearán a chuir isteach leis an gCoimisiún Eorpach (a thug an gníomh i gcoinne na Gearmáine os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí).

376/2008/CD

## Drochriarachán

**Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith.**

Ba é dearcadh an Ombudsman Eorpaigh riamh anall gur coincheap leathan é drochriarachán agus go n-éilíonn dea-riarachán, i measc eile, comhlíonadh rialacha agus prionsabal dlíthiúil, lena n-áirítear cearta bunúsacha. Téann prionsabail an dea-riaracháin níos faide arís, áfach, mar ní amháin go gceanglaítear ar institiúidí agus ar chomhlachtaí a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, ceanglaítear orthu a n-aird a dhíriú ar sheirbhís a chur ar fáil agus a áirithiú go gcaitear mar is ceart leis an bpobal agus go mbaineann siad tairbhe iomlán as a gcearta. Dá réir sin, cé go mbíonn nasc ann de riachtanas idir neamhdhleathacht agus drochriarachán, ní ionann sin is a rá go mbíonn neamhdhleathacht i gceist le drochriarachán i gcónaí. Dá réir sin, má fhaigheann an tOmbudsman

go bhfuil drochriaracháin i gceist, ní gá go dtugann sin le fios go bhfuil iompar neamhdhleathach i gceist a d'fhéadfadh cúirt smachtbhannaí a chur i bhfeidhm mar gheall air[5].

I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa sainmhíniú soiléir ar dhrochriarachán a lorg, chuir an tOmbudsman an sainmhíniú seo a leanas ar fáil ina *Thuarascáil Bhliantúil 1997*:

*"Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith."*

Sa bhliain 1998, ghlac Parlaimint na hEorpa Rún ag fáiltiú roimh an sainmhíniú seo. Ba léir ó chomhfhreagras idir an tOmbudsman agus an Coimisiún i rith 1999 gur aontaigh an Coimisiún leis an sainmhíniú freisin.

Tá teorainneacha leis an gcoincheap de dhrochriarachán. Mar shampla, mheas an tOmbudsman i gcónaí nach n-eascraíonn cásanna féideartha drochriaracháin as obair pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa. Mar sin, ní áirítear gearáin i gcoinne cinntí Coistí Parlaiminte, cosúil leis an gCoiste Achainíocha, i sainordú an Ombudsman.

### Gearáin faoi obair pholaitiúil Pharlaimint na hEorpa

In 2008, rinne beirt Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa gearáin ar leithligh leis an Ombudsman i ndáil le pionóis a gearradh orthu i ndiaidh agóidí a tharla sa seisiún iomlánach le linn pháirtseisiún Pharlaimint na hEorpa i mí na Nollag 2007. Chuir na gearánaigh i gcoinne na nithe seo a leanas:

(i) na nósanna imeachta leagtha síos i Riail 147 (pionóis) agus Riail 148 (nós imeachta achomhairc inmheánach) de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte;

(ii) cur i bhfeidhm Riail 147 ar na himeachtaí a raibh na pionóis mar thoradh orthu. De réir na ngearánach, ní raibh na himeachtaí seo faoi réir raon feidhme Riail 147. Cháin siad iompar Uachtarán na Parlaiminte le linn an tseisiúin iomlánaigh i gceist freisin;

(iii) bailíocht na gcinntí déanta ag Biúró na Parlaiminte faoi achomhairc i gcoinne chinneadh an Uachtaráin pionóis a ghearradh orthu.

Mheas an tOmbudsman gur cuid d'obair pholaitiúil na Parlaiminte is ea glacadh a Rialacha Nós Imeachta agus stiúradh seisiún iomlánach. Lena chois sin, cé go ndéanann an Biúró roinnt cinntí ar cinntí de chineál riaracháin iad, feidhmíonn an Biúró mar orgán polaitiúil na Parlaiminte nuair a éisteann sé le hachomharc i gcoinne chinneadh an Uachtaráin pionós a ghearradh. Dá bhrí sin, níor bhain na gearáin le saincheist drochriaracháin a raibh an tOmbudsman in ann déileáil léi.

1156/2008/CHM agus 1176/2008/WP

Cuimsíonn an Chairt um Chearta Bunúsacha an ceart chun dea-riaracháin mar cheart bunúsach de shaoránacht an Aontais (Airteagal 41). Ní mór a aithint gur cuid lárnach de dhea-riarachán is ea cultúr seirbhíse a ghlacadh i ndáil le saoránaigh. Níor cheart é seo a mheascadh le cultúr de mhilleán, rud a spreagann cosantacht. (Sa chomhthéacs seo, is fiú a thabhairt faoi deara nach ionann fiosrúcháin an Ombudsman agus nós imeachta araíonachta ná réamh-araíonachta.)

**Ní mór a aithint gur cuid lárnach de dhea-riarachán is ea cultúr seirbhíse a ghlacadh i ndáil le saoránaigh.**

Ní amháin go n-áiríonn straitéis an Ombudsman chun cultúr seirbhíse a chur chun cinn tionscnaimh réamhghníomhacha éagsúla – áiríonn sé láimhseáil na ngearán freisin. Cuid ríthábhachtach de chultúr seirbhíse is ea an gá botúin a aithint nuair a tharlaíonn siad agus gach rud a chur ina cheart más féidir. Uaireanta, níl gá ach le leithscéal pras chun gearánach a shásamh, nó, ar a laghad, chun a áirithiú nach mbeidh ar an Ombudsman an institiúid i gceist a cháineadh go foirmiúil.

5. Féach, sa chomhthéacs seo, ar bhreithiúnais na Cúirte Céadchéime an 28 Deireadh Fómhair 2004 i gcásanna nasctha T-219/02 agus T-337/02, *Herrera v An Coimisiún*, mír 101, agus an 4 Deireadh Fómhair 2006 i gCás T-193/04 R, *Hans-Martin Tillack v An Coimisiún*, mír 128.

**Gabhann Europol a leithscéal i gcás a bhaineann le teacht ar cháipéisí**

Rinne iriseoir Danmhargach gearán leis an Ombudsman, ag cur i leith Europol nár chuir se a rialacha nua maidir le teacht ar cháipéisí i bhfeidhm ina chás. Ghabh Europol leithscéal as aon mhíchaoithiúlacht a raibh a mhainneachtain freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama fhorordaithe ina cúis léi, ag rá gur ghlac sé le freagracht iomlán as an moill. Lena chois sin, gheall sé go dtabharfaí freagra gan mhoill ar iarratais chuig Europol amach anseo.

111/2008/TS

**Déanann an tOmbudsman iarracht, más féidir, teacht ar "réiteach cairdiúil" a shásóidh an gearánach agus an institiúid nó comhlacht atá i gceist.**

I gcásanna níos casta ina léiríonn réamhthoradh an Ombudsman go bhfuil drochriarachán i gceist, déanann sé iarracht, más féidir, teacht ar "réiteach cairdiúil" a shásóidh an gearánach agus an institiúid nó comhlacht atá i gceist. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbíonn feidhm ag forálacha ábhartha an Reachta (Airteagal 3.5[6]) agus ag na Forálacha Feidhmiúcháin (Airteagal 6.1[7]) ach amháin más cosúil go bhfuil drochriarachán i gceist agus más cosúil go bhféadfaí é a dhíothú.

## An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin

Ar an 6 Meán Fómhair 2001, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa Cód um Dhea-Iompar Riaracháin nach mór d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, a gcórais riaracháin agus a n-oifigigh é a urramú le linn dóibh a bheith ag déileáil leis an bpobal. Áirítear sa Chód prionsabail dhlí riaracháin na hEorpa atá le fáil i gcásdlí chúirteanna na hEorpa agus tá sé bunaithe ar dhlíthe náisiúnta. Ina theannta sin, d'iarr an Pharlaimint ar an Ombudsman an Cód um Dhea-Iompar Riaracháin a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, áiríonn an tOmbudsman na rialacha agus na prionsabail atá le fáil sa Chód le linn dó scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus le linn dó fiosrúcháin fhéintionscanta a stiúradh.

Chuir an tOmbudsman fáilte mhór roimh an deimhniú tugtha ag Ceannairí Ghníomhaireachtaí an AE ag a gcruinniú i Liospóin ar an 24 Deireadh Fómhair 2008 go nglacann siad uile leis an gCód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin agus go ndéanfaidh siad machnamh ar an mbealach is fearr lena phoibliú (féach cuid 4.1 thíos).

# 2.4 Inghlacthacht agus cúiseanna na bhfiosrúchán

Sula bhféadfaidh an tOmbudsman fiosrúchán a oscailt, caithfidh gearán critéir inghlacthachta bhreise a chomhlíonadh. Tá na critéir seo leagtha amach sa Reacht agus sonraíonn siad na nithe seo a leanas:

1. caithfidh údar agus cuspóir an ghearáin a bheith aitheanta (Airteagal 2(3) den Reacht);
2. ní fhéadfaidh an tOmbudsman idiragairt a dhéanamh ar chásanna a bhíonn os comhair na gcúirteanna ná ní fhéadfaidh sé amhras a chaitheamh ar stuaim rialú cúirte (Airteagal 1(3) den Reacht);
3. caithfidh an gearán a bheith déanta laistigh de dhá bhliain ón dáta a dtugann an gearánach na fíricí ar a bhfuil sé bunaithe faoi deara (Airteagal 2(4) den Reacht);
4. caithfidh an cur chuige riaracháin cuí chuig na hinstitiúidí agus na comhlachtaí i dtrácht a bheith déanta roimh dhéanamh an ghearáin (Airteagal 2(4) den Reacht); agus

6. "A mhéid is féidir, lorgóidh an tOmbudsman réiteach leis an institiúid nó leis an gcomhlacht i dtrácht chun deireadh a chur leis an gcás drochriaracháin agus chun an gearán a shásamh."
7. "Má aimsíonn an tOmbudsman drochriarachán, comhoibreoidh sé a mhéid is féidir leis an institiúid i dtrácht chun réiteach cairdiúil a lorg chun deireadh a chur leis an drochriarachán agus chun an gearánach a shásamh."

5. ní dhéanfar gearáin a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach mura mbíonn na féidearthachtaí chun iarratais agus gearáin riaracháin inmheánaigh a chur isteach ídithe sula gcuirtear isteach an gearán (Airteagal 2(8) den Reacht).

### Cás ina ndearnadh gearán gan úsáid a bhaint as cur chuige riaracháin roimh ré

Rinne gearánach teagmháil leis an Ombudsman chun a thuairisciú go raibh rialuithe teorann rialta á ndéanamh ag na húdaráis Ollannacha ag teorainn na hÍsiltíre-na Gearmáine i Vetschau. Dúirt sé gur tharla na rialuithe sin le linn broidtrátha go rialta agus go raibh siad ina gcúis le brúnna tráchta. D'áitigh sé go raibh na rialuithe cothrom le neamhaird d'aon toisc a thabhairt do chomhaontuithe Schengen agus líomhnaigh sé go raibh easpa maoirseachta san Ísiltír i ndáil le cur i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin. Toisc gurb é an Coimisiún Eorpach an comhlacht atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chomhaontuithe Schengen, tuigeadh go raibh an gearán á dhéanamh i gcoinne an Choimisiúin.

Toisc nár cosúil go raibh teagmháil déanta ag an ngearánach leis an gCoimisiún roimh ré, measadh nach raibh an gearán inghlactha mar gheall ar an easpa úsáide bainte as cur chuige cuí riaracháin roimh ré. Insíodh don ghearánach go bhféadfadh sé gearán nua a chur faoi bhráid an Ombudsman i gcás nach dtabharfadh an Coimisiún freagra laistigh de thréimhse réasúnta ama nó i gcás nach dtabharfadh an Coimisiún freagra sásúil i ndiaidh teagmháil a bheith déanta leis.

817/2008/BEH

Forálann Airteagal 195 CE don Ombudsman "fiosrúcháin [a chur] i gcrích a bhfuil cúiseanna faighte aige chucu". Chun nach n-ardófar ionchais nach bhfuil bonn leo i measc gearánach agus chun an úsáid is fearr d'acmhainní a áirithiú, déantar staidéar cúramach ar na gearáin inghlactha uile chun a sheiceáil an bhfuil ionchas réasúnta ann go mbainfidh fiosrúchán toradh úsáideach amach. Mura bhfuil an t-ionchas sin ann, dúnann an tOmbudsman an cás mar nach bhfuil cúiseanna leordhóthanacha ann le fiosrúchán a dhéanamh. Is é tuairim an Ombudsman freisin, más rud é gur dhéileáil Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa le gearán cheana féin mar achainí, nach iondúil go mbíonn cúiseanna ar bith ann d'fhiosrúchán Ombudsman, ach amháin má thagann fianaise nua chun solais. Ní mór a thabhairt faoi deara gur measadh nach raibh cúiseanna le fiosrúcháin in 44 % de na cásanna inghlactha ar déileáladh leo in 2008.

**Chun nach n-ardófar ionchais nach bhfuil bonn leo i measc gearánach agus chun an úsáid is fearr d'acmhainní a áirithiú, déantar staidéar cúramach ar na gearáin inghlactha uile chun a sheiceáil an bhfuil ionchas réasúnta ann go mbainfidh fiosrúchán toradh úsáideach amach.**

### Gearán inar tharla sé nach raibh aon chúis ann le fiosrúchán a thosú

Rinne saoránach Gréagach gearán faoi iompar "doghlactha" duine a bhí ag obair do chuideachta slándála Ionadaíocht an Choimisiúin sa Ghréig. D'iarr sé ainm an fhostaí, agus d'iarr sé go ndéanfaí gach beart riachtanach chun a áirithiú go léireodh an fostaí sin iompar cuí sa todhchaí agus go gcuirfí in iúl go soiléir don fhostaí gur chruthaigh a chuid iompair imprisean an-diúltach de sheirbhísí an Choimisiúin.

Thug an Ionadaíocht freagra ar an ngearánach, ag gabháil leithscéil as iompar an fhostaí i gceist, ag rá go gcabhródh sé an gearánach lena iarratas bunaidh, agus ag cur in iúl go raibh súil aige nach n-athródh an teagmhas mí-ámharach mothúcháin an ghearánaigh i ndáil leis an AE. Chinn an tOmbudsman go raibh na bearta cuí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus nach raibh cúiseanna ann le fiosrúchán a oscailt.

87/2008/VAV

# 2.5 Nósanna imeachta an Ombudsman

Cláraítear agus eisítear admháil i ndáil leis na gearáin ar fad a sheoltar chuig an Ombudsman, laistigh de sheachtain go hiondúil. Úsáidtear an admháil chun an gearánach a chur ar an eolas faoin nós imeachta agus áirítear uimhir thagartha inti, mar aon le hainm agus uimhir theagmhála an duine atá ag déileáil leis an ngearán.

Déantar anailís ar an ngearán le cinneadh cibé ar chóir nó nár chóir tús a chur le fiosrúchán agus cuirtear torthaí na hanailíse in iúl don ghearánach, laistigh de mhí go hiondúil. Mura gcuirtear tús le fiosrúchán, cuirtear an chúis in iúl don ghearánach. Más féidir, aistrítear an gearán, nó tugtar comhairle chuí don ghearánach faoi chomhlacht inniúil óna bhféadfaí comhairle a lorg.

I rith fiosrúcháin, cuirtear an gearánach ar an eolas faoi gach céim nua a dhéantar. Nuair a chinneann an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh, cuireann sé torthaí an fhiosrúcháin agus a chonclúidí in iúl don ghearánach. Níl cinntí an Ombudsman ina gceangal dlí agus ní chruthaíonn siad cearta ná oibleagáidí atá infhorghníomhaithe le dlí don ghearánach, ná don institiúid ná comhlacht i gceist.

## Nósanna imeachta fiosrúcháin simplithe

Mar rogha eile ar fhiosrúchán scríofa a oscailt i ndáil le drochriarachán féideartha, agus le haidhm an fhadhb ábhartha a réiteach go gasta, úsáideann an tOmbudsman nósanna imeachta neamhfhoirmiúla, solúbtha, le comhaontú agus comhoibriú na hinstitiúide nó an chomhlachta i gceist.

I rith 2008, socraíodh 101 cás nuair a d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras nár freagraíodh (féach ar chuid 2.9 de *Thuarascáil Bhliantúil 1998* le teacht ar mhionsonraí an nóis imeachta). Úsáideadh nós imeachta simplithe sna cásanna seo a leanas freisin, atá i measc príomhchásanna na bliana seo:

### →→→ Réitíonn an Coimisiún díospóid ríomhphoist ar bhealach gasta, eiseamláireach

Rinne taighdeoir gearán leis an Ombudsman i ndiaidh díospóide ríomhphoist a bhí aige le hoifigeach de chuid an Choimisiúin. Bhain an díospóid le mian an taighdeora freagraí an oifigigh ar shraith ceisteanna criticiúla a chuir sé uirthi trí mheán ríomhphoist a chuimsiú i bhfoilseachán acadúil. Chuir oifigeach an Choimisiúin go láidir i gcoinne sin. I ndiaidh dó an gearán a scrúdú go cúramach, mheas an tOmbudsman go bhféadfadh sé a bheith indéanta teacht ar réiteach cairdiúil, neamhfhoirmiúil. Chuir an gearánach agus an Coimisiún araon in iúl go mbeadh siad toilteanach leas a bhaint as an bhféidearthacht sin.

Laistigh de mhí, chuir an gearánach in iúl don Ombudsman gur éirigh leo teacht ar réiteach sásúil tar éis don ghearánach freastal ar chruinniú sa Choimisiún. Dhún an tOmbudsman an cás mar chás a bhí socraithe ag an institiúid, agus mhol sé an Coimisiún as an mbealach gasta, eiseamláireach inar dhéileáil sé leis an gcás.

2672/2008/VL

### →→→ Faisnéis curtha ar fáil ag Clárlann na Cúirte Breithiúnais Eorpaí

Sheol saoránach Ostarach litir chuig an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach ag cur in iúl gur theastaigh uaithi an Ostair a agairt as sárú dhlí an Chomhphobail. Chuir Clárlann na Cúirte in iúl di nach raibh an Chúirt inniúil chun éisteacht le cásanna dá leithéid ach amháin i gcás gur thug an Coimisiún nó Ballstát os a comhair iad. Mhol sí di teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún. Rinne sí gearán leis an Ombudsman mar níor inis an Chlárlann di cén chuid den Choimisiún ar chóir di teagmháil a dhéanamh léi.

I ndiaidh do sheirbhísí an Ombudsman idirghabháil a dhéanamh ar ghuthán, sheol an Chlárlann litir chuig an ngearánach ina raibh faisnéis níos mionsonraithe. Lena chois sin, d'inis an Chlárlann don Ombudsman go raibh na tásca breise seo curtha lena litreacha caighdeánacha a bhain le cásanna cosúla.

2448/2008/WP

## Tús a chur le fiosrúchán

I gcás go socróidh an tOmbudsman fiosrúchán scríofa a oscailt, an chéad chéim ná an gearán a tharchur chuig an institiúid nó comhlacht i gceist agus iarraidh uirthi nó air tuairim a chur in iúl don Ombudsman, laistigh de thrí mhí féilire go hiondúil. In 2004, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach glacadh le tréimhse ama níos giorra, tréimhse dhá mhí, do ghearáin faoi dhiúltú rochtana ar cháipéisí.

## Nós imeachta cothrom

Ciallaíonn prionsabal an nóis imeachta chothroim nach bhféadfaidh cinneadh Ombudsman faoi ghearán ábhar a roghnóidh an gearánach nó an institiúid nó comhlacht Comhphobail a sholáthar don Ombudsman a chur san áireamh agus a chinneadh á dhéanamh, ach amháin más amhlaidh go raibh deis ag an bpáirtí eile breathnú ar an ábhar sin agus freagairt dó.

Dá réir sin, cuireann an tOmbudsman tuairim na hinstitiúide nó an chomhlachta Comhphobail in iúl don ghearánach mar aon le cuireadh tuairimí a chur in iúl. Baintear leas as an nós imeachta céanna más gá tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh faoin ngearán.

Ní dhéanann an Conradh ná an Reacht foráil d'achomharc ná do réitigh eile i gcoinne chinntí an Ombudsman maidir leis an mbealach a ndéileáiltear le gearáin nó maidir le toradh gearáin. Mar sin féin, mar aon le gach institiúid agus comhlacht Comhphobail eile, tá an tOmbudsman faoi réir caingean chun damáistí a ghnóthú bunaithe ar Airteagal 288 de Chonradh an CE. I bprionsabal, tá sé indéanta a leithéid de chaingean a thabhairt i gcúirteanna an Chomhphobail bunaithe ar mhíláimhseáil líomhnaithe gearáin ag an Ombudsman[8].

## Scrúdú na gcomhad agus éisteacht le finnéithe

De réir Airteagal 3(2) de Reacht an Ombudsman ceanglaítear ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Chomhphobail aon fhaisnéis a éilíonn an tOmbudsman uathu a thabhairt dó, mar aon le teacht ar na comhaid i gceist. I ndiaidh leasú 2008 ar an Reacht, ní fhéadfaidh institiúidí agus comhlachtaí diúltú cáipéisí a nochtadh ar "cúiseanna rúndachta le bunús iomchuí".

Cuireann cumhacht an Ombudsman chun comhaid a scrúdú ar a chumas iomláine agus cruinneas na faisnéise curtha ar fáil ag an institiúid nó comhlacht Comhphobail i dtrácht a fhíorú. Dá réir sin, dearbhaíonn sé don ghearánach agus don phobal gur féidir leis an Ombudsman imscrúdú críochnúil agus iomlán a dhéanamh. I rith 2008, baineadh úsáid as cumhacht an Ombudsman chun comhaid na hinstitiúide a scrúdú in 16 chás.

Chomh maith leis sin, de réir Airteagal 3(2) den Reacht caithfidh oifigigh agus seirbhísigh eile ó institiúidí agus ó chomhlachtaí Comhphobail fianaise a thabhairt ar iarratas ón Ombudsman. Arís, i ndiaidh leasú 2008, ní cheanglaítear ar oifigigh an AE a thugann fianaise don Ombudsman labhairt "thar ceann a riarachán agus de réir treoracha uathu" níos mó. Bíonn siad fós faoi réir rialacha

**8.** Féach, mar shampla, ar Chás T-412/05 *M v Ombudsman*, Breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2008, nach bhfuil tuairiscithe fós (amach anseo, tagrófar dó mar "ntf" air).

ábhartha na Rialachán Foirne, áfach, go háirithe a ndualgas maidir le rúndacht ghairmiúil. Níor úsáideadh cumhacht an Ombudsman chun éisteacht le finnéithe in 2008.

Rinne an leasú ar an Reacht an ceanglas ar an Ombudsman rúndacht cáipéisí agus faisnéise a choinneáil a shoiléiriú agus a threisiú. Déanann an Reacht leasaithe foráil go mbeidh teacht an Ombudsman ar fhaisnéis nó ar cháipéisí rúnda, go háirithe ar cháipéisí leochaileacha laistigh de bhrí Airteagal 9 de Rialachán 1049/2001[9], faoi réir chomhlíonadh na rialacha maidir le slándáil na hinstitiúide nó an chomhlachta Comhphobail i gceist. Cuirfidh na hinstitiúidí nó comhlachtaí a sholáthróidh faisnéis nó cáipéisí rúnda dá leithéid an tOmbudsman ar an eolas faoin rangú sin. Lena chois sin, déanfaidh an tOmbudsman na coinníollacha i gceist maidir le láimhseáil faisnéise nó cáipéisí rúnda agus láimhseáil faisnéise breise cumhdaithe ag dualgas na rúndachta gairmiúla a chomhaontú leis an institiúid nó leis an gcomhlacht i dtrácht roimh ré.

## ■ Nós imeachta oscailte

Déileáiltear le gearáin a chuirtear chuig an Ombudsman go poiblí ach amháin má chuireann an gearánach in iúl gur mian leis/léi go ndéileálfaí leis an gcás faoi rún.

Forálann Airteagal 13 de na Forálacha Feidhmiúcháin go mbeidh teacht ag an ngearánach ar chomhad an Ombudsman faoin ngearán a rinne sé nó sí. Déanann Airteagal 14 foráil um theacht poiblí ar cháipéisí i seilbh an Ombudsman. Cuimsíonn Cinneadh an Ombudsman an 3 Nollaig 2008, lena leasaítear na Forálacha Feidhmiúcháin dá dtagraítear i gcuid 2.2 thuas, athruithe ar Airteagal 13 agus ar Airteagal 14 atá deartha chun cleachtais an Ombudsman a ailíniú leis na réaltachtaí nua arna gcruthú ag leasú a Reachta.

**9.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle den 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

# Gearáin agus Fiosrúcháin

IG CAIBIDIL 3, tugtar forbhreathnú ar na gearáin agus fiosrúcháin ar déileáladh leo in 2008. Tosaíonn sé le heolas faoi ghearáin a scrúdaíodh. Ansin tugann sé forbhreathnú ar an obair ar fhiosrúcháin, lena n-áirítear na torthaí a baineadh amach agus eiseamláirí de chásanna. Tá cuid a bhaineann le príomhchásanna aitheanta ag an Ombudsman ansin agus ina diaidh tá anailís théamach a chumhdaíonn na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman in 2008. Ag deireadh na Caibidle seo, féachtar ar an obair leantach a rinneadh i ndáil le cásanna lasmuigh de shainordú an Ombudsman.

## 3.1 Forbhreathnú ar na gearáin a scrúdaíodh

Chláraigh[1] an tOmbudsman 3 406 gearán in 2008, i gcomparáid le 3 211 in 2007. Próiseáladh[2] 3 346 gearán san iomlán, i gcomparáid le 3 265 in 2007. Maidir leis na gearáin uile a próiseáladh, fuarthas go raibh 24 % díobh (802 gearán) i sainordú an Ombudsman Eorpaigh.

Osclaíodh 293 fiosrúchán ar bhonn gearán, agus seoladh trí fhiosrúchán sa bhreis ar thionscnamh an Ombudsman féin (féadtar sin a chur i gcomparáid le 303 agus sé, faoi seach, sa bhliain 2007).

### Tábla 3.1: Cásanna ar déileáladh leo i rith 2008

| | |
|---|---|
| **Gearáin chláraithe** | **3 406** |
| **Gearáin phróiseáilte** | **3 346** |
| **Gearáin i sainordú an Ombudsman Eorpaigh** | **802** |
| Astu sin: | **281** doghlactha<br>**228** inghlactha ach gan cúis le fiosrúchán a oscailt<br>**293** fiosrúchán oscailte ar bhonn gearán |
| **Fiosrúcháin oscailte ar bhonn gearán** | **293** |
| **Fiosrúcháin oscailte ar a thionscnamh féin** | **3** |
| **Fiosrúcháin dúnta** | **355** |
| Astu sin: | **144** ó 2008<br>**102** ó 2007<br>**109** ó bhlianta roimhe sin |


**1.** Ón mbliain seo i leith, úsáidfidh Tuarascáil Bhliantúil an Ombudsman Eorpaigh an chatagóir staitistiúil “gearáin chláraithe” in ionad na catagóire “gearáin faighte”, chun idirdhealú a dhéanamh idir gearáin a chláraítear i mbliain féilire ar leith agus gearáin a fhaightear le linn na tréimhse céanna ach a chláraítear sa bhliain dar gcionn.

**2.** Ciallaíonn an chatagóir staitistiúil “próiseáilte” gur tugadh chun críche an anailís atá dírithe ar a fháil amach (i) an bhfuil an gearán laistigh de shainordú an Ombudsman, (ii) an gcomhlíonann sé na critéir inghlacthachta, agus (iii) an bhfuil cúis ann le fiosrúchán a oscailt. Mar gheall ar an méid ama a thógann an anailís seo, bíonn líon na ngearán “próiseáilte” in aon bhliain ar leith éagsúil ó líon na ngearán “faighte” sa bhliain chéanna.

In 2008, dhún an tOmbudsman an líon is airde fiosrúchán a dúnadh riamh in aon bhliain amháin (355) (i gcomparáid le 351 in 2007). Astu sin, cláraíodh 144 in 2008, agus bhain 102 le 2007 agus 109 le blianta roimhe sin.


Mar a léiríonn Fíor 3.1[3], chuaigh líon na ngearán i sainordú an Ombudsman le cúig bliana anuas ón líon is ísle de 603 in 2003 suas go dtí 802 in 2008. Bhí an leibhéal is airde cásanna in 2004, le 930 cás, agus bhí an dara leibhéal is airde cásanna de 870 in 2007.

### Fíor 3.1: Lion na ngearán laistigh den sainordú 2003-2008




Mar a léiríonn Fíor 3.2[4], tháinig méadú ar líon na ngearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman in 2008 go dtí 2 544 i gcomparáid le 2 401 in 2007. Tá sé fós faoi bhun na leibhéal ard de 2 729, 2 673, agus 2 768 i gceist in 2004, 2005 agus 2006 faoi seach.

### Fíor 3.2: Lion na ngearán lasmuigh den sainordú 2003-2008




Tríd is tríd, dearbhaíonn líon na ngearán in 2008 an treocht ghinearálta atá ann de líon cobhsaí gearán atá thart ar na líonta arda stairiúla gearán a rinneadh i ndiaidh mhéadú an Aontais in 2004.

**3.** Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain 335 gearán sa bhliain 2005 a bhí i sainordú an Ombudsman leis an ábhar céanna. Chun go bhféadfaí comparáid níos cruinne a dhéanamh idir na blianta, níor comhairíodh ach an chéad aon ghearán déag dá leithéid mar ghearáin ar leithligh i bhFíor 3.1.

**4.** Ba chóir a thabhairt faoi deara gur bhain 281 gearán sa bhliain 2006 a bhí lasmuigh de shainordú an Ombudsman leis an ábhar céanna. Chun go bhféadfaí comparáid níos cruinne a dhéanamh idir na blianta, níor comhairíodh ach an chéad aon ghearán déag dá leithéid mar ghearáin ar leithligh i bhFíor 3.2.

Tugann Tábla 3.2 forbhreathnú ar bhunús tíreolaíoch na ngearán a cláraíodh in 2008. Rinne an Ghearmáin, tír an AE leis an daonra is mó, an líon is airde gearán, agus ina diaidh bhí an Spáinn, an Phortaingéil, agus an Fhrainc. Mar sin féin, i gcoibhneas le méid a ndaonraí, tháinig an líon is mó gearán ó Mhálta, ó Lucsamburg, ón gCipir, agus ón mBeilg.

## Tábla 3.2: Bunús tíreolaíoch na ngearán cláraithe in 2008


| Tír | Líon na nGearán | % na nGearán | % de Dhaonra an AE | Cóimheas |
|---|---|---|---|---|
| **Málta** | 36 | 1.1 | 0.1 | 11.0 |
| **Lucsamburg** | 33 | 1.0 | 0.1 | 10.0 |
| **An Chipir** | 35 | 1.0 | 0.2 | 5.0 |
| **An Bheilg** | 229 | 6.7 | 2.1 | 3.2 |
| **An tSlóivéin** | 41 | 1.2 | 0.4 | 3.0 |
| **An Ostair** | 108 | 3.2 | 1.7 | 1.9 |
| **Éire** | 45 | 1.3 | 0.9 | 1.4 |
| **An Ghréig** | 110 | 3.2 | 2.3 | 1.4 |
| **An Bhulgáir** | 74 | 2.2 | 1.6 | 1.4 |
| **An Phortaingéil** | 95 | 2.8 | 2.1 | 1.3 |
| **An Fhionlainn** | 49 | 1.4 | 1.1 | 1.3 |
| **An Spáinn** | 352 | 10.3 | 9.0 | 1.1 |
| **An Pholainn** | 270 | 7.9 | 7.7 | 1.0 |
| **An Laitvia** | 18 | 0.5 | 0.5 | 1.0 |
| **An Ghearmáin** | 546 | 16.0 | 16.6 | 1.0 |
| **Poblacht na Seice** | 66 | 1.9 | 2.1 | 0.9 |
| **An tSualainn** | 52 | 1.5 | 1.8 | 0.8 |
| **An tSlóvaic** | 29 | 0.9 | 1.1 | 0.8 |
| **An Ungáir** | 46 | 1.4 | 2.0 | 0.7 |
| **An Ísiltír** | 78 | 2.3 | 3.3 | 0.7 |
| **An Eastóin** | 7 | 0.2 | 0.3 | 0.7 |
| **An Danmhairg** | 23 | 0.7 | 1.1 | 0.6 |
| **An Rómáin** | 97 | 2.8 | 4.4 | 0.6 |
| **An Fhrainc** | 240 | 7.0 | 12.8 | 0.5 |
| **An Iodáil** | 219 | 6.4 | 11.9 | 0.5 |
| **An Ríocht Aontaithe** | 197 | 5.8 | 12.3 | 0.5 |
| **An Liotuáin** | 11 | 0.3 | 0.7 | 0.4 |
| **Tíortha Eile** | 221 | 6.5 | | |
| **Ní fios** | 79 | 2.3 | | |

NÓTA Ríomhadh cóimheas na ngearán trí chéatadán na ngearán iomlán a fuarthas ó gach Ballstát a roinnt ar a chéatadán de dhaonra iomlán an AE. Sa chás gur mó an figiúr seo ná 1.0, léiríonn sin gur chuir an tír i gceist níos mó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a daonra. Rinneadh na céatadáin uile sa tábla a shlánú go dtí ionad amháin de dheachúlacha.

In 2008, chuir 12 Bhallstát níos mó gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid a daonra, chuir 12 thír níos lú gearán isteach ná mar a bheifí ag súil leis, agus chuir trí thír líon gearán isteach a léirigh méid a ndaonraí.

Sa léarscáil thíos, tá léiriú grafach ar cé chomh dóchúil is atá sé go ndéanfaidh daoine i ngach Ballstát gearán leis an Ombudsman Eorpach. Tá sé bunaithe ar líon na ngearán a fuarthas ó gach Ballstát i gcoibhneas le méid a dhaonra (féach an míniú réamhluaite faoi conas a ríomhadh an cóimheas).

## Bunús tíreolaíoch na ngearán cláraithe in 2008




Féadtar gearáin a chur chuig an Ombudsman Eorpach in aon cheann de 23 teanga Conartha an AE[5]. I ndiaidh comhaontaithe sínithe i mí na Samhna 2006 idir an tOmbudsman Eorpach agus rialtas na Spáinne, féadann saoránaigh gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach in aon cheann de na teangacha comh-oifigiúla sa Spáinn (Catalóinis/Vaileinsis, Gailísis agus Bascais)[6]. Mar a léiríonn Fíor 3.3, in 2008 roghnaigh formhór na ngearánach a ngearán a chur faoi bhráid an


**Féadtar gearáin a chur chuig an Ombudsman Eorpach in aon cheann de 23 teanga Conartha an AE.**

**5.** Bulgáiris, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis, agus Sualainnis.

**6.** Tríd an gcomhaontú seo a shíniú, d'ailínigh an tOmbudsman a chuid cleachtais le conclúidí Chomhairle an AE ó mhí an Mheithimh 2005 a rinne foráil d'úsáid na dteangacha seo chun cumarsáid shaoránaigh na Spáinne le hinstitiúidí an AE a éascú.


Ombudsman i mBéarla, agus ansin i nGearmáinis, Fraincis agus Spáinnis. Cuireadh líon srianta gearán faoina bhráid i Laitvis, Máltais, Catalóinis agus Eastóinis.

## Fíor 3.3: Dáileadh teanga na ngearán




Mar a léiríonn Fíor 3.4, i mbeagnach 80 % de na cásanna cláraithe, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí thús a chur le fiosrúchán ar an gcás (9 % de na cásanna), trína aistriú go comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt dóibh faoi cá háit le dul (70 %). I gCuid 3.6 thíos, tugtar forbhreathnú ar na cásanna a aistríodh nó inar cuireadh comhairle ar an ngearánach. I 21 % de na cásanna ar déileáladh leo in 2008, seoladh freagra chuig an ngearánach ach mheas an tOmbudsman nach bhféadfaí aon ghníomh breise a dhéanamh. I roinnt cásanna, tharla sin toisc nár aithin an gearánach cén duine nó cén rud ar mhian leis/léi gearán a dhéanamh faoi.

## Fíor 3.4: Cineál an ghnímh déanta ag an Ombudsman Eorpach i ndiaidh gearáin a fháil





NÓTA Cuimsíonn seo 158 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2007 agus a próiseáladh in 2008, agus eisiann sé 220 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2008, a bhí á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana chun a chinneadh cén gníomh ar chóir a chur i gcrích.

## 3.2 Anailís ar na fiosrúcháin a osclaíodh[7]

Rinneadh anailís bhreise ar na gearáin uile a measadh go raibh siad i sainordú an Ombudsman chun a dheimhniú go raibh siad inghlactha. Maidir leis na 802 gearán a bhí laistigh den sainordú, fuarthas nach raibh 281 inghlactha, agus i gcás 228 cás sa bhreis a bhí inghlactha, fuair an tOmbudsman nach raibh aon chúis ann le fiosrúchán a oscailt.


### Fíor 3.5: Gearáin i sainordú an Ombudsman Eorpaigh




Osclaíodh 293 fiosrúchán nua i rith na bliana bunaithe ar ghearáin. Chuir an tOmbudsman tús le trí fhiosrúchán ar a thionscnamh féin freisin.

Mar a léiríonn Fíor 3.6, bhí líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2008 (296) beagán níos ísle ná líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2007 (309), 2005 (343), agus 2004 (351), ach níos airde ná líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2006 (267), agus 2003 (253). Déanfar anailís ar na fiosrúcháin a dúnadh i gcuid 3.3 thíos.

### Fíor 3.6: Forbairtí i líon na bhfiosrúchán




7. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an anailís sa chuid seo bunaithe ar líon na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2008, seachas — mar a tharla i mblianta roimhe seo — ar líon na bhfiosrúchán ar déileáladh leo le linn na bliana (i.e. le cásanna a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin san áireamh). Ba chóir don mhodh nua seo a úsáidtear chun staidreamh a ríomh treochtaí bliana ar bhliain a thaispeáint ar bhealach níos fearr.


Tháinig 74 % de na gearáin a tosaíodh fiosrúcháin mar gheall orthu ó shaoránaigh aonair, agus tháinig 26 % ó chuideachtaí agus ó chumainn.

### Tábla 3.3: Foinse na ngearán a osclaíodh fiosrúcháin mar gheall orthu

| | |
|---|---|
| **Cuideachtaí agus cumainn** | **26 % (75)** |
| **Saoránaigh aonair** | **74 % (218)** |

Bhain formhór na bhfiosrúchán a d'oscail an tOmbudsman in 2008 leis an gCoimisiún Eorpach (66 %). Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomh-institiúid de chuid an Chomhphobail a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, tá sé loighciúil go mbainfidh formhór na ngearán a dhéanfaidh saoránaigh leis. Bhí gearáin na ngearánach dírithe ar riarachán Pharlaimint na hEorpa (10 %), ar an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (7 %), ar an gComhairle (3 %), agus ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, OLAF (2 %) freisin[8]. Bhain 37 fiosrúchán sa bhreis orthu sin le fiche institiúid agus comhlacht eile de chuid an AE[9].

### Fíor 3.7: Institiúidí agus comhlachtaí ar bhain fiosrúcháin leo




NÓTA I gcás amháin bhain an fiosrúchán céanna le dhá institiúid. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100 %.


Ba iad na príomhchineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh i bhfiosrúcháin a osclaíodh in 2008 easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú faisnéis a thabhairt (36 % de na fiosrúcháin), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (20 %), nósanna imeachta míshásúla (9 %), faillí (8 %), moill inseachanta (8 %), earráid dlí (7 %), idirdhealú (5 %), agus teip a áirithiú gur comhlíonadh dual-

**8.** I dtéarmaí imscrúduithe féideartha OLAF a bhainfeadh leis an Ombudsman, ba chóir a thabhairt faoi deara gur ghlac an tOmbudsman leis an gComhaontú Idir-Institiúideach an 25 Bealtaine 1999 i ndáil le himscrúduithe inmheánacha ag OLAF ar an 2 Meitheamh 2008. Ar an lá céanna, ghlac an tOmbudsman cinneadh faoi théarmaí agus coinníollacha d'imscrúduithe inmheánacha maidir le cosc a chur ar chalaois, ar chaimiléireacht agus ar aon ghníomhaíocht neamhdhleathach a dhéanfadh dochar do leasanna an Ombudsman.

**9.** An Banc Ceannais Eorpach (4 fhiosrúchán), An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (4), Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (3), Coiste Réigiún an Aontais Eorpaigh (3), Europol (3), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Oideachais, Closamhairc agus Cultúir (3), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (2), an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an AE (2), Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (2), an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (1), an Banc Eorpach Infheistíochta (1), Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na gComhphobal Eorpach (1), Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (1), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (1), an Ghníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (1), an tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (1), Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhairle Taighde na hEorpa (1), an Comhghnóthas Eorpach i gcomhair ITER agus Fuinneamh Comhleá a Fhorbairt (1), an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Iomaíochas agus Nuálaíocht (1), Gníomhaireacht Soláthair Euratom (1).

gais, is é sin, gur theip ar an gCoimisiún a ról mar “caomhnóir an Chonartha” a chomhlíonadh i ndáil leis na mBallstáit (5 %).

### Fíor 3.8: Cineálacha drochriaracháin a líomhnaíodh




NÓTA I roinnt cásanna, dúnadh fiosrúcháin ar dhá chúis nó níos mó. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100 %.

## 3.3 Torthaí fhiosrúcháin an Ombudsman

Mar a léiríonn Fíor 3.6 thuas, dhún an tOmbudsman an líon is airde cásanna a dúnadh riamh laistigh de bhliain (355) in 2008. Tá an figiúr seo beagnach dhá uair chomh mór le líon na gcásanna a dúnadh in 2003. Maidir leis na cásanna sin, bhain 352 le gearáin agus bhain trí cinn le fiosrúcháin déanta ag an Ombudsman ar a thionscnamh féin.

Dúnadh formhór na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman in 2008 laistigh de bhliain amháin (52 %). Dúnadh níos mó ná aon trian díobh (36 %) laistigh de thrí mhí. Chuimsigh sin cásanna a raibh an tOmbudsman in ann iad a réiteach go han-ghasta, mar shampla, trí ghlaoch gutháin a chur ar an institiúid i dtrácht chun réiteach a mholadh[10] (féach cuid 2.5 thuas). Dúnadh beagnach 70 % de na fiosrúcháin laistigh de 18 mí, agus thóg sé tréimhse níos faide na cásanna eile a dhúnadh mar gheall ar a gcastacht nó moilleanna. Ar an meán, thóg sé 13 mhí le cás a dhúnadh.

**Dhún an tOmbudsman an líon is airde cásanna riamh (355) in 2008. Dúnadh formhór na bhfiosrúchán a dhún an tOmbudsman in 2008 laistigh de bhliain amháin (52 %).**

In 2009, tá sé d’aidhm ag an Ombudsman feabhas breise a chur ar fheidhmíocht na hinstitiúide tríd an méid ama a thógtar le cásanna a dhúnadh a laghdú arís. Ní mór a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, go bhfuil an obair bhreise a bhí mar thoradh ar an ardú suntasach i líon na ngearán ó 2004 i leith críochnaithe anois.

10. Cuimsíonn sé cásanna freisin ina mbeadh fiosrúchán iomlán déanta ag an Ombudsman ach gur tharraing an gearánach an gearán siar, agus cásanna inar cuireadh cosc ar an Ombudsman leanúint ar aghaidh lena fhiosrúchán mar rinne an gearánach cinneadh a ghearán a thabhairt os comhair Cúirte.


### Tábla 3.4: Cásanna a dúnadh i ndiaidh fiosrúchán in 2008

| | |
|---|---|
| **Meánfhad an fhiosrúcháin** | **13 mhí** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 3 mhí** | **36 %** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 12 mhí** | **52 %** |
| **Cásanna dúnta laistigh de 18 mí** | **68 %** |

NÓTA Tá na figiúirí seo bunaithe ar mhí ina bhfuil 30 lá. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go léiríonn na céatadáin figiúirí carnacha.

Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.9, baineadh toradh dearfach amach don ghearánach go héasca i 129 cás a dúnadh in 2008 (36 % den iomlán). Shocraigh an institiúid na cásanna seo nó aontaíodh réitigh chairdiúla. Féadtar sin a chur i gcomparáid leis an bhfigiúr de 134 cás in 2007. I 101 cás eile, soiléiríodh an t-ábhar ionas nach raibh gá le fiosrúcháin bhreise, agus i 110 cás, fuair an tOmbudsman nár tharla aon drochriarachán. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 53 cás, ach in ainneoin sin bhí sé in ann toradh dearfach a bhaint amach don ghearánach in ocht gcinn de na cásanna dá leithéid toisc gur glacadh leis an dréachtmholadh a rinne sé don institiúid i gceist (féach Fíor 3.10). Tá mionsonraí breise a bhaineann leis na torthaí seo ar fáil thíos[11].

### Fíor 3.9: Torthaí na bhfiosrúchán a dúnadh




NÓTA I roinnt cásanna, dúnadh fiosrúcháin ar dhá chúis nó níos mó. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100%.

## Gan aon drochriarachán

In 2008, dúnadh 110 cás inar aimsíodh nach raibh drochriarachán i gceist. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach; ar a laghad, baineann sé nó sí tairbhe as míniú iomlán a fháil ón institiúid nó ón gcomhlacht i gceist faoina bhfuil déanta aici nó aige, agus faigheann sé nó sí anailís neamhspleách an Ombudsman ar an gcás. Ag an tráth céanna, cuireann toradh dá leithéid fianaise inláimhsithe ar fáil gur ghníomhaigh an institiúid nó an comhlacht i gceist i gcomhréir le prionsabail an dea-riaracháin.

#### Neamhrialtachtaí i gcomórtas dearaidh d'ailtirí san Ostair

Rinne ailtire Ostarach gearán leis an Ombudsman faoin mbealach ar dhéileáil an Coimisiún lena ghearán faoi shárú. Ina ghearán chuig an gCoimisiún, líomhnaigh an t-ailtire gur sháraigh an Ostair dlí an Chomhphobail maidir le bronnadh conarthaí seirbhíse poiblí

11. Tá an anailís seo a leanas bunaithe ar fhiosrúcháin a dúnadh i rith 2008. I gcás gur bhain an fiosrúchán le níos mó ná líomhain nó éileamh amháin, d'fhéadfadh níos mó ná toradh amháin a bheith faighte ag an Ombudsman.

i roinnt comórtas dearaidh d'ailtirí. Cé gur dhearbhaigh an Coimisiún gur sáraíodh dlí an Chomhphobail, shocraigh sé gan aon bhearta eile a dhéanamh, ag déanamh tagartha d'athrú ar dhlí soláthair na hOstaire a d'áiritheodh, i dtuairim an Choimisiún, nach dtiocfadh cásanna cosúil leis an gceann sin chun cinn arís. Thuig an tOmbudsman díomá an ghearánaigh maidir le cinneadh an Choimisiúin gan bearta breise a chur i ngníomh tar éis beagnach cúig bliana a chaitheamh ag déileáil leis an gcás. Mar sin féin, thug sé chun aire go mbíonn sé de rogha ag an gCoimisiún ábhar a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó gan ábhar a thabhairt os comhair na gcúirteanna de réir cásdlí bhunaithe. Fuair sé go raibh bonn cirt cruthúil le cinneadh an Choimisiúin agus dhún sé an cás agus í mar bhreith aige nach raibh drochriarachán i gceist.

3570/2005/WP

## Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh chairdiúla

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon. Tá comhoibriú institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail riachtanach chun torthaí den chineál sin a bhaint amach, ar torthaí iad a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh, agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint.

**Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a ndearnadh an gearán fúithi araon.**

I rith 2008, shocraigh an institiúid nó an comhlacht féin 125 cás i ndiaidh gearán a bheith déanta leis an Ombudsman[12].

### Socrú díospóide i ndáil le híocaíocht idir institiúid taighde agus an Coimisiún

In 2004, shínigh institiúid taighde Ollannach comhaontú deontais leis an gCoimisiún i ndáil le tionscadal taighde ar fhliú daonnúil. I mí na Nollag 2006, rinne an institiúid teagmháil leis an Ombudsman, ag cur i leith an Choimisiúin nach raibh tráthchuid de EUR 288 000 íoctha aige fós. D'áitigh an Coimisiún nár íoc sé an tráthchuid toisc nár sholáthair an institiúid tábla buiséid leordhóthanach don tionscadal. Scrúdaigh an tOmbudsman na comhaid ábhartha agus thug sé faoi deara go raibh na mínithe riachtanacha seolta ag an gCoimisiún chuig an institiúid idir an dá linn, chun cur ar chumas na hinstitiúide tábla buiséid dá leithéid a chur isteach. I ndiaidh sin, d'fhógair an Coimisiún go mbainfeadh sé an bac a bhí ar an íocaíocht deiridh. Mhol an tOmbudsman an Coimisiún as na hiarrachtaí a rinne sé cabhrú leis an institiúid, ag cur in iúl gur mheas sé gur eiseamláir de dhea-riarachán é déileáil le gearánach ar an mbealach sin.

3794/2006/FOR

Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go raibh drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil a mhéid is féidir. Dúnadh ceithre chás i rith na bliana i ndiaidh teacht ar réiteach cairdiúil. Ag deireadh 2008, bhí 25 togra do réitigh chairdiúla á meas go fóill.

**Má léiríonn réamhthoradh ar fhiosrúchán go raibh drochriarachán i gceist, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach cairdiúil a mhéid is féidir.**

12. Mar a míníodh i gCaibidil 2, i 101 de na cásanna seo d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras gan freagra.

### Déanann an tOmbudsman réiteach cairdiúil leis an gCoimisiún i ndáil le cás a bhaineann le cúnamh stáit Iodálach

I 1993, chuir cuideachta loingseoireachta Iodálach gearán isteach leis an gCoimisiún i ndáil le scéim cúnaimh Shairdíneach do chuideachtaí loingseoireachta. De réir an ghearánaigh, rinne an scéim cúnaimh leatrom ar chuideachtaí bunaithe sa tSairdín le príomhoifigí in áiteanna eile. I 1997, chinn an Coimisiún gurb ionann an scéim cúnaimh agus státchabhair neamhdhleathach agus mar sin nach raibh sí comhoiriúnach leis an gcómhargadh. In 2000, rinne an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach cinneadh an Choimisiúin a neamhniú ar chúiseanna ghnásúla. Mar sin féin, níor ghlac an Coimisiún cinneadh nua. Chuir an chuideachta Iodálach gearán isteach leis an Ombudsman. Mheas an tOmbudsman gur drochriarachán a bhí i gceist leis an moill fhada agus mhol sé réiteach cairdiúil. I mí na Nollag 2007, chuir an gearánach in iúl don Ombudsman go raibh cinneadh nua glactha ag an gCoimisiún.

2713/2006/IP (Faoi rún)

I gcásanna áirithe, féadfar an gearán a shocrú nó féadfar teacht ar réiteach cairdiúil má thairgeann an institiúid nó an comhlacht i gceist cúiteamh don ghearánach. Déantar aon tairiscint den chineál sin *ex gratia*, is é sin, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

**I gcásanna áirithe, féadfar an gearán a shocrú nó féadfar teacht ar réiteach cairdiúil má thairgeann an institiúid nó an comhlacht i gceist cúiteamh don ghearánach.**

### Íocann an Chomhairle cúiteamh mar aitheantas ar mhíchaoithiúlacht a chruthaigh sí


D'aontaigh an Chomhairle íocaíocht *ex gratia* de EUR 1 000 a dhéanamh mar aitheantas ar an míchaoithiúlacht agus an strus a bhí i gceist don ghearánach. Ar dtús, thairg an Chomhairle conradh aon bhliana don ghearánach agus d'athraigh sí na téarmaí nuair a thug sí faoi deara go sroichfeadh an gearánach aois 65 le linn na tréimhse sin. Mar sin féin, níor aimsigh an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist maidir le líomhain an ghearánaigh d'idirdhealú aoise.

1162/2007/FOR (Faoi rún)

## Aimsíodh drochriarachán

Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist i 15 % de na cásanna a dúnadh in 2008. I 44 de na cásanna sin, dúnadh an cás le ráiteas criticiúil don institiúid nó don chomhlacht i dtrácht (55 cás in 2007). Dúnadh ocht gcás nuair a ghlac an institiúid i dtrácht le dréachtmholadh déanta ag an Ombudsman. I gcás amháin inar dhiúltaigh an Coimisiún glacadh le dréachtmholadh, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Déantar anailís níos mionsonraithe ar na torthaí sin anseo thíos.

### Fíor 3.10: Fiosrúcháin ina bhfuarthas drochriarachán



## Ráitis chriticiúla

Murar féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid nó comhlacht i gceist nó déantar dréachtmholadh. Is iondúil go ndéantar ráiteas criticiúil (i) nuair nach féidir leis an institiúid i gceist an cás drochriaracháin a dhíchur, (ii) nuair is cosúil nach mbaineann impleachtaí ginearálta ar bith leis an drochriarachán, agus (iii) nuair nach léir gur gá don Ombudsman gníomh leantach ar bith a dhéanamh. Lena chois sin, déantar ráiteas criticiúil má mheasann an tOmbudsman nach mbainfeadh dréachtmholadh cuspóir úsáideach amach nó i gcásanna ina ndiúltaíonn an institiúid nó comhlacht i dtrácht glacadh le dréachtmholach ach ní mheasann an tOmbudsman gur cuí tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid na Parlaiminte.

**Murar féidir teacht ar réiteach cairdiúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid nó comhlacht i gceist nó déantar dréachtmholadh.**

Is dearbhú don ghearánach go bhfuil bonn lena ghearán nó lena gearán é ráiteas criticiúil agus tugann sé le fios don institiúid nó don chomhlacht i gceist céard atá déanta as bealach, ionas gur féidir leo drochriarachán a sheachaint sa todhchaí.

### Srian dochosanta curtha leis na teangacha a fhéadfar a úsáid i dtograí

Theastaigh ó chumann Gearmánach páirt a ghlacadh i ngairm tograí an Choimisiúin i ndáil le tionscadal athshlánaithe d'íospartaigh an chéasta, a bhí ina chuid den chlár dar teideal "Tionscnamh Eorpach um Dhaonlathas agus Cearta an Duine" ("*European Initiative for Democracy and Human Rights*"). Rinne an eagraíocht neamhrialtasach teagmháil leis an Ombudsman, ag cur i leith an Choimisiúin gur áitigh sé gur gá iarratais a chur isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i Spáinnis. D'áitigh an eagraíocht go raibh dualgas dleathach ar an gCoimisiún glacadh le haon cheann de theangacha oifigiúla an AE in iarratais curtha faoina bhráid mar fhreagra ar ghairm tograí uaidh. Luaigh an Coimisiún gur roghnaíodh srian a chur leis na teangacha a d'fhéadfaí a úsáid ar chúiseanna pragmatacha. Dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil, ag cur in iúl go raibh drochriarachán i gceist le cinneadh an Choimisiúin gan glacadh ach le Béarla, Fraincis nó Spáinnis in iarratais tionscadail.

259/2005/(PB)GG

### Incháilitheacht amhrasach costas foirne i dtionscadal talmhaíochta

Rinne ollscoil Ghearmánach a ghlac páirt i dtionscadal cómhaoinithe ag an gComhphobal teagmháil leis an Ombudsman, ag áitiú gur chóir don Choimisiún réamhíocaíochtaí a íocadh le hollscoil Spáinneach a bhí i gceannas ar chomhordú an tionscadail an chéad lá a fháil ar ais. Léirigh fiosrúchán an Ombudsman go raibh amhras réasúnta ann i ndáil le costais foirne cothrom le EUR 38 000 agus gur chóir dó sin an Coimisiún a spreagadh le seiceáil bhreise a dhéanamh. Dhiúltaigh an Coimisiún sin a dhéanamh, agus mar sin dhún an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil, ag lua gur theip ar an institiúid scrúdú críochnúil, cuí, leordhóthanach a dhéanamh ar argóintí láidre an ghearánaigh i ndáil leis na costais foirne ar glacadh leo.

576/2005/GG

### Eisiamh córasach líomhnaithe ó thairiscintí d'fhoilseacháin leictreonacha

D'fhorbair cuideachta Ollannach bogearraí nascleanúna agus aisghabhála d'fhoilseacháin leictreonacha an AE. Rinne sí gearán leis an Ombudsman ag áitiú go ndearnadh a táirgí a eisiamh go córasach ó bheith roghnaithe i nósanna imeachta tairisceana i ndiaidh d'oifigigh nua a bheith curtha in ionad na n-oifigeach a bhíodh freagrach as na nósanna imeachta sin laistigh den Oifig Foilseachán Oifigiúil. Rinne an chuideachta tagairt do cheithre chás

a ndearna an tOmbudsman imscrúdú orthu. Chinn sé nach ndearna an Oifig Foilseachán athbhreithniú ceart ar an gcéad chonradh. Cháin sé an oifig freisin mar chuir sí cosc ar aon fhéidearthacht an dara conradh a leathnú ar bhonn cúiseanna lochtacha, gan bhunús. Mar sin féin, chinn an tOmbudsman nach raibh aon fhianaise ann go ndearna an Oifig Foilseachán táirge an ghearánaigh a eisiamh go córasach ó nósanna imeachta tairisceana.

1128/2004/GG

### Teacht poiblí ar na liúntais a íoctar le Feisirí Pharlaimint na hEorpa

In 2005, dhiúltaigh an Pharlaimint d'iarratas ó iriseoir ar fhaisnéis faoi na liúntais íoctha leis an gcúigear FPE ó Mhálta ar cúiseanna cosanta sonraí. Chuir an t-iriseoir gearán isteach leis an Ombudsman, ag áitiú go raibh an ceart ag cáiníocóirí a fhios a bheith acu conas a chaitheann FPEanna airgead poiblí. Tar éis don Ombudsman dul i gcomhairle leis an Maoirseoir ar Chosaint Sonraí Eorpacha (MECS), a bhí den tuairim chéanna leis, d'iarr an tOmbudsman ar an bParlaimint an fhaisnéis éilithe a nochtadh, i bhfianaise cheart dleathach an phobail chun teacht a fháil ar cháipéisí. Lean an Pharlaimint uirthi ag diúltú don iarratas. D'fhógair sí, áfach, go bhfoilseodh sí eolas ginearálta ar liúntais FPEanna ar a suíomh Idirlín agus luaigh sí go bhféadfaí an scéal a mheasúnú arís sa bhliain 2009. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil, ag cur in iúl gurb oth leis nár chloígh an Pharlaimint leis an dlí mar atá sé léirmhínithe ag an gCúirt Chéadchéime. Mar sin féin, chuir sé fáilte roimh chinneadh na Parlaiminte eolas níos fearr a thabhairt don phobal faoi liúntais FPEanna trí mheán a suímh ghréasáin.

3643/2005/(GK)WP

**I roinnt cásanna, ní éilíonn an gearánach, go sainráite nó go hintuigthe, ach go n-aithneofaí go poiblí go raibh drochriarachán i gceist.**

I roinnt cásanna, ní éilíonn an gearánach, go sainráite nó go hintuigthe, ach go n-aithneofaí go poiblí go raibh drochriarachán i gceist. I gcásanna dá leithéid is leor ráiteas criticiúil chun an gearánach a chúiteamh. Mar sin féin, i dtéarmaí feabhas a chur ar an gcaidreamh idir saoránaigh agus institiúidí an Aontais, is toradh níos fearr é nuair a aithníonn an institiúid i gceist an drochriarachán agus nuair a ghabhann sí leithscéal faoi. Lena chois sin, léiríonn gníomh dá leithéid go dtuigeann an institiúid céard atá déanta as bealach aici agus mar sin féadfaidh sí drochriarachán comhchosúil a sheachaint sa todhchaí.

Ar an dul céanna, is d'fhonn feabhas a chur ar fheidhmíocht institiúidí an AE sa todhchaí atá an tOmbudsman ag baint úsáide méadaithí as ráitis bhreise nuair a aithníonn sé deis chun feabhas a chur ar cháilíocht an riaracháin. Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i 41 cás in 2008, lena n-áirítear sna cásanna seo a leanas.

### Moill i ndéileáil le gearán faoi le sárú

Fuair an tOmbudsman gearán ó dhuine faoin mbealach ar a láimhseáil an Coimisiún gearán faoi shárú a bhain le reachtaíocht Spáinneach maidir le méaduithe ar chánachas caipitil. D'eisigh sé ráiteas criticiúil maidir le mainneachtain an Choimisiúin an gearánach a chur ar an eolas go cuí nuair a shocraigh an Coimisiún tús a chur le nós imeachta foirmiúil i ndáil leis an sárú. D'eisigh an tOmbudsman ráiteas breise freisin a chuimsigh moltaí faoi conas a d'fhéadfadh an Coimisiún feabhas a chur ar a nósanna imeachta.

3737/2006/(BM)JMA

In 2008, d'fhonn a áirithiú go bhfoghlaimeodh institiúidí agus comhlachtaí óna gcuid botún agus d'fhonn drochriarachán a sheachaint sa todhchaí, d'fhoilsigh an tOmbudsman dhá staidéar ar a shuíomh gréasáin ar an obair leantach a rinne na hinstitiúidí i gceist bunaithe ar na ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise uile a eisíodh in 2006 agus 2007. D'aithin an tOmbudsman líon beag cásanna sna staidéir seo ar chóir d'institiúidí eile féachaint orthu mar eiseamláirí den bhealach ar chóir déileáil le ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise. D'ainmnigh sé na cásanna seo mar phríomh-

chásanna. Tá achoimre orthu thíos. Tá sé beartaithe ag an Ombudsman an pobal a chur ar an eolas gach bliain faoi thorthaí a staidéir ar an obair leantach déanta ag institiúidí ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise.

### Obair leantach déanta ar bhonn ráiteas criticiúil agus ráiteas breise

#### Príomhchásanna i Staidéar 2007

Is fiú sé cinn de na gníomhartha leantacha a scrúdaigh an tOmbudsman ina staidéar don bhliain 2007 a lua mar phríomhchásanna. Chuir **Parlaimint na hEorpa** roinnt tionscnamh i gcrích chun go mbeadh tionchar níos mó ag an bprionsabal maidir le cóir chothrom iarrthóirí i gcomórtais i ndáil le toircheas agus breith leanaí (**3278/2004/ELB**). Chuir an **Coimisiún** roinnt beart cuiditheach i bhfeidhm, mar shampla, bhunaigh sé seirbhís sainchomhairliúcháin, chun a áirithiú go bhfaigheadh comhaltaí eolaíocha ag a Ionad Comh-Thaighde faisnéis agus comhairle leordhóthanach maidir lena gcearta agus lena ndualgais chonarthacha agus maidir leis an dlí náisiúnta infheidhme (**272/2005/DK**). Thug an Coimisiún rialacha nua isteach freisin chun bearna a líonadh i gclúdach árachais breoiteachta d'iar-chéilí oifigeach a raibh galair thromchúiseacha orthu agus d'aontaigh sé leabhrán chun na rialacha nua a mhíniú a fhoilsiú agus a scaipeadh go forleathan (**368/2005/BM**). D'fhreagair an **Banc Ceannais Eorpach** do mholtaí an Ombudsman trína rialacha soláthair a leasú chun go sonróidís an t-ualú coibhneasta a thugtar do gach ceann de na critéir a úsáidtear chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a chinneadh (**1137/2005/ID**). Shoiléirigh an **Banc Eorpach Infheistíochta** freagrachtaí a sheirbhísí oibríochtúla i ndáil le cáipéisíocht timpeallachta, dhear sé nósanna imeachta nua do Chreat-Iasachtaí, lena n-áirítear an mhonatóireacht timpeallachta a dhéanann seirbhísí an Bhainc agus chuir sé líon mór samplaí coincréiteacha ar fáil dá thiomantas d'idirghníomhú cuiditheach le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí sochaí sibhialta eile (**1807/2006/MHZ**). Thug an **Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra** freagra cuiditheach ar chriticeas faoi dhifríochtaí i gceanglais theangeolaíocha i gcomórtais oscailte i ndiaidh mhéadú an Aontais in 2004 trí chinneadh a dhéanamh réim theangeolaíoch choiteann a chur i bhfeidhm maidir le comórtais i dteangacha an AE11 agus an AE10 amach anseo (**3114/2005/MHZ**).

#### Príomhchásanna i Staidéar 2006

Thug **Parlaimint na hEorpa** samhail nua isteach chun coimhlint leasanna a dhearbhú. Áiríonn an tsamhail nua teagmhálacha a rinneadh le tairgeoirí cheana féin nó gníomhaíochtaí a bhain leo a tharla cheana féin (**3732/2004/GG**). Chuir an **Coimisiún** roinnt beart cuiditheach i bhfeidhm (i) chun feabhas a chur ar a chuid cumarsáide le hiarrthóirí ar chúrsaí oiliúna (**2471/2005/BU**); agus (ii) chun a áirithiú gur cuireadh a chuid Ionadaíochtaí ar an eolas go hiomlán faoi ráiteas breise faoi ról an Choimisiúin maidir le háirithiú go n-urramaíonn Údaráis Chonarthacha i nósanna imeachta tarmligthe a ndualgais maidir le hullmhú agus tarchur pras fógraí bronnta conartha (**3706/2005/MHZ**). D'fheagair an Coimisiún do ráiteas criticiúil trí chúiteamh a thairiscint do ghearánach, cé nár aontaigh sé leis an Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist (**495/2003/ELB**). I measc na n-eiseamláirí eile de dhea-chleachtas tá na feabhsuithe a chuir an **Banc Eorpach Infheistíochta** ar a chuid beartas agus nósanna imeachta chun déileáil le hiarratais ar theacht ar fhaisnéis agus le gearáin (**994/2004/IP** agus **3501/2004/PB**) agus cinneadh na **Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint** a nósanna imeachta earcaíochta a leasú chun foirmeacha meastóireachta scríofa a chuimsiú do gach iarrthóir (**2044/2005/BM**).

## Dréachtmholtaí

Nuair is féidir leis an institiúid i dtrácht an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna ina bhfuil an drochriarachán thar a bheith tromchúiseach nó ina bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is iondúil go dtugann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó don chomhlacht ábhartha. De réir

Airteagal 3(6) de Reacht an Ombudsman, ní mór don institiúid nó don chomhlacht tuairim mhion-sonraithe a sheoladh laistigh de thrí mhí. I rith 2008, rinneadh 23 dréachtmholadh. Lena chois sin, rinneadh cinntí in 2008 bunaithe ar ceithre dhréachtmholadh a rinneadh in 2007, agus dúnadh dhá chás eile, i ndiaidh dréachtmholtaí a rinneadh in 2004 agus 2006. Dúnadh ocht gcás i rith na bliana nuair a ghlac an institiúid le dréachtmholadh (féach an eiseamláir léiritheach anseo thíos). Cuireadh tuarascáil speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa bunaithe ar chás amháin. Dúnadh deich gcás le ráiteas criticiúil. Faoi dheireadh 2008, bhí 12 dhréachtmholadh fós á meas, lena n-áirítear dhá cheann a rinneadh in 2007 agus deich gcinn a rinneadh in 2008.

### Séanadh líomhnaithe ceartais ag Bord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha

Chuir dlíodóir gearán isteach i gcoinne an Choimisiúin maidir le dhá chinneadh de chuid Bhord Gobharnóirí na Scoileanna Eorpacha d'fhonn táillí scoile a ardú sa Scoil i Lucsamburg. Líomhnaigh sé go raibh an Bord Gobharnóirí ag séanadh ceartas a thabhairt toisc nach raibh an ceart ag Cumainn na dTuismitheoirí achomharc a dhéanamh chuig an mBord Gearán i gcoinne chinntí an Bhoird Ghobharnóirí maidir le táillí scoile. Mar gheall ar a fhiosrúchán, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún, i gcomhthéacs ról an Choimisiúin ar an mBord Gobharnóirí, tacú leis an dearcadh go gclúdaíonn dlínse an Bhoird Ghearán achomhairc i gcoinne chinntí an Bhoird Gobharnóirí, cosúil leis an gcinneadh i gceist. D'fhreagair an Coimisiún go raibh sé de rún aige iarraidh ar an Ard-Rúnaí, i gceann de na chéad cruin-nithe eile de chuid an Bhoird Ghobharnóirí, leasú ar Rialacha Ginearálta na Scoileanna a thabhairt isteach chun achomhairc dá leithéid a cheadú.

2153/2004/MF

## Tuarascálacha speisialta

Má theipeann ar institiúid nó comhlacht Comhphobail freagairt do dhréachtmholadh ar bhealach sásúil, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa. Féad-faidh an tuarascáil speisialta moltaí a chuimsiú.

**Má theipeann ar institiúid nó comhlacht Comhphobail freagairt do dhréachtmholadh ar bhealach sásúil, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa.**

Mar a léiríodh i *dTuarascáil Bhliantúil 1998* an Ombudsman Eorpaigh, i dtéarmaí obair an Ombudsman baineann fíorluach leis an bhféidearthacht tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Is í an chéim shubstaintiúil deiridh a dhéanann an tOmbudsman agus é ag déileáil le cás tuarascáil speisialta a chur faoi bhráid Phar-laimint na hEorpa, ó tharla go mbíonn nithe cosúil le glacadh rúin agus feidhmiú chumhachtaí na Parlaiminte ag brath ar bhreithiúnas polaitiúil na hinstitiúide i gceist[13]. Gan amhras, soláthraíonn an tOmbudsman cibé faisnéis agus cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón bParlaimint chun déileáil le tuarascáil speisialta.

Ciallaíonn Rialacha Pharlaimint na hEorpa gurb é an Coiste Achainíocha atá freagrach as caid-reamh na Parlaiminte leis an Ombudsman. Ag cruinniú den Choiste Achainíocha ar an 12 Deireadh Fómhair 2005, gheall an tOmbudsman, de réir Riail 195(3) de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, go dtiocfadh sé os comhair an Choiste ar a iarratas féin gach uair a mbeadh tuarascáil speisialta á cur faoi bhráid na Parlaiminte aige.

Cuireadh tuarascáil speisialta amháin faoi bhráid na Parlaiminte in 2008. Tá achoimre uirthi thíos.

### Idirdhealú aoise i ndáil le saor-ateangairí

Rinne saor-ateangaire Beilgeach a earcaíodh ag na hinstitiúidí le haghaidh comhdhálacha agus cruinnithe sonracha le níos mó ná 35 bliain gearán leis an Ombudsman nuair a stopadh de phoist a thairiscint dó nuair a shroich sé aois 65. Dhearbhaigh an tOmbudsman gur

**13.** Mar shampla, in 2008, ghlac an Pharlaimint rún ag tacú le torthaí an Ombudsman ina thuarascáil speisialta ar chás 1487/2005/GG. Bhain sin leis an réim teanga i bhfeidhm do shuíomhanna gréasáin Uachtaránachtaí na Comhairle.

idirdhealú ar bhonn aoise a bhí i gceist leis sin. I ndiaidh dó dréachtmholadh a thabhairt, d'aontaigh an Pharlaimint a cleachtas a athrú (cás 186/2005/ELB). Ar an láimh eile, dhiúltaigh an Coimisiún a chleachtas a athrú agus níor sholáthair sé cúis leordhóthanach dá chinneadh chun plé le hateangairí os cionn aois 65 ar bhonn difriúil. Toisc gur ardaigh an cás ceist thábhachtach maidir le prionsabal, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte.

185/2005/ELB

# 3.4 Príomhchásanna a léiríonn dea-chleachtas

Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad ocht gcás a dúnadh in 2008 agus ainmníodh iad mar phríomhchásanna. Feidhmíonn siad mar shamhail d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an AE maidir leis an gcaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman.

**Is eiseamláirí léiritheacha de dhea-chleachtas iad ocht gcás a dúnadh in 2008 agus ainmníodh iad mar phríomhchásanna. Feidhmíonn siad mar shamhail d'institiúidí agus do chomhlachtaí uile an AE maidir leis an gcaoi is fearr le freagairt do shaincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman.**

D'aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra** (EPSO) na critéir mheastóireachta a úsáidtear i nósanna imeachta roghnóireachta agus miondealú ar mharcanna aonair a nochtadh d'iarrthóirí, ar iarraidh sin dóibh. Tharla sin i ndiaidh don Ombudsman fiosrúchán a dhéanamh ar an scéal ar a thionscnamh féin, agus mhol sé EPSO as cur chuige chomh trédhearcach a ghlacadh (**OI/5/2005/PB**). Thug an **Oifig Eorpach Frith-Chalaoise** (OLAF) freagairt chuiditheach d'iarratas ar theacht ar cháipéisí. Trí dhá leagan den tuarascáil ábhartha a eisiúint, ceann amháin le sonraí pearsanta an ghearánaigh agus ceann eile gan iad, chomhlíon sé rialacha an AE maidir le teacht ar cháipéisí, agus léirigh sé cur chuige dírithe ar shaoránaigh (**754/2007/BU**). Bhain gearán eile a fuair an tOmbudsman ó shaoránach Ostarach le teacht ar cháipéisí agus ar fhaisnéis freisin, mar rinne sí gearán faoin bhfaisnéis neamhleor a fuair sí ó Chlárlann na **Cúirte Breithiúnais Eorpaí**. I ndiaidh don Ombudsman idirghabháil a dhéanamh, sheol an Chlárlann litir chuig an ngearánach ina raibh faisnéis níos mionsonraithe agus dhearbhaigh an Chlárlann don Ombudsman gur chuir sí na tásca breise sin lena litreacha caighdeánacha do chásanna cosúla (**2448/2008/WP**, féach ar chuid 2.5 thuas freisin).

Mhol an tOmbudsman an **Coimisiún** as a chur chuige cuiditheach in dhá chás chonarthacha. I gcás a bhain le díospóid íocaíochta le cuideachta Iodálach faoi thionscadal AE chun uisce a sholáthar do dhaoine easáitithe sa Libéir, bhí an Coimisiún críochnúil agus cuiditheach ar feadh an nóis imeachta, agus ghlac sé, fiú amháin, le híocaíochtaí ábhartha breise a d'aithin a sheirbhísí féin agus an gearánach. Mar thoradh air sin, fuair an chuideachta Iodálach níos mó ná EUR 100 000 (**3490/2005/(ID)PB**). I gcás a bhain le hinstitiúid Ostarach a bhí páirteach i gconradh taighde agus forbartha sa réimse d'innealtóireacht cheimiceach, d'aontaigh an Coimisiún EUR 54 000 a íoc. Tharla sin i ndiaidh don Ombudsman iarraidh air athmhachnamh a dhéanamh ar a dhiúltú suim a bhí fós le híoc a íoc toisc nach bhfuair sé na ráitis chostais deiridh in am (**3784/2006/FOR**). I gcás **2672/2008/VL**, d'úsáid an tOmbudsman nós imeachta fiosrúcháin simplithe, agus ba ábhar spreagtha dó gur fhreagair an Coimisiún go dearfach dó trí dhíospóid ríomhphoist chonspóideach a bhain le taighdeoir acadúil agus oifigeach de chuid an Choimisiúin a réiteach ar bhealach tapa, eiseamláireach (féach cuid 2.5 thuas freisin).

I measc na n-eiseamláirí eile de dhea-chleachtas, tá cás **1162/2007/FOR**, inar aontaigh an **Chomhairle** íocaíocht *ex gratia* de EUR 1 000 a dhéanamh mar aitheantas ar an míchaoithiúlacht agus an strus a bhí i gceist don ghearánach. Ar dtús, thairg an Chomhairle conradh aon bhliana don ghearánach agus d'athraigh sé na téarmaí nuair a thug sé faoi deara go sroichfeadh an gearánach aois 65 le linn na tréimhse sin (féach cuid 3.3 thuas freisin). Ar deireadh, don tríú bliain as a chéile, ba chóir moladh a thabhairt d'fhreagairt **Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa** (EASA) do ghearán a tarraingíodh a haird air. I gcás **893/2006/BU**, ní amháin gur ghabh EASA leithscéal as botún a rinne sé i nós imeachta roghnóireachta, ach d'aontaigh sí freisin an fhaisnéis

a bhí ag teastáil ón ngearánach a thabhairt dó agus thug sí gealltanas go gcuirfeadh sí an fhaisnéis sin ar fáil i nósanna imeachta roghnóireachta amach anseo.

## 3.5 Anailís théamach ar na fiosrúcháin a dúnadh

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí lena ndúntar cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (**http://www.ombudsman.europa.eu**) i mBéarla agus, más éagsúil, i dteanga an ghearánaigh chomh maith. Le linn 2008, ghlac an tOmbudsman struchtúr agus formáid nua dá chinntí. Coinníonn an fhormáid nua na fíricí agus an anailís riachtanach fós, ach tá na téacsanna níos giorra, níos easca le léamh, agus mar sin, níos inrochtana.

**Le linn 2008, ghlac an tOmbudsman struchtúr agus formáid nua dá chinntí. Coinníonn an fhormáid nua na fíricí agus an anailís riachtanach fós, ach tá na téacsanna níos giorra, níos easca le léamh, agus mar sin, níos inrochtana.**

Cuirtear líon áirithe cásanna ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i bhfoirm achomair i 23 teanga oifigiúil an AE. Léiríonn na hachoimrí an raon ábhar agus an raon institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail a chlúdaíonn na 355 cinneadh lenar dúnadh cásanna in 2008, le cois na cúiseanna éagsúla le dúnadh cásanna.


Déanann an chuid seo anailís ar na torthaí is suntasaí dlí agus fírice cuimsithe i gcinntí an Ombudsman a dhún fiosrúcháin in 2008. Tá sí eagraithe i dtéarmaí rangaithe théamaigh de phríomh-ábhar na bhfiosrúchán, tógtha mórthimpeall ar na seacht gcatagóir phríomhúla seo a leanas:

- Oscailteacht, teacht poiblí agus sonraí pearsanta;
- An Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha;
- Bronnadh tairiscintí agus deontas;
- Comhlíonadh conarthaí;
- Riarachán agus rialacháin foirne;
- Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta; agus
- Ábhair institiúideacha, bheartais agus eile.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil forluí suntasach i gceist sna catagóirí thuas. Mar shampla, is minic go dtarraingítear aird ar cheisteanna a bhaineann le hoscailteacht i ngearáin a bhaineann le hearcaíocht nó le ról an Choimisiúin mar chaomhnóir an Chonartha. Ní mór a thabhairt faoi deara freisin nach mbíonn na catagóirí liostaithe san ord ina léirítear iad i bhFíor 3.11[14].

**14.** Cuimsíonn Fíor 3.11 faisnéis ar na fiosrúcháin uile a *osclaíodh* in 2008 de réir ábhair, agus soláthraíonn an anailís théamach forbhreathnú ar na torthaí is suntasaí i roinnt cásanna a *dúnadh* in 2008. Cuirtear an graf ar fáil sa chuid seo chun léargas a thabhairt don léitheoir ar thábhacht an ábhair a phléitear i dtéarmaí ualach iomlán cásanna an Ombudsman.

**Fíor 3.11: Ábhar na bhfiosrúchán**




## Oscailteacht, teacht poiblí agus sonraí pearsanta

Mar a luadh i réamhrá na Tuarascála seo, gníomhaíonn an tOmbudsman mar chaomhnóir na trédhearcachta. Déanann an chuid seo athbhreithniú ar chinntí an Ombudsman in 2008 ar ghearáin maidir le (i) teacht an phobail ar cháipéisí, (ii) teacht an phobail ar fhaisnéis, agus (iii) cosaint sonraí pearsanta agus ceart daoine faoina bhfuil sonraí á gcoimeád chun teacht a fháil ar a gcuid sonraí.

**Mar a luadh i réamhrá na Tuarascála seo, gníomhaíonn an tOmbudsman mar chaomhnóir na trédhearcachta.**

### Teacht an phobail ar dhoiciméid

Déanann Airteagal 1 de Chonradh an Aontais Eorpaigh tagairt do chinntí déanta san Aontas mar chinntí a dhéantar ar dhóigh "chomh hoscailte agus is féidir", agus déanann Airteagal 255 de Chonradh an CE foráil do cheart rochtana ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa agus ar cháipéis na Comhairle Eorpaí agus an Choimisiúin Eorpaigh. Tá an ceart seo rialaithe ag Rialachán 1049/2001[15]. Ar an 30 Aibreán 2008, rinne an Coimisiún togra[16] chun Rialachán 1049/2001 a leasú agus a ionadú. Déanann Caibidil 4 thíos tagairt do rannpháirteachas an Ombudsman sa díospóireacht phoiblí i ndáil le togra an Choimisiúin.

I ndiaidh fiosrúchán a rinne an tOmbudsman ar a thionscnamh féin i 1996 agus i 1999, ghlac a lán institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail eile rialacha i ndáil le teacht ar cháipéisí.

Faoi Rialachán 1049/2001 bíonn rogha ag iarratasóirí maidir leis an réiteach ar fáil: féadfaidh siad cur i gcoinne diúltaithe iomláin nó pháirtigh teacht a thabhairt trí imeachtaí cúirte faoi Airteagal 230 de Chonradh an CE, nó trí ghearán a dhéanamh leis an Ombudsman. I rith 2008, dhún an tOmbudsman fiosrúchán ar 12 ghearán a bhain le cur i bhfeidhm Rialachán 1049/2001. Astu sin, bhain sé ghearán leis an gCoimisiún Eorpach, dhá cheann le Parlaimint na hEorpa, dhá cheann leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ceann amháin le Europol, agus ceann amháin leis an nGníomhaireacht Eorpach Leigheasra.

Bhain cúig ghearán le líomhaintí de mhoilleanna. Ghabh an Coimisiún leithscéal maidir le láimhseáil dhéanach dhá iarratas. I gcás **255/2007/PB**, mhínigh sé go raibh ualach trom oibre ar an tseirbhís i gceist mar gheall ar leasú Rialachán 1049/2001 agus d'athdheimhnigh sé don Ombudsman go ndéanfaí í a atheagrú agus a threisiú trí bhaill foirne bhreise a earcú. I gcás **2420/2007/BEH**, ghabh an Coimisiún leithscéal as a mhainneachtain cinneadh a dhéanamh faoi iarratas deimhnithe

**15.** Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle den 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.
**16.** COM(2008) 229 críochnaitheach.

an ghearánaigh. Ghlac an gearánach lena mhíniú ar cén fáth nach bhféadfadh sé teacht a thabhairt ar an gcáipéis i gceist. Cháin an tOmbudsman an Coimisiún i gcás **3208/2006/GG** mar níor bhunaigh sé clár cuimsitheach de na cáipéisí a tháirgeann sé nó a fhaigheann sé, de réir mar a éilíonn Rialachán 1049/2001. Toisc go raibh clár dá leithéid le bheith i bhfeidhm ó 2002 i leith, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún feidhmiú go gasta agus rinne Parlaimint na hEorpa rún a thacaigh le moladh an Ombudsman. Bhain cás **1161/2007/TN** le hiarratais chuig an nGníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMEA). Mheas an tOmbudsman go raibh an t-idirdhealú agus an catagórú déanta ag EMEA chun a dhearbhú cibé ar bhain na hiarratais le teacht ar cháipéisí nó le teacht ar fhaisnéis réasúnta. Cé gur mheas sé go raibh moill bheag i gceist le freagraí a thabhairt ar dhá cheann de na hiarratais ar fhaisnéis, ní bhfuair an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist tríd is tríd. I gcás **111/2008/TS**, cás ar déileáladh leis trí mheán an nóis imeachta fiosrúcháin shimplithe, ghabh Europol leithscéal as an moill i gceist le déileáil le hiarratas agus chuir sé teacht ar an gcáipéis éilithe ar fáil.

I gcás **2681/2007/PB**, cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar shéan sé go raibh cáipéis áirithe ann le linn fiosrúcháin a rinneadh níos túisce. D'aithin sé go raibh an cháipéis ann i ndiaidh don ghearánach cóip a fháil ó fhoinse eile. Luaigh an tOmbudsman go dtugann toimhde na fírinneachta i ndáil le ráiteas fíriciúil an riaracháin a dúirt nach raibh cáipéis áirithe éilithe ann le fios go mbíonn dualgas cúraim thar a bheith docht ann maidir le cruinneas ráiteas dá leithéid a áirithiú.

Dhéileáil an tOmbudsman le sé ghearán a bhain le diúltú teacht a thabhairt. I gcás **3824/2006/IP**, ghlac an Coimisiún le moladh an Ombudsman do réiteach cairdiúil, a raibh i gceist leis teacht a thabhairt ar na cáipéisí éilithe. Shocraigh an Coimisiún cás **1452/2007/PB** trí theacht a thabhairt freisin. I gcás **3398/2006/PB**, d'aontaigh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) teacht páirteach a thabhairt ar an gcáipéis i gceist.

Bhain trí chás le hAirteagal 4(1) (b)[17] de Rialachán 1049/2001. Chuaigh an tOmbudsman i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) i ndáil leis na gearáin seo, de bhun an Mheabhráin Tuisceana a síníodh an 30 Samhain 2006.

I gcás **152/2007/GG**, dhiúltaigh OLAF iarratas ón ngearánach maidir le teacht a fháil ar cháipéis a bhain le leathnú na tréimhse lena raibh státseirbhíseach náisiúnta ar iasacht ag OLAF. Ar bhonn imscrúdaithe ar an gcáipéis, mheas an tOmbudsman go bhféadfadh teacht poiblí ar an gcáipéis iomlán dochar iarbhír, sonrach a dhéanamh do chosaint phríobháideacht agus shláine na ndaoine i gceist. Chuir an gearánach in iúl go soiléir nár theastaigh uaidh dul níos faide leis an ngearán, agus i bhfianaise na dtosca seo, ba é barúil an Ombudsman nach raibh aon chúis le fiosrúcháin bhreise a dhéanamh.

Bhain an dá chás eile le gearáin i gcoinne Pharlaimint na hEorpa a d'eascair as iarratais ar shocraigh an Pharlaimint déileáil leo laistigh de chreat Rialachán 1049/2001. Rinneadh na cinntí a dhún an dá chás ar an lá céanna.

Bhain cás **3643/2005/WP** le hiarratas ó iriseoir i ndáil leis na liúntais íoctha leis na FPEanna ó Mhálta. Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarratas ar chúiseanna cosanta sonraí. Chomhairligh an MECS cé gur chóir ceart chun príobháideachta na FPEanna a chosaint, an rud bunúsach ná go raibh ceart ag an bpobal eolas a fháil faoina gcuid iompair agus go háirithe faoin mbealach ar chaith siad cistí poiblí a tugadh dóibh. Rinne an tOmbudsman dréachtmholadh ag rá gur chóir an fhaisnéis a éilíodh a nochtadh. Níor ghlac an Pharlaimint ach le cuid den dréachtmholadh; dhiúltaigh sí glacadh leis an gcuid eile trí sheasamh ar léirmhíniú dlíthiúil den chaidreamh idir Rialachán 1049/2001 agus Rialachán 45/2001[18]. I dtuairim an Ombudsman, ní raibh an cinneadh sin comhleanúnach le breithiúnas na Cúirte Céadchéime i gcás *Bavarian Lager*[19].

**17.** "Diúltóidh na hinstitiúidí teacht a thabhairt ar cháipéis i gcás go mbainfeadh nochtadh na cáipéise an bonn de: (...) (b) cosaint phríobháideacht agus shláine an duine aonair, go háirithe i gcomhréir le reachtaíocht an Chomhphobail i ndáil le cosaint sonraí pearsanta."

**18.** Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail agus saorghluaiseacht sonraí dá leithéid, IO 2001 L 8, lch. 1.

**19.** Cás T-194/04 *Bavarian Lager v an Coimisiún* [2007] ECR II-4523.

I gcás **655/2006/ID**, dhiúltaigh an Pharlaimint teacht a thabhairt don ghearánach ar an liosta de bhaill na Scéime Pinsin Breise do FPEanna. Léirigh an réamhthoradh ar fhiosrúchán an Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist, agus mhol sé réiteach cairdiúil a dhéanamh. Dhiúltaigh an Pharlaimint glacadh leis an réiteach sin. Toisc gur dhiúltaigh an Pharlaimint, i seisiún iomlánach, glacadh le togra coincréiteach óna gCoiste um Rialú Buiséid maidir le foilsiú an liosta ainmneacha, dhún an tOmbudsman an cás, mar trí ghníomhú mar sin, d'athraigh an Pharlaimint an tsaincheist go saincheist a bhain le freagracht pholaitiúil. I gcás saincheisteanna mar sin bíonn sé freagrach do na toghthóirí agus ní don Ombudsman, mar is iomchuí.

## Teacht an phobail ar fhaisnéis

Dhéileáil an tOmbudsman le naoi bhfiosrúchán ar ghearáin a bhain le mainneachtain faisnéis a sholáthar[20]. In dhá chás, fuair an tOmbudsman gur sholáthair an Pharlaimint an fhaisnéis éilithe. Dúnadh na seacht gcás eile mar sholáthair na hinstitiúidí agus comhlachtaí i gceist an fhaisnéis i ngeall ar fhiosrúchán an Ombudsman. Bhain ceithre cinn de na cásanna sin leis an gCoimisiún, bhain ceann amháin le OLAF, agus bhain dhá cheann leis an gCúirt Bhreithiúnais. Baineadh leas as nós imeachta fiosrúcháin simplithe i gceithre cinn de na cásanna seo.

## Cosaint sonraí

I dteannta na gcásanna dá dtagraítear thuas a bhaineann le feidhmiú Airteagal 4(1)(b) de Rialachán 1049/2001, rinne an tOmbudsman trí chinneadh faoi ghearáin a d'ardaigh saincheisteanna maidir le cosaint sonraí.

I gcás **1129/2007/MF**, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún mionsonraí tuarastail a iar-fhir chéile (oifigeach de chuid an Choimisiúin) a sholáthar di le bheith úsáidte in imeachtaí colscartha. Cé gur dhiúltaigh an Coimisiún an fhaisnéis a sholáthar ar chúiseanna cosanta sonraí, chuir sé in iúl go soiléir go nglacfadh se le haon iarratas ar an bhfaisnéis sin a thiocfadh ó údarás inniúil breithiúnach. Mheas an tOmbudsman go raibh seasamh an Choimisiúin réasúnta.

De réir fhoráil léir Airteagal 2(7) dá Reacht, dhún an tOmbudsman cás **2585/2006/BU**, inar líomhnaigh an gearánach go raibh Coiste na Réigiún ag próiseáil sonraí pearsanta a bhain lena airgead pearsanta go neamhdhleathach, nuair a thionscain an gearánach caingean dlí i gcoinne an Choiste. Mar sin féin, thug an fiosrúchán deis don MECS saincheisteanna tábhachtacha a shoiléiriú maidir le ceart duine chun teacht a fháil ar a chomhad nó ar a comhad pearsanta agus sonraí míchruinne nó neamh-iomlán a cheartú.

➔➔➔ I gcas **754/2007/BU**, mhaígh an gearánach gur chóir do OLAF tuarascáil deiridh imscrúdaithe a d'oscail sé ar bhonn faisnéise uaidh a sheoladh chuige. Sholáthair OLAF cóip den tuarascáil deiridh dár bhain sé faisnéis nach raibh cead í a nochtadh faoi Rialachán 1049/2001, lena n-áirítear sonraí pearsanta a bhain leis an ngearánach. Sholáthair sé cóip eile freisin, le bheith seolta don ghearánach amháin, nach raibh a shonraí pearsanta bainte de. Mheas an tOmbudsman gur ghníomhaigh OLAF ar bhealach cuí, dhún sé an cás agus chuimsigh sé i liosta a phríomhchásanna don bhliain 2008 é. ➔➔➔

20. Socraíodh a lán cásanna eile inar theip institiúidí faisnéis a sholáthar trí mheán teagmhála dírí gutháin leis an institiúid i gceist (féach cuid 2.5 thuas).

## An Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha

Is é riail dlí bunphrionsabal an Aontais Eorpaigh. Ceann de na dualgais is tábhachtaí atá ag an gCoimisiún is ea feidhmiú mar chaomhnóir an Chonartha[21]. Cruthaítear le hAirteagal 226 de Chonradh an CE nós imeachta ginearálta trínar féidir leis an gCoimisiún sáruithe féideartha ar dhlí an Chomhphobail ag Ballstáit a scrúdú agus a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le himscrúduithe ar a chonlán féin, ar bhonn gearán nó mar fhreagra ar iarratais ó Pharlaimint na hEorpa déileáil le hachainíocha dírithe air faoi Airteagal 194 de Chonradh an CE. Tá nósanna imeachta eile i gceist i ndáil le hábhair shonracha cosúil le státchabhair neamhdhleathach.

**Cruthaítear le hAirteagal 226 de Chonradh an CE nós imeachta ginearálta trínar féidir leis an gCoimisiún sáruithe féideartha ar dhlí an Chomhphobail ag Ballstáit a scrúdú agus a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.**

Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin a bhaineann lena ról mar chaomhnóir an Chonartha. Nuair a osclaíonn an tOmbudsman fiosrúchán ar ghearán den sórt sin, bíonn sé cúramach i gcónaí a chur in iúl don ghearánach, nuair is cuí, nach scrúdóidh an fiosrúchán cibé an bhfuil nó nach bhfuil sárú ann, de bhrí nach bhfuil sainordú ar bith ag an Ombudsman Eorpach scrúdú a dhéanamh ar ghníomhartha údaráis na mBallstát. Bíonn fiosrúchán an Ombudsman dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar iompar an Choimisiúin maidir le hanailísiú agus déileáil leis an ngearán faoi shárú a cuireadh faoina bhráid. Féadfaidh an tOmbudsman déileáil le gnéithe gnásúla agus substaintiúla araon d'iompar an Choimisiúin. Mar sin féin, urramaíonn fiosrúcháin agus conclúidí an Ombudsman cumhachtaí lánroghnacha an Choimisiúin, arna n-aithint ag na Conarthaí agus ag cásdlí chúirteanna an Chomhphobail, agus é ag cinneadh cibé ar chóir nó nár chóir tús a chur le nós imeachta sáraithe agus cás i gcoinne an Bhallstáit i gceist a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

I ndáil le hoibleagáidí gnásúla an Choimisiúin i ndáil le gearánaigh, is í an Teachtaireacht a d'eisigh an Coimisiún in 2002[22] príomhphointe tagartha an Choimisiúin. Leagann an Teachtaireacht síos roinnt dualgas gnásúil maidir le clárú gearán curtha faoi bhráid an Choimisiúin, agus maidir le heisceachtaí ón dualgas sin, le cois sprioc-amanna maidir le déileáil le gearáin agus gearánaigh a chur ar an eolas. Eisíodh an Teachtaireacht sin in 2002 mar fhreagra ar fhiosrúcháin agus ar ráitis chriticiúla a chuir an tOmbudsman faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil leis na hábhair seo roimhe sin. Measann an tOmbudsman gur céim an-tábhachtach chun cinn í an Teachtaireacht seo maidir le méadú ar mhuinín saoránach as an gCoimisiún mar chaomhnóir an Chonartha. In 2008, nocht an t-athbhreithniú a rinne an tOmbudsman ar fheidhmiú a rialacha féin ag an gCoimisiún roinnt easnamh maidir le feidhmiú na Teachtaireachta. Cuirtear sampla léiritheach díobh siúd i láthair agus anailísítear iad anseo thíos.

Mar a aithníodh san obair leantach a rinneadh ar bhonn ráitis chriticiúla déanta laistigh de chreat an chinnidh ar chás **880/2005/TN**, tá leaganacha éagsúla teanga ar fáil de phointe 8 den Teachtaireacht. De réir na leaganacha i mBéarla agus i Sualainnis, cuirfidh an institiúid an gearánach ar an eolas i gcás nach mbeidh ar a cumas cinneadh a dhéanamh faoi ábhar an ghearáin laistigh de bhliain[23], ach sna leaganacha teanga eile mínítear nach mbíonn an dualgas sin ann ach i gcás go n-iarrfaidh an gearánach é. Measann an Coimisiún gurb iad na leaganacha cearta teanga na leaganacha a thugann le fios go gcaithfidh an gearánach iarratas sonrach a dhéanamh. I bhfianaise an dara habairt den phointe sin, measann an tOmbudsman nach sin a bhí de rún ag an gCoimisiún nuair a ghlac sé an Teachtaireacht. Tháinig an fhadhb chéanna chun solais san fhiosrúchán ar chás **3737/2006/(BM)JMA**, a bhain le reachtaíocht Spáinneach maidir le méaduithe ar chánachas caipitil. Thóg sé dhá bhliain ar an gCoimisiún tuairim réasúnaithe a sholáthar d'údaráis na

**21.** De réir Airteagal 211 de Chonradh an CE caithfidh an Coimisiún "a áirithiú go gcuirtear forálacha an Chonartha agus na bearta déanta ag na hinstitiúidí de bhun na bhforálacha sin i bhfeidhm".

**22.** Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánach i ndáil le sáruithe dhlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, lch. 5.

**23.** "Mar riail ghinearálta, imscrúdóidh ranna an Choimisiúin gearáin ... laistigh de bhliain ó thráth a gcláraithe ... I gcás go sárófar an teorainn ama seo, cuirfidh roinn an Choimisiúin atá freagrach as an gcás an gearánach ar an eolas i scríbhinn."

Spáinne agus níor chuir sé an gearánach ar an eolas bliain i ndiaidh chlárú an ghearáin. D'eisigh an tOmbudsman ráiteas criticiúil agus ráiteas breise ag moladh go bhféadfadh an Coimisiún machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige seo a leanas a ghlacadh: d'fhéadfadh sé saoránaigh a chur ar an eolas faoi na caighdeáin dea-riaracháin a leanfadh a sheirbhísí agus iad ag cur nósanna imeachta sáraithe i gcrích. D'fhéadfadh caighdeáin dá leithéid nithe a chuimsiú cosúil le meastacháin den am a bheadh ag teastáil chun gearáin a imscrúdú i ndiaidh eisiúint na litreach ag tabhairt fógra oifigiúil, nó an fhaisnéis a thabharfaí do ghearánaigh i ndiaidh litreach dá leithéid a bheith seolta.

Tagann an fhadhb maidir le faisnéis neamhleor suas arís agus arís eile le linn fhiosrúcháin an Ombudsman ar an mbealach a ndéileálann an Coimisiún le gearáin Airteagal 226 curtha faoina bhráid ag saoránaigh. I gcás **885/2007/JMA**, cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar níor thug sé freagra ar litir an ghearánaigh i ndiaidh don Choimisiún a fhógairt don ghearánach go raibh sé de rún ag an gCoimisiún a imscrúdú ar an ngearán a dhúnadh. Níor chuir an Coimisiún ar an eolas é gur dúnadh an cás go foirmiúil ach oiread. Braitheadh an cineál céanna mainneachtana maidir le gearánach a chur ar an eolas i gcás **2697/2006/(ID)MF**, ach dhún an tOmbudsman an fiosrúchán gan ráiteas criticiúil toisc gur ghabh an Coimisiún leithscéal as a mhainneachtain.

Fós i ndáil leis na dualgais ghnásúla leagtha síos sa Teachtaireacht, i gcás **1512/2007/JMA**, rinne an tOmbudsman ráiteas breise inar dhearbhaigh sé nach raibh aon drochriarachán i gceist leis an mbealach ar dhéileáil an Coimisiún leis an ngearán, ach inar iarr sé ar an institiúid iarracht a dhéanamh pointe 4(5) dá Teachtaireacht a chur i bhfeidhm trí na cineálacha éagsúla cúitimh féideartha a bhí ar fáil i gcásanna de shárú líomhnaithe ar dhlí an Chomhphobail ag Ballstáit a mhíniú do ghearánaigh.

Fadhb athfhillteach eile a braitheadh i bhfiosrúcháin an Ombudsman sa réimse seo ná fadhb maidir le clárú gearán. De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún, glactar leis go mbeidh dualgas ann na gearáin a gheobhaidh sé a chlárú sa chlárlann lárnach (pointe 3.1 den Teachtaireacht). Déantar cur síos ar eisceachtaí ón dualgas seo san alt seo a leanas: "i gcás go mbeidh amhras ann faoi nádúr míre comhfhreagrais, déanfaidh Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin comhchomhairle leis an roinn/na ranna i dtrácht laistigh de 15 lá féilire ó fháil na míre comhfhreagrais. I gcás nach bhfreagróidh an roinn/na ranna laistigh de 15 lá oibre, taifeadfar an gearán go foirmiúil ag clárlann lárnach na ngearán." Bhí an dualgas soiléir seo ina chúis le hiliomad fadhbanna. Mar shampla, fuair an tOmbudsman nach raibh litreacha ó shaoránaigh cláraithe mar ghearáin, fiú amháin i gcásanna inar léir gur gearáin a bhí i gceist. Lena chois sin, níor agair an Coimisiún cúiseanna sonracha leis an bhfaillí sin a mhíniú. Sin a bhí i gceist i gcás **2152/2006/OV**, inar ghlac an Coimisiún le moladh do réiteach cairdiúil, a raibh i gceist leis an gearán a chlárú. Mar sin féin, i gcás **2914/2006/WP**, a bhain le dlí iomaíochta, dhiúltaigh an Coimisiún a admháil go ndearna sé botún. Cé gur aithin sé agus cé gur agair sé eisceacht ar leith ón dualgas chun an gearán a chlárú, lean sé den dearcadh nár ghá dó eisceacht ón dualgas sin a aithint is a agairt. Mheas sé freisin nach raibh de dhualgas air an gearánach a chur ar an eolas faoi na cúiseanna nár cláraíodh an gearán. Tharla an cineál céanna faidhbe a bhain le mainneachtain gearán a chlárú agus mainneachtain an gearánach a chur ar an eolas faoi na cúiseanna nár cláraíodh é i gcás **431/2008/ELB**. Sa chás ar leith seo, bhí an Pharlaimint ag déileáil leis an ábhar substaintiúil i bhfoirm achainí agus ní dhearna an tOmbudsman imscrúdú air. Dhún sé an cás le ráiteas breise, áfach, chun dualgais an Choimisiúin atá leagtha síos sa Teachtaireacht a mheabhrú dó.

Nuair a imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin faoi sháruithe, féadfaidh sé anailís a dhéanamh ar ábhar na n-anailísí agus na gconclúidí déanta ag an gCoimisiún freisin. Bíonn sé d'aidhm ag athbhreithniú an Ombudsman a dheimhniú an bhfuil conclúidí an Choimisiúin réasúnta, an ndearnadh argóint mhaith ar a son agus ar tugadh míniú iomlán orthu do ghearánaigh. Dá dtarlódh sé go n-easaontódh an tOmbudsman go bunúsach le measúnú an Choimisiúin, déarfadh sé é sin, ach leagfadh sé béim ar an gCúirt Bhreithiúnais mar an t-údarás is airde maidir le dlí Comhphobail a léirmhíniú. Tá easaontuithe den chineál seo eisceachtúil, áfach. I bhformhór na gcásanna thuasluaite, mheas an tOmbudsman go raibh seasamh an Choimisiúin i gceart i ndáil le hábhar substaintiúil an cháis.

I gcás **841/2008/BEH**, chuir an gearánach, táirgeoir measc-dí alcólaí, i gcoinne chinneadh an Choimisiúin cás a dhúnadh a bhain le sárú líomhnaithe an phrionsabail de shaorghluaiseacht

earraí. Mheas an tOmbudsman go raibh seasamh an Choimisiúin réasúnta, le haird chuí tugtha ar an gceart a bhíonn ag Ballstáit lánrogha ar leith a fheidhmiú i ndáil leis na heisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 30 de Chonradh an CE. Bhain cás **1551/2007/JMA** leis an bhforáil seo den Chonradh freisin, agus go sonrach le himscrúdú an Choimisiúin ar chinneadh ag údaráis na Fraince cosc a chur ar allmhairiú uibheacha ón Spáinn i ndiaidh cáis de salmonella. Chinn an tOmbudsman gur chloígh an Coimisiún leis na ceanglais ghnásúla uile a leagtar amach sa Teachtaireacht thuasluaite agus mheas sé go raibh seasamh an Choimisiúin réasúnta, is é sin, go raibh an dualgas ar Bhallstáit cinneadh a dhéanamh faoin leibhéal cuí cosanta do shláinte phoiblí, le haird chuí tugtha ar thionchair dhiúltacha fhéideartha táirge agus ar na sonraí eolaíocha ar fáil.

Bhain cás **885/2007/JMA** le tionscadal sna hOileáin Chanáracha a d'fhéadfadh tionchar comhshaoil diúltach a imirt ar dhá cheantar ainmnithe mar "Láithreáin a mbaineann Tábhacht Chomhphobail leo". Chuir an gearánach i leith an Choimisiúin nár thug sé aird ar fhaisnéis maidir le láithreáin mhalartacha. Fuair an tOmbudsman go ndearna an Coimisiún anailís mhionchruinn ar chúiseanna imní an ghearánaigh agus gur mhínigh sé na cúiseanna a chinn sé go bhféadfadh an tionscadal i dtrácht leanúint ar aghaidh, faoi réir coinníollacha áirithe. Cháin sé an Coimisiún, áfach, mar níor thug sé freagra ar litir deiridh an ghearánaigh chun déileáil leis na hargóintí sonracha déanta sa litir sin, agus chun an gearánach a chur ar an eolas faoi dhúnadh foirmiúil a ghearáin.

Bhain cás **789/2005/(GK)ID** le sárú líomhnaithe na Treorach Comhphobail a bhain le measúnachtaí tionchair timpeallachta (EIAanna) ag údaráis na Gréige i ndáil le tógáil thrambhealach na hAithne. Mhol an tOmbudsman don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar athscrúdú a dhéanamh ar argóintí an ghearánaigh maidir le leordhóthanacht agus iomchuibheas an EIA. Mhol sé dó freisin athmhachnamh a dhéanamh ar an gceist faoi cé acu an bhfuair nó nach bhfuair an comhairliúchán poiblí ábhartha a dhóthain poiblíochta. Dhiúltaigh an Coimisiún glacadh le moladh an Ombudsman agus dhún an tOmbudsman an cás le dhá ráitis chriticiúla.

I gcás **2152/2006/OV**, rinne pinsinéir Ollannach a raibh cónaí air sa Fhrainc gearán leis an gCoimisiún go raibh an Ísiltír ag sárú rialacha Comhphobail i ndáil le sochair slándála sóisialta. Mar a luadh cheana féin sa chuid seo, níor chláraigh an Coimisiún an gearán ná níor thug sé freagra ar phointí riachtanacha den ghearán. Rinne sé é sin i ndiaidh don Ombudsman idirghabháil a dhéanamh. Mar sin féin, níor athraigh sé a dhearcadh faoi ábhar substaintiúil an cháis. Agus é ag dúnadh an cháis, luaigh an tOmbudsman go raibh muinín aige go gcuirfeadh an Coimisiún na hargóintí is déanaí déanta ag an ngearánach san áireamh go cuí nuair a bheadh an cás á scrúdú ag an gCoimisiún agus thug sé le fios go bhféadfadh an gearánach gearán nua a chur isteach i gcás nach mbeadh sé sásta le cinneadh críochnúil an Choimisiúin faoin gcás.

I gcás **3249/2006/(PB)WP**, rinne saoránach Gearmánach gearán leis an Ombudsman tar éis don Choimisiún diúltú gníomh a dhéanamh i gcoinne na Gearmáine tar éis di a cheart chun saorghluaiseachta a shárú. Tharla sin i ndiaidh díospóide maidir le bille cánach. Thug an tOmbudsman chun aire gurb é cuspóir príomhúil na nósanna imeachta sáraithe ná a áirithiú go gcomhlíonfaidh Ballstáit dlí an Chomhphobail amach anseo agus nár dearadh na nósanna imeachta sin chun cúiteamh a thabhairt do ghearánaigh i ndáil le heachtraí a tharla roimhe seo. Mheas sé nach raibh aon chúis le tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh.

Bhain cás **1962/2005/IP** le tionscadal seachbhóthair ina raibh trí chuid ar leithligh. D'áitigh an gearánach nár cloíodh leis na rialacha comhshaoil atá cuimsithe i ndlí an Chomhphobail sula cuireadh tús leis an próiseas tógála. Dhún an Coimisiún an nós imeachta sáraithe ag lua nár sáraíodh dlí an Chomhphobail. Fuair an tOmbudsman nach raibh an míniú a thug an Coimisiún ar a chinneadh an cás a dhúnadh leordhóthanach ná comhleanúnach. Rinne sé ráiteas criticiúil.

## Bronnadh tairiscintí agus deontas

Déileálann an tOmbudsman le gearáin maidir le bronnadh nó neamhbhronnadh tairiscintí agus deontas. Mar sin féin, measann sé go mbíonn lánrogha níos leithne ag institiúidí, agus go háirithe ag na coistí meastóireachta agus údaráis bhronnta i gcás tairiscintí, maidir leis na fachtóirí a chuireann siad san áireamh agus iad ag cinneadh cibé ar chóir nó nár chóir conradh a bhronnadh i ndiaidh cuiridh chun tairisceana. Measann sé gur chóir nach ndéanfadh sé ach athbhreithniú teoranta ar chásanna dá leithéid chun a sheiceáil ar cloíodh leis na rialacha a rialaíonn an nós imeachta, an bhfuil na fíricí ceart, agus an cinnte nár tharla aon bhotún soiléir sa mheasúnacht ná aon mhí-úsáid cumhachtaí. Lena chois sin, féadfaidh sé a scrúdú cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon na hinstitiúidí a gcuid dualgas maidir le cúiseanna a lua, agus an bhfuil na cúiseanna sin comhleanúnach agus réasúnta.

**Déileálann an tOmbudsman le gearáin maidir le bronnadh nó neamhbhronnadh tairiscintí agus deontas.**

I roinnt cásanna inar líomhnaigh gearánaigh gur sáraíodh rialacha tairisceana agus inar chuir siad i gcoinne na gcinntí déanta ag na húdaráis bhronnta, ní bhfuair an tOmbudsman aon droch-riarachán le linn a fhiosrúcháin[24]. Mar sin féin, rinne sé ráiteas breise i gcás amháin d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht nósanna imeachta amach anseo[25], agus rinne sé ráiteas criticiúil i gcás eile toisc gur theip ar an institiúid i dtrácht eolas a sholáthar faoi na meicníochtaí ar fáil chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na gcinntí a rinneadh[26].

Bhain cás **546/2007/JMA** le heisiamh cuideachta ó roinnt cuirí chun tairisceana eisithe chun tionscadal ar leith a chur i bhfeidhm. Rinne an gearánach staidéar indéantachta don tionscadal áirithe seo cheana féin agus mheas an institiúid go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist. Mheas an tOmbudsman go raibh na cúiseanna tugtha ag an institiúid réasúnta agus ní bhfuair sé go raibh drochriarachán ar bith i gceist.

I gcás **3113/2007/ELB**, eisiadh tairgeoir toisc gur measadh nach raibh an cumas eacnamaíoch agus airgeadais cuí aige leis an gconradh a chur i gcrích. Thug an tOmbudsman chun aire go raibh sé de dhualgas ar an riarachán a d'eagraigh an t-iarratas ar thairiscintí a mheas cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann iarrthóirí na coinníollacha ábhartha agus nach bhféadfadh sé a mheasúnacht féin a chur in ionad mheasúnacht an riaracháin. Mheas sé gur sholáthair an institiúid míniú réasúnta ar a seasamh i ndáil leis an gcás seo.

I gcás **3346/2005/MHZ**, a bhain le tairiscint chun córas TF a sholáthar, chuir an gearánach i leith an Choimisiúin nár thug sé cúiseanna leordhóthanacha lena chinneadh diúltú dá thairiscint, gur chuir sé na critéir bhronnta i bhfeidhm ar bhealach mícheart, agus gur chealaigh sé an tairiscint ar chúiseanna neamhbhailí. Dhearbhaigh an tOmbudsman gur láimhseáladh an nós imeachta tairisceana ar bhealach míchuí. Cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar dhiúltaigh sé glacadh le moladh do réiteach cairdiúil agus luaigh an tOmbudsman go mbraitheann a chumas teacht ar réiteach atá sásúil don dá pháirtí ar thoilteanas institiúide glacadh le cur chuige dírithe ar shaoránaigh.

Bhain cás **2283/2004/GG** le heagraíocht neamhrialtasach Ghearmánach a thacaíonn le teifigh agus le híospartaigh chogaidh. Rinne sé iarratas leis an gCoimisiún um an gcómhaoiniú de roinnt tionscadal. I measc eile, fuair an tOmbudsman nár dhéileáil an Coimisiún le hiarratais an ghearánaigh ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus go ndearna sé cúiseamh gan bhunús de chalaois in aghaidh an ghearánaigh. Ghabh an Coimisiún leithscéal nár shonraigh sé na cúiseanna lena chinntí go dtí beagnach trí bliana i ndiaidh ghlacadh na gcinntí sin agus dúirt sé gurb oth leis a fhreagairt iomarcach i ndáil leis an gcúiseamh de chalaois. Luaigh sé freisin go raibh feabhas suntasach curtha aige ar a chóras de sheiceálacha teidlíochta agus ghabh sé leithscéal as roinnt dá ghníomhartha. Mar sin féin, níor thug sé aghaidh chuí ar na teagmhais drochriaracháin is tromchúisí a d'aithin an tOmbudsman. Cháin an tOmbudsman an Coimisiún, ag lua nach dóchúil go spreagfadh a fhreagairt muinín i measc saoránach ná i measc páirtithe leasmhara ábhartha.

**24.** Cásanna 118/2006/PB, 1667/2007/(BM)JMA, 494/2006/TN, 3006/2004/BB agus 3114/2004/IP.
**25.** Cás 3148/2007/BEH.
**26.** Cás 2989/2006/OV.

## Comhlíonadh conarthaí

Measann an tOmbudsman go mbíonn drochriarachán i gceist nuair nach ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith. Mar sin, féadfaidh drochriarachán a bheith i gceist i ndáil le comhlíonadh dualgas a eascraíonn as conarthaí curtha i gcrích ag institiúidí nó comhlachtaí Comhphobail.

**Measann an tOmbudsman go mbíonn drochriarachán i gceist nuair nach ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith. Mar sin, féadfaidh drochriarachán a bheith i gceist i ndáil le comhlíonadh dualgas a eascraíonn as conarthaí curtha i gcrích ag institiúidí nó comhlachtaí Comhphobail.**

Mar sin féin, bíonn raon feidhme an athbhreithnithe a fhéadfaidh an tOmbudsman a dhéanamh i gcásanna dá leithéid teoranta de riachtanas. Is í tuairim an Ombudsman nár chóir dó iarracht a dhéanamh a dheimhniú cibé ar sháraigh nó nár sháraigh aon pháirtí an conradh i gcás go bhfuil díospóid ann faoi sin. Ní fhéadfadh ach cúirt le húdarás inniúil déileáil go héifeachtach leis an gceist seo, mar bheadh ar a cumas éisteacht le hargóintí na bpáirtithe maidir leis an dlí náisiúnta ábhartha agus fianaise easaontach faoi aon saincheisteanna fírice díospóidte a mheasúnú.

I gcásanna a bhaineann le díospóidí conarthacha, measann an tOmbudsman go bhfuil sé inchosanta a fhiosrúchán a theorannú chuig scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil cuntas comhleanúnach, réasúnta ar bhonn dlíthiúil a g(h)níomhaíochtaí curtha ar fáil dó ag an institiúid nó ag an gcomhlacht Comhphobail, agus cad chuige go gcreideann an institiúid nó an comhlacht i gceist go bhfuil bonn lena d(h)earcadh faoin seasamh conarthach. I gcás go bhfaighidh an tOmbudsman go bhfuil bonn le seasamh na hinstitiúide nó an chomhlachta, cinnfidh sé nár aimsigh a fhiosrúchán go raibh drochriarachán i gceist. Ní bheidh tionchar ag an gcinneadh seo ar cheart na bpáirtithe chun a ndíospóid chonarthach a chur os comhair cúirte le húdarás inniúil a scrúdóidh an díospóid agus a shocróidh go críochnúil é. Má thugann na páirtithe a ndíospóid os comhair cúirte, dúnfaidh an tOmbudsman a fhiosrúchán lom láithreach, gan aon mheasúnú breise, i bhfianaise Airteagal 2(7) dá Reacht[27].

Ar bhonn an scrúdaithe réamhluaite, dhún an tOmbudsman roinnt fiosrúchán ina bhfuair sé nach raibh drochriarachán i gceist nó inar mheas sé nach raibh sé inchosanta fiosrúcháin bhreise a dhéanamh. I measc na gcásanna i gceist, bhí cásanna a bhain le laethanta oibre aitheanta agus glactha mar bhonn d'íocaíocht[28], díospóidí faoi chostais incháilithe agus/nó méideanna airgid le bheith aisghafa nó íoctha i ndiaidh gníomhartha iniúchta[29], diúltú ús a íoc ar íocaíocht dhéanach[30] nó moill iomarcach ar íocaíochtaí réamh-mhaoinithe de dheontas ar leith[31].

Maidir le moilleanna ar íocaíocht, dúnadh fiosrúcháin éagsúla mar fhiosrúcháin socraithe mar bhí an institiúid i dtrácht (an Coimisiún) in ann na gearánaigh a íoc agus a n-éilimh a shásamh i ndiaidh don Ombudsman a fhiosrúcháin a oscailt[32]. Ní mór a thabhairt faoi deara, sa bhliain 2008 dhún an tOmbudsman fiosrúchán a rinne sé ar a thionscnamh féin ar íocaíocht dhéanach ag an gCoimisiún (**OI/5/2007/GG**). Chinn an fiosrúchán sin go raibh dul chun cinn fós le déanamh sa réimse seo.

Baineann cineál eile faidhbe a ndéileálann an tOmbudsman léi i gcásanna conarthacha leis na conarthaí ar leith a bhunaíonn an Coimisiún chun gníomhartha nó cláir maoinithe ag an AE a fheidhmiú. Bunaíonn an Coimisiún caidreamh conarthach le gnólacht nó cuibhreannas ar leith a chuireann an tionscadal i dtrácht i bhfeidhm trí leas a bhaint as fo-chonraitheoirí, saineolaithe nó a fhostaithe féin. Tugann roinnt de na conarthaí sin agus de na creat-chláir faoi seach roinnt ceart don Choimisiún i ndáil le saineolaithe nó fostaithe an chonraitheora. Féadfaidh an timpeallacht chonarthach áirithe seo a bheith ina cúis le díospóidí idir conraitheoirí an Choimisiúin agus a mbaill foirne nó saineolaithe, agus measann an tOmbudsman go mbíonn leibhéal áirithe freagrachta ag an gCoimisiún i leith na ndíospóidí sin[33]. Bhain

**Rinne na hinstitiúidí, an Coimisiún ach go háirithe, fíor iarracht in 2008 glacadh le réitigh chairdiúla molta ag an Ombudsman i gcás díospóidí conarthacha.**

**27.** Cás 2392/2005/OV.
**28.** Cás 1331/2007/JMA.
**29.** Cásanna 3394/2005/(TN)DK, 3736/2006/JF, 1367/2007/ELB, 2689/2005/BB, agus 1785/2005/OV.
**30.** Cás 1644/2007/FOR.
**31.** Cásanna 3794/2006/FOR agus 1564/2006/VIK.
**32.** Cásanna 338/2008/BEH, 1945/2007/WP, 2272/2008/JMA, agus 2273/2007/MF.
**33.** Féadfar teacht ar eiseamláirí den tsaincheist seo atá sa bhreis ar na heiseamláirí a luaitear anseo i gcásanna 579/2007/(TN)TS, 2306/2007/(OV)BEH, 3375/2006/JF, agus 3090/2005/(GK)MHZ.

cás **193/2007/JMA** le dífhostú ceannaire tionscadail i ndiaidh don Choimisiún a chur in iúl nach raibh sé sásta le hobair a chur sé ar fáil. Cé nach bhfuair an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist, tharraing sé aird ar an ngá seasamh na hinstitiúide a chur i láthair i scríbhinn chun cur ar chumas an duine i gceist a dhearcaí a chur i láthair dá fhostóir, ba chonraitheoir an Choimisiúin. Rinne an tOmbudsman an ráiteas céanna i gcás **1084/2006/MHZ**, a bhain le caidreamh idir an conraitheoir agus a fho-chonraitheoir.

Ba bhreá leis an Ombudsman a aibhsiú go ndearna na hinstitiúidí, an Coimisiún ach go háirithe, fíor iarracht in 2008 glacadh le réitigh chairdiúla molta ag an Ombudsman i gcás díospóidí conarthacha.

➔➔➔ I gcás **3490/2005/(ID)PB**, atá ar cheann de phríomhchásanna na bliana seo, fuair an tOmbudsman go raibh freagairt an Choimisiúin ina freagairt eiseamláireach. Bhí an Coimisiún críochnúil agus cuiditheach ar feadh an nóis imeachta, agus ghlac sé, fiú amháin, le híocaíochtaí ábhartha breise a d'aithin a sheirbhísí féin agus an gearánach. Thug an socrú le fios gur dúnadh iarmhéid an chuntais tionscadail le híocaíochtaí de EUR 48 486.79 agus USD 101 938.40 déanta leis an ngearánach. Bhain cás **3784/2006/FOR**, príomhchás eile den bhliain 2008, le hinstitiúid Ostarach a mhaígh nár íoc an Coimisiún suim EUR 97 000 a bhí le híoc le aghaidh conartha taighde agus forbartha sa réimse d'innealtóireacht cheimiceach. Chun a dhiúltú an tsuim a íoc a chosaint, mhínigh an Coimisiún nach bhfuair sé an ráiteas costais deiridh in am. Mheas an tOmbudsman go raibh freagairt an Choimisiúin míréireach agus d'iarr sé ar an gCoimisiún a sheasamh a athmheas. D'aontaigh an Coimisiún EUR 54 000 a íoc. Ghlac an institiúid leis an togra agus gabhadh buíochas leis an Ombudsman as a idirghabháil. ➔➔➔

Shocraigh an Coimisiún cás **2273/2007/MF** mar d'aontaigh sé cúiteamh a íoc leis an ngearánach. D'fhoirceann an Coimisiún conradh leis an ngearánach i ndiaidh don Choimisiún neamhrialtacht sa nós imeachta bronnta tairiscintí a aithint. Toisc nach bhféadfaí an chúis a foirceannadh an conradh a chur i leith an ghearánaigh, d'aithin an Coimisiún go raibh an ghnólacht i dteideal cúitimh. I ndiaidh sin, chuir an gearánach an tOmbudsman ar an eolas gur seoladh iarratas nua ar thairiscintí agus go raibh an ghnólacht ar an ngearrliosta de tháirgeoirí.

## Riarachán agus rialacháin foirne

Gach bliain faigheann an tOmbudsman roinnt gearán a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin na n-institiúidí (31 fiosrúchán nó 10 % de líon iomlán na bhfiosrúchán a osclaíodh in 2008). Baineann na gníomhaíochtaí seo le feidhmiú na Rialachán Foirne d'oifigigh agus feidhmiú téacsanna ábhartha eile. Baineann na cásanna seo le raon leathan ábhar agus baineann siad leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí uile, beagnach.

**Gach bliain faigheann an tOmbudsman roinnt gearán a bhaineann le gníomhaíochtaí riaracháin na n-institiúidí.**

In 2008, dhún an tOmbudsman ceithre chás a bhain le hoifigigh nó le gaolta oifigeach a rinne gearán leis faoi orduithe um aisghabháil airgid a d'íoc na hinstitiúidí go míchuí a bhí éagothrom, ina dtuairim. Bíonn cur chuige an Ombudsman i gcásanna den chineál seo bunaithe ar chásdlí chúirteanna an Chomhphobail[34] agus ar mheasúnú ar chothroime agus réasúntacht na n-orduithe aisghabhála seo. Gan amhras, gné thábhachtach amháin ina leith seo ná go ndéantar íocaíochtaí míchuí le hoifigigh nó le tríú daoine nach mbíonn an-fheasach ar rialacha agus ar rialacháin an Chomhphobail. Tuigeann an tOmbudsman sin, agus leagann sé béim ar na hiarrachtaí a rinne institiúidí i dtrácht go ginearálta chun freagairt dhearfach a thabhairt dá mholtaí maidir le réitigh chairdiúla nó dá dhréachtmholtaí. I gcás **902/2007/(MHZ)RT**, ghlac an Pharlaimint leis an dréachtmholadh maidir leis an ordú aisghabhála a laghdú i bpáirt. I gcás eile, **3464/2004/(TN)TS**, ní bhfuair an tOmbudsman go raibh drochriarachán ar bith i gceist maidir leis an ordú aisghabhála a d'eisigh an Pharlaimint i gcoinne oifigigh ar scor, ach cháin sé an institiúid as an mbealach ar eisigh sí an t-ordú, is é sin, gan an gearánach a chur ar an eolas faoina cinneadh nó faoin réasúnaíocht taobh

**34.** Cás T-205/01 *Ronsse v an Coimisiún* [2002] ECR-SC II-1065.

thiar de. I ndiaidh don Ombudsman cinneadh a dhéanamh fiosrúcháin bhreise a dhéanamh i gcás **3778/2005/ELB**, a bhain le moill ocht mbliana ar eisiúint ordaithe aisghabhála, chealaigh an Coimisiún an t-ordú le haitheantas gur dóchúil go mbeadh na costais i gceist leis an airgead a aisghabháil níos mó ná an fhiach féin. I gcás eile, **2879/2008/BU**, tar éis don Ombudsman tús a chur le nós imeachta simplithe, d'aontaigh an Coimisiún ordú aisghabhála de luach níos lú ná EUR 200 a bhain le hús dlite a chealú.

Dhún an tOmbudsman naoi gcás in 2008 a bhain le fearann caidrimh sheachtraigh (Relex) ghníomhaíochtaí an Choimisiúin. Bhain trí cinn de na cásanna sin le fadhbanna éagsúla i gceist le clár "Saineolaithe Sóisearacha" Thoscaireachtaí an Choimisiúin. I measc na bhfadhbanna bhí saincheisteanna a bhain le roghnóireacht[35], earcaíocht agus dálaí oibre[36] agus oiriúnaithe do liúntas maireachtála[37]. Dhún an tOmbudsman roinnt cásanna a bhain le cinntí grádaithe do ghníomhairí áitiúla[38], dífhostú sainchomhairleoirí a bhí ag oibriú do thionscadal maoinithe ag an AE[39], diúltú socruithe speisialta a bheartú do rannphháirteachas gníomhairí áitiúla i gcomórtais eagraithe ag Epso[40] agus nósanna imeachta earcaíochta do bhainisteoirí TF i dToscaireachtaí an Choimisiúin[41]. Bhí torthaí éagsúla ar na fiosrúcháin sin, ach is cosúil go léiríonn líon coibhneasta ard na ngearán a fuair an tOmbudsman go bhféadfaí feabhas a chur ar bhainistíocht foirne sa réimse an-díláraithe seo de ghníomhaíocht an Choimisiúin.

**Tá an tOmbudsman sásta a aithint gur baineadh torthaí dearfacha amach i líon maith cásanna sa réimse de ghearáin foirne mar gheall ar dhearcadh réamhghníomhach an riaracháin.**

Tá an tOmbudsman sásta a aithint gur baineadh torthaí dearfacha amach i líon maith cásanna sa réimse de ghearáin foirne mar gheall ar dhearcadh réamhghníomhach an riaracháin. I gcás **1918/2007/ELB**, a bhain le gearán faoi mhoilleanna i gceist le cur i bhfeidhm sraith breithiúnas cúirte a bhain le gairmréim an ghearánaigh, shocraigh an Coimisiún an cás ar bhealach a shásaigh an gearánach. Glacadh le réiteach cairdiúil a mhol an tOmbudsman i gcás **693/2006/(BM)FOR**, a bhain le díospóid faoi mhéid na liúntas lonnaíochta a d'íocfaí le gníomhaire fostaithe sa réimse de chúnamh bia agus comhar daonnúil le haghaidh tríú tíortha Bhí an tOmbudsman in ann cás **2331/2007/RT**, a bhain le híoc costas sochraide, a dhúnadh mar chás a bhí socraithe ag an institiúid freisin. Baineadh toradh dearfach amach i gcás **2465/2004/(TN)DK** freisin, cé gur baineadh amach é tar éis don Choimisiún diúltú glacadh le moladh faoi réiteach cairdiúil ar dtús, réiteach a bhí i gceist leis teacht ar an bhfoirm a d'úsáid an coiste grádaithe chun cinneadh a dhéanamh faoi ghrád oifigigh a thabhairt d'oifigeach a rinne gearán faoina ghrád. I gcás **3579/2006/TS** a bhain le mainneachtain costais a bhain le scrúduithe leighis a rinneadh mar chuid de nós imeachta earcaíochta a aisíoc, d'aontaigh an Coimisiún na costais sin a aisíoc le linn fhiosrúchán an Ombudsman. Rinne an tOmbudsman ráiteas breise i ndáil leis an mbealach tríd is tríd ar dhéileáil an Coimisiún le hiarratas an ghearánaigh.

I gcás **2782/2006/(MHZ)RT**, cé gur íoc an Coimisiún na sochair árachais slánaíochta a raibh an gearánach ina dteideal, dhún an tOmbudsman an cás le dhá ráitis chriticiúla mar gheall ar an moill i gceist leis na sochair sin a íoc agus mar gheall ar iompar a bhí míchúirtéiseach i leith an ghearánaigh, i dtuairim an Ombudsman. Dúnadh dhá fhiosrúchán eile gan drochriarachán ar bith ag an gCoimisiún a aimsiú. Bhain na cásanna sin le haistriú ceart pinsin gníomhaire shealadaigh ó scéim an Chomhphobail chuig scéim náisiúnta (**743/2007/(BM)MF**) agus athrú teidil poist gníomhaire (**2393/2007/RT**). Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise d'fhonn a áirithiú go ndéanfar feabhsuithe breise sa todhchaí. Baineadh toradh níos diúltaí amach i gcás **1584/2006/OV**, inar ghlac iarrthóir, a d'éirigh leis i gcomórtas agus a cuireadh ar liosta cúltaca, páirt in agallaimh éagsúla do phost ach níor earcaíodh é riamh. Rinne an gearánach aon líomhain déag faoi earráidí substaintiúla agus gnásúla. Dhún an tOmbudsman an fiosrúchán le dhá ráitis chriticiúla faoi mhainneachtain ghnásúil an Choimisiúin i ndáil le déileáil le hiarratais an ghearánaigh.

**35.** Cás 3738/2006/(SAB)TS.
**36.** Cás 1054/2007/MHZ.
**37.** Cás 554/2006/(BM)FOR.
**38.** Cásanna 1104/2005/ELB agus 2851/2005/PB.
**39.** Cás 1411/2006/JMA.
**40.** Cás 2507/2007/VIK.
**41.** Cás 887/2007/(BM)JMA.

Dhún an tOmbudsman ceithre chás foirne a bhain leis an bParlaimint freisin. Ní bhfuair sé drochriarachán ar bith i dtrí cinn de na cásanna sin. Bhain siad (i) le hearcú agus grádú iarrthóirí i ndiaidh comórtais oscailte, a tionscnaíodh sular tháinig na Rialacháin nua Foirne i bhfeidhm[42]; (ii) le hearcú saor-ateangaire[43]; agus (iii) le mainneachtain ardú céime a thabhairt d'oifigeach i ndiaidh di líon áirithe pointí fiúntais a ghnóthú[44]. I gcás eile (**3051/2005/(PB)WP**), a bhain le heaspa measúnachta comparáidí ar fhiúntais an ghearánaigh chomh maith, chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist, agus i ndiaidh don Pharlaimint mainneachtain a dhéanamh a dhréachtmholadh a chur i bhfeidhm go cuí, dhún sé an cás le ráiteas criticiúil.

Rinneadh cinneadh amháin i ndáil le cásanna foirne a bhain leis an gComhairle in 2008.

→→→ I gcás **1162/2007/FOR**, atá ar cheann de phríomhchásanna na bliana seo, d'aontaigh an Chomhairle íocaíocht *ex gratia* de EUR 1 000 a dhéanamh mar aitheantas ar an míchaoithiúlacht agus an strus a bhí i gceist don ghearánach. Ar dtús, thairg an Chomhairle conradh aon bhliana don ghearánach agus d'athraigh sé na téarmaí nuair a thug sé faoi deara go sroichfeadh an gearánach aois 65 le linn na tréimhse fostaíochta. Ní bhfuair an tOmbudsman, áfach, go raibh drochriarachán i gceist ó thaobh líomhain an ghearánaigh d'idirdhealú aoise de (féach, ar an láimh eile, ar chás **185/2005/ELB** sa chéad chuid eile a bhaineann le hidirdhealú aoise sa Choimisiún). ←←←

Bhain cás **1473/2006(SAB)TS** i gcoinne Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) le haistritheoir Ungárach a d'iarr teacht a fháil ar an tuarascáil déanta ag Painéal Ciaptha na hinstitiúide faoina cás, le cois faisnéis ar an obair leantach déanta ag an CESE i ndáil leis an scéal. Rinne sí gearán freisin faoi neamhrialtachtaí riaracháin agus rinne sí líomhaintí maidir le fadhbanna tromchúiseacha idirdhealaithe a bhain le frith-Sheimíteachas. I ndiaidh don Ombudsman a fhiosrúchán a oscailt, sholáthair an CESE an tuarascáil agus an obair leantach déanta uirthi don ghearánach. Cháin an tOmbudsman an Coiste as an moill i gceist leis an tuarascáil a sholáthar.

Dhún an tOmbudsman roinnt fiosrúchán a bhain le cásanna foirne sna gníomhaireachtaí freisin. I gcás **524/2005/BB**, d'íoc an Ghníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMEA) cúiteamh airgeadais i ndiaidh don Ombudsman a fháil amach gur theip air faisnéis chruinn, shoiléir agus leordhóthanach a sholáthar don ghearánach faoin staid chonarthach a bhí aici mar gheall ar na Rialacháin nua Foirne. I gcás **2209/2007/VIK** a bhain le haisíoc costas taistil le hiarrthóir, shocraigh an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha an fhadhb le linn fhiosrúchán an Ombudsman. Ar an dul céanna, i gcás **2467/2007/MF**, a bhain le líomhaintí de chiapadh morálta agus de mhí-úsáid cumhachta, dhéileáil an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnród (GEI) leis an tsaincheist ar bhealach éifeachtach. Bhain cás **1180/2006/ID** i gcoinne an Lárionaid um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP) le foirceannadh conartha agus le hathshannadh gníomhaire. Chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist mar theip ar an ngníomhaireacht a cinneadh a réasúnú. Thug sé ráiteas criticiúil uaidh agus dhún an cás.

## Comórtais agus nósanna imeachta roghnóireachta

Ó bunaíodh an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), baineann formhór na bhfiosrúchán maidir le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnóireachta eile leis an gcomhlacht Comhphobail nua go leor seo. I bhfianaise acmhainn shoiléir EPSO feidhmiú mar phointe teagmhála sofheicthe, pribhléideach le líon suntasach saoránach de chuid an AE, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh sí cultúr seirbhíse i ndáil le saoránaigh agus go bhfeidhmeoidh sí go trédhearcach ina nósanna imeachta roghnóireachta agus gníomhaíochtaí ginearálta.

**Ó bunaíodh an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), baineann formhór na bhfiosrúchán maidir le comórtais oscailte agus nósanna imeachta roghnóireachta eile leis an gcomhlacht Comhphobail nua go leor seo.**

Cé go bhfuil an tOmbudsman ar an eolas, trí mheán a fiosrúchán, ar an teannas dosheachanta a eascraíonn as an ngá a chinntiú go mbíonn boird roghnóireachta saor ó aon chur isteach ná brú

42. Cás 3770/2006/JF.
43. Cás 2485/2006/MF.
44. Cás 1586/2007/(MHZ)RT.

míchuí, agus an gá tábhachtach eile trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú ina gcuid gníomhaíochtaí, creideann sé fós go bhféadfaí teacht ar réiteach idir an dá rud sin, agus tugann cásdlí ar an tsaincheist seo a aontaíodh i gcúirteanna an Chomhphobail le deireanas spreagadh dó[45]. Léiríonn an-chuid de na heiseamláirí seo a leanas an dearcadh an-dearfach a léirigh EPSO i ndáil leis an ngá teacht ar réiteach idir na saincheisteanna seo.

Sheol an tOmbudsman fiosrúchán ar a thionscnamh féin in 2005 (**OI/5/2005/PB**) faoin bhféidearthacht a bhí ag EPSO teacht a thabhairt ar na critéir mheastóireachta agus mharcála a úsáideann sí sna tástálacha a riarann sí. In 2008, rinne sé dréachtmholadh do EPSO ag iarraidh uirthi na critéir mheastóireachta, más ann, a ghlac boird roghnóireachta do thástálacha scríofa nó ó bhéal agus miondealú mionchruinn na marcanna, más ann, a bronnadh orthu dá bhfeidhmíocht, a nochtadh d'iarrthóirí dá n-iarrfaidís é. Is céim thábhachtach chun tosaigh í freagairt dhearfach EPSO i ndáil le trédhearcacht na nósanna imeachta roghnóireachta agus ba chóir di cabhrú le muinín saoránach as obair EPSO a threisiú. I ndáil le gearáin shonracha, thug EPSO freagairt dhearfach do dhréachtmholadh an Ombudsman i gcás **1000/2006/TN**, ag aontú gur chóir miondealú páirteach marcanna iarrthóra i scrúdú ó bhéal a thabhairt di. I gcás **50/2007/DK**, chinn an tOmbudsman nach raibh drochriarachán ar bith i gceist le diúltú an EPSO miondealú dá mharcanna a thabhairt d'iarrthóir i ndiaidh scrúdaithe ó bhéal toisc nár tháirg an Bord cáipéis ná faisnéis ábhartha i ndáil le meastóireacht na n-iarrthóirí. Mar sin féin, tharraing an tOmbudsman aird EPSO ar an dréachtmholadh a rinne sé ar bhonn an fhiosrúcháin fhéintionscanta réamhluaite agus rinne sé an rud céanna i roinnt cásanna eile[46] a dúnadh in 2008. I roinnt cásanna eile, chinn an tOmbudsman go raibh an fhaisnéis a sholáthair EPSO sna leathanaigh mheastóireachta a tarchuireadh d'iarrthóirí soiléir go leor le hiad a chur ar an eolas faoin gcúis nár éirigh leo i scrúduithe ar leith[47]. Dhún an tOmbudsman na cásanna sin gan drochriarachán ar bith a aimsiú.

Mar gheall ar shaincheist eile a bhain le hobair EPSO, sheol an tOmbudsman fiosrúchán eile ar a thionscnamh féin (**OI/4/2007/(ID)MHZ**). Baineann sé le teacht a bheith ag iarrthóirí nár éirigh leo i dtástálacha ríomhaire-bhunaithe (CBT) ar na ceisteanna agus ar na freagraí a thug siad. Diúltaíonn EPSO teacht a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, inter alia, mar dá nochtfaí ceisteanna thabharfadh sé le fios nach bhféadfaí iad a úsáid i gcomórtais amach anseo. I ndiaidh dó líon suntasach gearán ar leithligh a fháil faoin gcleachtas seo agus i ndiaidh dó a chinneadh go raibh drochriarachán i gceist leis[48], sheol an tOmbudsman a fhiosrúchán. Cuireadh a lán gearán eile a bhain leis an ábhar sin faoina bhráid ó shin. D'athdheimhnigh sé do na gearánaigh sin go gcuirfear ar an eolas iad faoi thoradh an fhiosrúcháin fhéintionscanta agus go bhféadfaidh siad súil a choinneáil ar dhul chun cinn an fhiosrúcháin sin trí fhéachaint ar a shuíomh gréasáin[49].

Bhain cineál eile cáis a cuireadh faoi bhráid an Ombudsman i ndáil le nósanna imeachta roghnóireachta EPSO le fadhbanna ábharacha ar bualadh leo i ndáil leis na tástálacha, a braitheadh gur chuir siad iarrthóirí faoi mhíbhuntáiste. I measc na n-eiseamláirí léiritheacha de chásanna dá leithéid tá an gá ceisteanna míchearta i dtástálacha is gá iad a neamhniú a aithint mar líomhnaítear go mbíonn sin ina chúis le cailliúint ama d'iarrthóirí[50], fothram agus cur isteach ar roinnt iarrthóirí i seomra scrúdaithe áirithe[51], coinníollacha éagothroma do chiotóga ag déanamh tástálacha ríomhaire-bhunaithe[52], agus feidhm seiceálaí litrithe earráideach ar ríomhaire a d'úsáid iarrthóir faoi mhíchumas[53]. I roinnt cásanna, ghabh EPSO leithscéal faoin mbotún nó thairg sé an fhadhb a réiteach, nuair a bhí sin indéanta.

Bhain líon suntasach gearán le cinntí déanta ag boird roghnóireachta faoi na dioplómaí ar leith a mbíonn gá leo chun teacht a fháil ar chomórtas áirithe. Tugann an líon ard gearán sa réimse seo

**45.** Case F-74/07 *Meierhofer v an Coimisiún*, Breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2008, ntf.
**46.** Cásanna 801/2007/ELB, 1312/2007/IP, agus OI/8/2006/BU.
**47.** Cásanna 2589/2006/BU agus 2900/2006/BU.
**48.** Cás 370/2007/MHZ.
**49.** Cásanna 3492/2006/(WP) BEH, 1312/2007/IP, 7/2007/PB, agus 801/2007/ELB.
**50.** Cásanna 7/2007/PB agus 1850/2006/IP.
**51.** Cás 2214/2006/IP.
**52.** Cás 1848/2007/(WP)BEH.
**53.** Cás 2596/2007/RT.

le fios go bhféadfadh Epso fógraí comórtais níos soiléire a tháirgeadh, a shonródh cineál na ndioplómaí a d'fhéadfadh teacht a thabhairt ar na próifílí á lorg. D'fhéadfadh sé míniú níos fearr a thabhairt freisin ar conas is féidir le hiarrthóirí a dtaithí ghairmiúil a chruthú chun gearáin agus iarratais leis na boird chun athscrúdú a dhéanamh ar a gcinntí sa réimse seo a sheachaint[54]. Ní mór béim a leagan ar ghearán ar leith. I gcás **2826/2004/PB**, chinn an tOmbudsman gur eisiaigh an Bord Roghnóireachta iarrthóir go héagórach ó chomórtas do rúnaithe a raibh ar a gcumas Béarla a labhairt toisc nár thug a dioplóma an ceart ar staidéir ollscoile di. I ndiaidh fiosrúcháin fhada, bhí drogall ar Epso an botún a admháil fós, cé gur dhearbhaigh na húdaráis náisiúnta chuí i scríbhinn go raibh cinneadh an Bhoird mícheart go substaintiúil idir an dá linn, agus fiú amháin i ndiaidh don Chúirt Chéadchéime cinntí míchearta cosúla ag an mBord Roghnóireachta céanna a neamhniú. Ba í freagairt tosaigh Epso nach gcuirfeadh sí breithiúnais na Cúirte i bhfeidhm ach i gcásanna inar roghnaigh na hiarrthóirí a gcás a thabhairt os comhair na cúirte. D'áitigh an tOmbudsman gur chóir an cineál céanna sásaimh a thabhairt don ghearánach agus d'aontaigh Epso ar deireadh.

Is fiú dhá chás eile a bhain le Epso a lua. Baineann ceann amháin le hidirdhealú líomhnaithe maidir le húsáid teangacha áirithe i gcomórtais (cás **3147/2006/IP**), agus baineann an ceann eile le heaspa líomhnaithe neamhchlaontachta ag ball de bhord roghnóireachta, a bhí ina oiliúnóir ar chúrsa ullmhúcháin do scrúduithe eagraithe ag Epso ar ghlac an gearánach páirt ann (cás **688/2008/RT**).

Fiú amháin má bhíonn formhór na ngearán a bhaineann le hearcaíocht dírithe ar Epso, faigheann an tOmbudsman gearáin ó am go ham i gcoinne institiúidí nó comhlachtaí eile, go háirithe gníomhaireachtaí nua-bhunaithe a bhfuil a nósanna imeachta earcaíochta á ndaingniú acu fós. Ba bhreá leis an Ombudsman béim a leagan ar an gcur chuige dearfach go ginearálta a léirigh gníomhaireachtaí i ndáil lena fhiosrúcháin agus moltaí. Mar shampla, bhain cás **1678/2005/(ID)MF** le sraith nósanna imeachta roghnóireachta a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Eorpach Leigheasra (Emea). I ndiaidh anailís chríochnúil a dhéanamh ar an bhfianaise a soláthraíodh, dhearbhaigh an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist agus d'iarr sé ar an Emea leithscéal a ghabháil agus EUR 1 000 a íoc leis an ngearánach mar chúiteamh ar dhochar morálta a rinneadh dó. D'aontaigh an Emea agus d'inis sí don Ombudsman go gcuirfeadh sí a bhreathnuithe agus a chonclúidí san áireamh i nósanna imeachta roghnóireachta amach anseo. I gcás **1332/2007/(BM)MF** i gcoinne an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (Ecdc), chuir an tOmbudsman fáilte roimh chinneadh an Ecdc a Chód féin um Dhea-Iompar Riaracháin a ghlacadh agus roimh thiomantas an Ecdc do phrionsabail an dea-riaracháin. Maidir le hábhar an cháis, mheas an tOmbudsman gur sholáthair an Ecdc míniú réasúnta, a bhí leordhóthanach agus comhleanúnach, ar a chinneadh diúltú d'iarratas an ghearánaigh.

→→→ Rinne gearánach amháin teagmháil leis an Ombudsman i ndáil le nós imeachta roghnóireachta a bhí eagraithe ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (Easa). Thug an Easa freagairt an-dearfach d'fhiosrúchán an Ombudsman. I gcás **893/2006/BU**, is príomhchás eile don bhliain 2008 é, ní amháin gur aithin an ghníomhaireacht an botún agus gur ghabh sé leithscéal faoi, ach le linn an fhiosrúcháin, d'aontaigh sí freisin an fhaisnéis a bhí ag teastáil ón ngearánach a thabhairt dó agus thug sí gealltanas go gcuirfeadh sí an fhaisnéis sin ar fáil i nósanna imeachta roghnóireachta amach anseo. ←←←

Bhí torthaí éagsúla ar dhá chás chomhthreomhara, ceann amháin i gcoinne na Parlaiminte (**186/2005/ELB**) agus an ceann eile i gcoinne an Choimisiúin (**185/2005/ELB**). Cé gur ghlac an Pharlaimint le dréachtmholadh an Ombudsman, dhiúltaigh an Coimisiún glacadh leis. Bhain na cásanna sin le hidirdhealú ar bhonn aoise, agus go sonrach leis an gcinneadh stop a chur le fruiliú Ateangairí Comhdhála Cúntacha (Acianna), is iad sin, saor-ateangairí fruilithe do chomhdhálacha agus cruinnithe sonracha, atá os cionn 65 bliain d'aois. D'oibrigh an gearánach do na hinstitiúidí seo mar Aci ar feadh níos mó ná 35 bliain, ach ní bhfuair sé tairiscintí poist níos mó i ndiaidh dó aois 65 a bhaint amach. I dtuairim an Ombudsman níor thug an Coimisiún míniú leordhóthanach ar a chinneadh

**54.** Cásanna 2189/2007/RT, 1500/2007/VIK, 1641/2007/VIK, agus 3224/2006/(SAB)TS.

cóir éagsúil a thabhairt do ACIanna os cionn 65 bliain d'aois. Toisc gur ardaigh an cás ceist thábhachtach maidir le prionsabal, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta faoi bhráid na Parlaiminte. Ba í sin an t-aon tuarascáil speisialta amháin a d'eisigh an tOmbudsman in 2008.

## ■ Ábhair institiúideacha, bheartais agus eile

Clúdaíonn an chatagóir iarmharach seo raon gearán déanta in aghaidh na n-institiúidí i ndáil lena ngníomhaíochtaí déanta beartais nó i ndáil lena bhfeidhmiú ginearálta.

I gcás **284/2006/PB**, rinne gearánach Ollannach gearán faoi fheidhmiú reachtaíocht an Chomhphobail i ndáil le tabhairt isteach tacagraf digiteach i bhfeithiclí. Go sonrach, líomhnaigh sé nach raibh údarás dlíthiúil ag an gCoimisiún moratóir a bhunú maidir le suiteáil éigeantach na dtacagraf réamhluaite sna feithiclí uile. Fuair an tOmbudsman go raibh an líomhain sin inchosanta agus rinne sé ráiteas criticiúil.

Bhain cás **2487/2006/DK** le gearánach a mheas gur diúltaíodh rochtain ar fhoirgnimh an Choimisiúin a thabhairt dó go héagórach. Fuair an tOmbudsman nár diúltaíodh rochtain a thabhairt don ghearánach, ach gur tugadh rochtain dó faoi réir coinníollacha áirithe. Chinn sé nach raibh i gcinneadh an Choimisiúin ach feidhmiú réasúnta a údaráis chun rochtain ar áitreabh an Chomhphobail a rialú. I gcás **2819/2005/BU**, cháin an tOmbudsman Parlaimint na hEorpa as an gcóir gharbh a thug a seirbhísí slándála don ghearánach, iar-chúntóir FPE, i ndiaidh di cinneadh a dhéanamh a conradh a fhoirceannadh. Shocraigh an tOmbudsman gur sháraigh an chóir prionsabal na comhréireachta agus rinne sé dréachtmholadh. Dhiúltaigh an Pharlaimint leithscéal a ghabháil leis an ngearánach agus cúiteamh a thairiscint di de réir mar a mhol an tOmbudsman.

Bhain cás **2235/2005/(TN)TS** le líomhaintí gur theip ar an gCoimisiún monatóireacht chuí a dhéanamh ar scéim árachais pinsin do shaineolaithe aonair agus go ndearna sé na nósanna imeachta tairisceana a seoladh chun árachóir nua a fháil a mhíbhainistiú. Chinn an tOmbudsman nár sháraigh an Coimisiún teorainneacha a lánrogha sa réimse i gceist agus nár fheidhmigh sé ar bhealach a bhí míréasúnta go soiléir.

Cé nach comhlacht Comhphobail iad na Scoileanna Eorpacha, rinne an tOmbudsman roinnt fiosrúchán a bhaineann leis an gcreat ginearálta faoina bhfeidhmíonn na Scoileanna Eorpacha. Bíonn fiosrúcháin dá leithéid dírithe ar an gCoimisiún a bhfuil ionadaí dá chuid ar Bhord Bainistíochta na Scoileanna agus atá freagrach freisin as cuid an-suntasach de bhuiséad feidhmiúcháin na Scoileanna. In 2008, dhún an tOmbudsman roinnt fiosrúchán ar an ról a ghlac an Coimisiún maidir le feidhmiú na Scoileanna Eorpacha. Bhain cás **262/2006/OV** le hidirdhealú líomhnaithe a d'eascair as an riail a leag síos uastréimhse naoi mbliana do thréimhse iasachta múinteoirí chuig na Scoileanna. Bhain cás **2153/2004/MF** le dhá chinneadh de chuid Bhord Gobharnóirí na Scoileanna táillí scoile a mhéadú. Líomhnaigh an gearánach go raibh séanadh ceartas a thabhairt i gceist toisc nár tugadh an ceart do Chumainn na dTuismitheoirí achomharc a dhéanamh chuig an mBord Gearán i gcoinne na gcinntí sin. Mar fhreagra ar iarratais ón Ombudsman, luaigh an Coimisiún go raibh sé de rún aige iarraidh ar an Ard-Rúnaí, i gceann de na chéad cruinnithe eile de chuid an Bhoird Ghobharnóirí, leasú ar Rialacha Ginearálta na Scoileanna Eorpacha a thabhairt isteach chun achomhairc i gcoinne cinntí dá leithéid a cheadú.

Cháin an tOmbudsman an Coimisiún i gcás **101/2004/GG** a bhain le hiarratas ó iar-chúntóir eolaíoch de chuid na hInstitiúide um Dhúile Trasúránacha (ITU) i Karlsruhe go ndéanfadh an Coimisiún imscrúdú ar roinnt sáruithe ar rialacha slándála ag an ITU, is cuid den Choimisiún é. Bhain teagmhas amháin a bhí thar a bheith tromchúiseach le honnmhairiú neamhdhleathach ábhair radaighníomhaigh d'aon toisc chuig saotharlann sna Stáit Aontaithe i 1997. Scrúdaigh údaráis Ghearmánacha líomhaintí an ghearánaigh, agus rinne an Coimisiún gníomh chun roinnt easnamh a réiteach agus chun cosc a chur ar theacht chun cinn fadhbanna dá leithéid sa todhchaí. Mar sin féin, chinn an tOmbudsman nár léirigh an Coimisiún go ndearna sé scrúdú cuí ar líomhaintí uile an ghearánaigh, go háirithe an líomhain a bhain leis an teagmhas réamhluaite. Cé gur ghlac sé nach raibh sé indéanta a chruthú cibé ar seoladh nó nár seoladh ábhar radaighníomhach chuig na Stáit

Aontaithe go neamhdhleathach toisc nár sholáthair an institiúid ba fhaighteoir sna Stáit Aontaithe faisnéis faoin tsaincheist seo, cháin sé an Coimisiún toisc nach ndearna sé na gnéithe uile eile a bhí ábhartha sa chomhthéacs seo a mheas agus a scrúdú.

## 3.6 Aistrithe agus comhairle

Má tá gearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh, déanann sé iarracht comhairle a chur ar an ngearánach i ndáil le comhlacht eile a d'fhéadfadh a bheith inniúil chun déileáil leis an ngearán. go háirithe i gcás go mbaineann an cás le dlí an AE. Más féidir, agus ar choinníoll go bhfuil cúiseanna ann leis an ngearán a dhéanamh, déanann an tOmbudsman, le toiliú roimh ré an ghearánaigh, an gearán a aistriú go díreach chuig comhlacht inniúil eile.


**Má tá gearán lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh, déanann sé iarracht comhairle a chur ar an ngearánach i ndáil le comhlacht eile a d'fhéadfadh a bheith inniúil chun déileáil leis an ngearán.**

Is minic a bhaineann gearáin atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman le sáruithe líomhnaithe de dhlí an Chomhphobail ag Ballstáit. Is iondúil gur féidir le comhalta eile de Líonra Eorpach na nOmbudsmen déileáil le cásanna den sórt seo. Déanann an tOmbudsman Eorpach comhoibriú dlúth lena chontrapháirteanna náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit trí Líonra Eorpach na nOmbudsmen (féach cuid 4.2 thíos). Ceann de chuspóirí an Líonra is ea aistriú gasta gearán chuig an Ombudsman inniúil náisiúnta nó réigiúnach nó chuig comhlacht comhchosúil a éascú. Glacann Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa páirt sa Líonra mar chomhalta iomlán freisin.

**Déanann an tOmbudsman Eorpach comhoibriú dlúth lena chontrapháirteanna náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit trí Líonra Eorpach na nOmbudsmen.**

I roinnt cásanna, measann an tOmbudsman gur cuí an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún nó chuig SOLVIT, líonra a bhunaigh an Coimisiún d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais. Sula n-aistrítear gearán nó sula dtugtar comhairle don ghearánach, déanann seirbhísí an Ombudsman gach iarracht a áirithiú go dtugtar an chomhairle is cuí.

### Fíor 3.12: Gearáin a aistríodh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile Gearánaigh ar comhairlíodh dóibh teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile




NÓTA 1 Cuimsíonn seo 158 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2007 agus a próiseáladh in 2008, agus eisiann sé 220 gearán a cláraíodh roimh dheireadh 2008, a bhí á bpróiseáil fós ag deireadh na bliana chun a chinneadh cén gníomh ar chóir a chur i gcrích.

NÓTA 2 I gcásanna áirithe, tugadh dhá chineál comhairle nó níos mó do ghearán. Mar sin, tá iomlán na gcéatadán seo cothrom le níos mó ná 100 %.

I 70 % de na cásanna uile a scrúdaíodh in 2008, tugadh comhairle nó aistríodh an cás. Mar is féidir a fheiceáil i bhFíor 3.12, i 1 079 cás, aistríodh an gearán chuig comhalta Líonra Eorpach na nOmbudsmen nó comhairlíodh don ghearánach teagmháil a dhéanamh le comhalta den Líonra (insíodh do 888 gearánach a gcás a chur faoi bhráid Ombudsman náisiúnta nó réigiúnaigh, agus insíodh do 191 gearánach teagmháil a dhéanamh le Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa). Dúradh le 325 gearánach sa bhreis teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach[55], agus cuireadh 708 cás ar aghaidh chuig institiúidí agus comhlachtaí eile, cosúil le SOLVIT nó sain-Ombudsmen nó comhlachtaí láimhseála gearán sna Ballstáit.

Cuimsíonn an chuid eile den Chaibidil seo eiseamláirí de chásanna a aistríodh agus de chásanna inar tugadh comhairle.

## Gearáin a raibh páirt ag Líonra Eorpach na nOmbudsmen iontu

Chuir saoránach Francach gearán isteach i gcoinne Oifig Árachais Sláinte Réigiúnach Fhrancach i ndáil le deacrachtaí a bhí aige maidir lena éilimh ar íocaíochtaí pinsin. Rinne an tOmbudsman Eorpach teagmháil lena chontrapháirtí Francach chun a áirithiú go bhféadfadh sé déileáil leis an gcás. Ansin, rinne sé teagmháil leis an ngearánach a d'aontaigh go n-aistreofaí a ghearán chuig an Ombudsman Francach. Rinne an tOmbudsman Francach an gearán a imscrúdú agus dhearbhaigh sé go n-íocfaí íocaíochtaí pinsin an ghearánaigh leis le héifeacht shiarghabhálach.

1617/2008/CHM

Fuair an tOmbudsman Eorpach gearáin ó shaoránaigh Bhulgáracha faoi chuideachtaí fuinnimh (soláthraithe teasa lárnaigh agus uisce the) sa Bhulgáir. Toisc gur líomhnaigh na gearánaigh nach raibh dlí an Chomhphobail i ndáil le héifeachtacht fuinnimh úsáide deiridh agus seirbhísí fuinnimh trasuite go cuí, chomhairligh an tOmbudsman dóibh machnamh a dhéanamh ar ghearán sáraithe a chur isteach leis an gCoimisiún agus chuir sé an Coimisiún ar an eolas faoin gcás.

Bhí na céadta gearán comhchosúil faighte ag an Ombudsman Bulgárach, a chlúdaigh saincheisteanna ó sháruithe ar chearta tomhaltóirí go dtí an mhodheolaíocht úsáidte chun billí aonair a ríomh. Toisc go raibh na cuideachtaí fuinnimh i dtrácht laistigh dá shainordú, d'imscrúdaigh an tOmbudsman Bulgárach na gearáin agus d'eisigh sé tuarascáil a chuimsigh moltaí don Rialtas, do shain-ghníomhaireachtaí rialtais, don riarachán áitiúil agus do na cuideachtaí fóntais. I ndiaidh sin, chuir sé an tOmbudsman Eorpach ar an eolas faoi fhorbairtí sa réimse seo, go háirithe i ndáil le hathruithe ar dhlí na Bulgáire maidir le héifeachtacht fuinnimh.

2349/2008/VIK agus cásanna comhchosúla

Rinne náisiúnach Spáinneach gearán leis an Ombudsman Eorpach, thar ceann páirtí pholaitiúil, faoi shárú líomhnaithe ceart bunúsach ag údaráis náisiúnta agus réigiúnacha Spáinneacha. D'áitigh sé nár chuir údaráis na Spáinne gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeadh ar chumas saoránach a bhfuil cónaí orthu i réigiúin áirithe Spáinneacha ag a bhfuil a dteangacha réigiúnacha féin a gcearta a fheidhmiú, go háirithe i ndáil le húsáid Spáinnise i scoileanna agus in ollscoileanna, agus chun a áirithiú nach mbraithfeadh saoránaigh i mbaol ón eagraíocht sceimhlitheoireachta ETA. D'aistrigh an tOmbudsman an cás chuig an Ombudsman Spáinneach mar bhí ar chumas an Ombudsman sin na tionscnaimh riachtanacha a sheoladh i ndáil leis na líomhaintí sin.

Lena chois sin, d'áitigh an gearánach gur theip ar an gCoimisiún Eorpach beart a chur i ngníomh i gcoinne údaráis na Spáinne chun a áirithiú go gcomhlíonfaí na cearta agus saoirsí

55. Áirítear san fhigiúr seo roinnt cásanna inar fógraíodh go raibh gearán i gcoinne an Choimisiúin doghlactha de bhrí nach raibh an cur chuige riaracháin cuí déanta chuig an institiúid sular cuireadh isteach an gearán leis an Ombudsman.

sin. Toisc nach raibh teagmháil déanta aige leis an institiúid go fóill chun í a chur ar an eolas faoi na cúiseanna imní a bhí aige, chomhairligh an tOmbudsman Eorpach don ghearánach gearán a chur isteach leis an gCoimisiún.

3009/2007/SMG

Chuir gearánach, a bhfuil cónaí air san Ungáir, gearán isteach leis an Ombudsman Eorpach. Íocann an gearánach ailiúnas lena iar-bhean chéile a bhfuil cónaí uirthi sa Fhrainc. Rinne sé gearán mar san Ungáir, ní fhéadfaí an t-ailiúnas a bhaint dá ioncam inchánach. De réir an ghearánaigh, dá mbeadh cónaí air sa Fhrainc, bheadh sé in ann an t-ailiúnas a bhaint de. Mheas sé gur chóir don AE gníomh a dhéanamh i ndáil leis sin.

D'aistrigh an tOmbudsman an gearán sin chuig Parlaimint na hEorpa le go ndéileálfaí leis mar achainí. Chuir an Coiste Achainíocha tús le scrúdú ar an achainí, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún Eorpach réamhstaidéar a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla na faidhbe.

2592/2007/LR

## Gearáin aistrithe chuig an gCoimisiún Eorpach

Fuair an tOmbudsman Eorpach gearán ó Ombudsman Réigiúnach Andalucía na Spáinne i ndáil le doirteadh ola a raibh imbhualadh dhá long gar do chósta Cadiz agus réigiún Ghiobráltar ina chúis leis. De réir an ghearánaigh, bhí tionchar tromchúiseach ag an doirteadh ola ag an gceantar gar dó agus theip ar na húdaráis fhreagracha gníomh cuí a chur i bhfeidhm. Go sonrach, mheas sé gur sháraigh an cás dlí an Chomhphobail i ndáil le dliteanas comhshaoil.

Toisc gur bhain an cás le sárú féideartha dhlí an Chomhphobail ag Ballstát, d'aistrigh an tOmbudsman an cás chuig an gCoimisiún. D'inis an Coimisiún don Ombudsman gur scríobh sé chuig Ombudsman Andalucía ag míniú nach raibh an Treoir ábhartha trasuite ag údaráis Ghiobráltar go fóill agus go raibh sé ag déanamh oibre leantaí ar an ngné sin den chás trí mheán nós imeachta sáraithe. I ndáil leis an bhfadhb shonrach, luaigh an Coimisiún gur iarr sé ar údaráis na Ríochta Aontaithe faisnéis bhreise a sholáthar faoi chineál an ábhair a bhí á iompar agus faoi cibé ar chomhlíon nó nár chomhlíon údaráis na Ríochta Aontaithe a gcuid dualgas faoi dhlí an Chomhphobail. Gheall sé go gcuirfeadh sé Ombudsman Andalucía ar an eolas faoi aon fhorbairtí breise ina fhiosrúchán.

2017/2008/JMA

Fuair an tOmbudsman Eorpach dhá ghearán faoi fhadhbanna a bhí ag céilí shaoránaigh an AE a raibh víosaí de dhíth orthu chun dul isteach i mBallstát eile. Sa chéad chás, iarradh ar náisiúnach Nigéarach pósta le náisiúnta Rómánach víosa a sholáthar le dul isteach sa Ríocht Aontaithe. Sa dara cás, iarradh ar náisiúnach Téalannach pósta le saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe víosa a sholáthar le dul isteach sa Spáinn. Bhain an dá chás le sáruithe féideartha dhlí an Chomhphobail i ndáil le ceart shaoránaigh an Aontais agus ceart a mball teaghlaigh gluaiseacht agus cónaí gan srian ar bith laistigh de chríoch na mBallstát. D'aistrigh an tOmbudsman na cásanna chuig an gCoimisiún.

Sholáthair an Coimisiún míniúcháin chabhracha sa dhá chás. Go sonrach i ndáil leis an dara cás, dúirt sé go raibh seans ann go ndearna an Spáinn an Treoir ábhartha a thrasuí ar bhealach míchuí. D'inis sí don ghearánach go gcuirfear mionsonraí a cháis san áireamh ina scrúdú tríd is tríd ar a mhéid a chomhlíon reachtaíocht náisiúnta an Treoir. Chomhairligh an Coimisiún don ghearánach teagmháil a dhéanamh le SOLVIT na Ríochta Aontaithe i ndáil lena ghearán nó gearán foirmiúil a chur isteach leis an gCoimisiún mura réiteofar an fhadhb.

2709/2008/EC agus 2733/2008/EC

### Gearán aistrithe chuig Solvit

Rinne duine gearán leis an Ombudsman ag líomhain gur dhiúltaigh an Coimisiún Stát-seirbhíse sa Chipir na blianta a chaith sí ag oibriú sa Ríocht Aontaithe a aithint nuair a bhí a pinsean scoir á ríomh toisc nach raibh an Chipir ina Bhallstát den AE ag an am sin. Bhraith an gearánach go raibh idirdhealú á dhéanamh ina leith, toisc go mbeadh uirthi oibriú ar feadh tréimhse níos faide ná státseirbhísigh eile chun dul ar scor le pinsean iomlán.

Aistríodh an gearán chuig Solvit, a rinne teagmháil leis an Aireacht Saothair agus Árachais Shóisialta sa Chipir. Dhearbhaigh an Aireacht nár chóir go mbeadh fadhb ar bith ann maidir le haitheantas a thabhairt don tréimhse a chaith an gearánach ag obair sa Ríocht Aontaithe. I dteagmháil a rinne an gearánach le Solvit i ndiaidh sin, shoiléirigh sí gur bhain a gearán leis an gCoimisiún Seirbhíse Poiblí toisc nár aithin sé a tréimhse oibre sa Ríocht Aontaithe chun críche ardaithe céime agus go raibh a cás tugtha os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Mar sin, d'inis Solvit di nach bhféadfadh sé déileáil lena gearán.

796/2008/TIS

# Caidreamh le hinstitiúidí, le hombudsmen, agus le páirtithe leasmhara eile

4

CAITHEANN an tOmbudsman Eorpach go leor ama ag spreagadh feasachta ar an obair a dhéanann sé ag troid in éadan drochriaracháin agus ag cur follasachta agus dea-riaracháin chun cinn. Cuireann an Chaibidil seo síos go ginearálta ar iarrachtaí an Ombudsman teagmháil níos dlúithe a bhunú le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE, lena chomhombudsmen, agus le príomhpháirtithe leasmhara eile.

## 4.1 Caidreamh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE

Tá caidreamh chuiditheacha le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE iontach go deo tábhachtach don Ombudsman Eorpach chun gur féidir an toradh is fearr a bhaint amach do ghearánaigh. Buaileann an tOmbudsman go rialta le Baill agus le hoifigigh na n-institiúidí chun conas feabhas a chur ar cháilíocht riarachán an AE a phlé. Tugtar mionchuntas ar a chuid gníomhaíochtaí maidir leis seo thíos.

**Tá caidreamh chuiditheacha le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE iontach go deo tábhachtach don Ombudsman Eorpach chun gur féidir an toradh is fearr a bhaint amach do ghearánaigh.**

### Parlaimint na hEorpa

Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman agus freagraíonn sé di, go sonrach trí mheán na Tuarascála Bliantúla seo agus trí mheán tuarascálacha speisialta fosta. Tá caidreamh oibre ar fheabhas ag an Ombudsman le Coiste Achainíocha na Parlaiminte, atá freagrach as caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman agus a scríobhann tuarascáil ar a Thuarascáil Bhliantúil. Ar iarratas an Choiste, bhí ball fhoireann an Ombudsman i láthair mar ionadaí ar a shon ag gach cruinniú an Choiste sa bhliain 2008.



**Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman agus tá sé freagrach di, go háirithe lena láithriú dá Thuarascáil Bhliantúil. Anseo, feictear an tOmbudsman agus a Thuarascáil 2007 á tabhairt don Uas Hans-Gert PÖTTERING, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa. Strasbourg, 12 Márta 2008.**

An 12ú Márta 2008, chuir an tOmbudsman a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2007 i láthair d'Uachtarán na Parlaiminte, an tUas Hans-Gert Pöttering FPE. Chuir sé chuig Uachtarán an Choiste Achainíocha, an tUas Marcin Libicki FPE, ar an lá arna mhárach í, agus bhí an deis aige an 19ú Bealtaine í a chur i láthair don Choiste féin. Dushana Zdravkova, Uasal, FPE a dhréachtaigh Tuarascáil an Choiste ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman. I rith a seisiúin iomlánaigh an 23ú Deireadh Fómhair, ghlac an Pharlaimint, trí 465 vóta in aghaidh 1 vóta, le Rún bunaithe ar a Tuarascáil. Sa Rún seo, dhearbhaigh an Pharlaimint a sástacht le hobair an Ombudsman, lena chomhobair chuiditheach leis na hinstitúidí, agus lena phróifíl phoiblí.

Rud eile ar thábhachtach é maidir leis an gcaidreamh idir an Ombudsman agus an Pharlaimint sa bhliain 2008 ab ea leasú Reacht an Ombudsman Eorpaigh. Ag deireadh na bliana 2007, bhí Coiste um Ghnóthaí Bunreachta na Parlaiminte ag déanamh breithnithe ar dhréacht-tuarascáil ar na leasuithe molta don Reacht (*rapporteur* Anneli Jäätteenmäki, Uasal, FPE). An 24ú Eanáir 2008, chuir an tUas Diamandouros a moltaí chun an Reacht a leasú i láthair don Choiste sin an athuair, agus an 10ú Márta, glacadh le tuarascáil Jäätteenmäki, Uasal, i gCoiste trí 19 vóta in aghaidh 0 vóta. Mar a luadh i gCaibidil 2 na Tuarascála Bliantúla seo, ghlac Parlaimint le cinneadh[1] a leasaíonn an Reacht an 18ú Meitheamh (trí 576 vóta in aghaidh 8 vóta). Chuaigh leagan leasaithe an Reachta i bhfeidhm an 31ú Iúil 2008.

Bhí leasú leanúnach Rialacháin 1049/2001 um theacht an phobail ar cháipéisí[2] ann i gclár oibre idirinstitiúideach an Ombudsman fosta sa bhliain 2008. Cuireadh dearcadh an Ombudsman faoi thogra an Choimisiúin an Rialachán seo a leasú i láthair do Choiste na Parlaiminte um Shaoirse Shibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile ag cruinniú sa Bhruiséil an 2ú Meitheamh, agus arís an 11ú Nollaig ag seimineár sa Bhruiséil a shocraigh Parlaimint na Fionlainne agus Aireacht Dhlí agus Chirt na Fionlainne. Mhol an tOmbudsman do Pharlaimint na hEorpa úsáid a bhaint as a ról mar chomhreachtóir ar an Rialachán seo chun teacht chomh fairsing agus is féidir ar cháipéisí a chinntiú do shaoránaigh. Agus é ag cur leis an díospóireacht faoin gceist seo, stiúir an tOmbudsman staidéar comparáideach ar an dlí agus conas a chuirtear i bhfeidhm é sna Ballstáit maidir le teacht an phobail ar fhaisnéis i mbunachair shonraí. Bhí an staidéar mar inspioráid air chun moltaí nithiúla a dhéanamh faoi leasú na rialacha um theacht ar cháipéisí.

## Comhairle an AE

Bhí leasú Reacht an Ombudsman go sonrach i gclár oibre ag formhór na gcruinnithe a choinnigh an tUas Diamandouros le hionadaithe na mBallstát sa Chomhairle sa chéad leath den bhliain 2008. An 16ú Bealtaine, rinne an tOmbudsman cur i láthair do Ghrúpa Gnóthaí Ginearálta na Comhairle chun aidhm le leasú an Reachta a mhíniú agus chun ceisteanna ó thoscaireachtaí na mBallstát a fhreagairt. Chuir an Chomhairle in iúl gur fhaomh sí an Reacht leasaithe i ráiteas a thug an tUas Janez Lenarčič, Uachtarán-in-Oifig na Comhairle, ag seisiún iomlánach na Parlaiminte an 18ú Meitheamh.

## An Coimisiún Eorpach

Is é an Coimisiún Eorpach an institiúid is cúis leis an gcomhréir is airde de na fiosrúcháin a stiúrann an tOmbudsman. Mar sin is tábhachtach cruinnithe rialta le Coimisinéirí agus leis an bhfoireann shinsearach chun caidreamh oibre chuiditheacha agus freagraí sásúla do fhiafraithe an Ombudsman a chinntiú. I rith na bliana 2008, bhuail an tUas Diamandouros le hUachtarán an Choimisiúin,

**Is é an Coimisiún Eorpach an institiúid is cúis leis an gcomhréir is airde de na fiosrúcháin a stiúrann an tOmbudsman.**

1. Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa 2008/587/CE, Euratom an 18 Meitheamh 2008, lena leasaítear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ar na rialacha agus ar na coinníollacha ginearálta a rialaíonn comhlíonadh chúraimí an Ombudsman, IO 2008 L 189, lch. 25.
2. Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Chomhairle den 30 Bealtaine 2001 maidir le teacht an phobail ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

José Manuel Barroso, le Leas-Uachtarán an Choimisiúin, freagrach as Caidreamh agus Cumarsáid Institiúideacha, Margot Wallström, Uasal, le Coimisinéir um Eolaíocht agus Taighde, an tUas Janez Potočnik, agus le Coimisinéir um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Comhdheiseanna, an tUas Vladimír Špidla.

Agus é ag iarraidh seirbhís chomh maith agus is féidir a chinntiú do ghearánaigh, bíonn an tOmbudsman ag comhoibriú go dlúth le meicníochtaí eile ceartaithe, mar aon leo siúd a chomhordaíonn an Coimisiún iad. An 20ú Samhain, chuir an tUas Diamandouros a obair i láthair don Líonra Solvit ag ceardlann i Lucsamburg. Is líonra bunaithe ag an Choimisiún é Solvit a chuidíonn le daoine a bhfuil constaic ina mbealach agus iad ag iarraidh leas a bhaint as a gcearta i margadh inmheánach an Aontais. D'aontaigh an dá pháirtí gur gá níos mó obair a dhéanamh chun treorú a fheabhsú ar mhodh go rachaidh gearánaigh chuig an mheicníocht cheartaithe is oiriúnaí an chéad uair. Sa chomhthéacs seo, tharraing an tOmbudsman aird ar an treoir idirghníomhach atá á forbairt ag a oifig mar pháirt de shuíomh gréasáin nua na hinstitiúide.

## An Banc Eorpach Infheistíochta (Bei)

Thug an tOmbudsman go leor ama do fhorbairt na gcaidreamh leis an Bei sa bhliain 2008, ag bualadh leis an Uachtarán, an tUas Philippe Maystadt, leis an Leas-Uachtarán, an tUas Plutarchos Sakellaris, agus le hoifigigh shinsearacha eile. Bhí cómhalartuithe pearsanra ann chomh maith agus bhí siad iontach go deo oiliúnach do dhaoine ón dá institiúid.

Rud ar mhór a thábhacht i rith na bliana atá i gceist ab ea síniú Meabhráin Tuisceana[3] idir an tOmbudsman agus Uachtarán an Bei an 9ú Iúil. Ba é cuspóir an chomhaontaithe seo ná cosaint pháirtithe leasmhara a fheabhsú in aghaidh drochriaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí an Bei. Aithníonn sé go leathnófar cosaint pháirtithe leasmhara chun daoine nach saoránaigh ná cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh nó nach bhfuil oifig chláraithe acu san AE a chuimsiú. Ina theannta sin, i gcás drochriaracháin líomhnaithe, féadfaidh gearánach dul i muinín nós imeachta inmheánach éifeachtach an Bei le gearáin a dhéanamh sula rachaidh sé chuig an Ombudsman. Sainmhínítear an nós imeachta seo sa Bheartas um Meicníocht na nGearán a sheol an Banc, a bheidh faoi réir Comhairliúcháin Phobail sa bhliain 2009[4].

## Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (Epso)

Agus a thábhachtaí atá sé maidir le hearcaíocht san AE, agus mar sin maidir le caidreamh le saoránaigh Eorpacha, tá comhréir na bhfiosrúchán a stiúrann an tOmbudsman a bhaineann le Epso ard go leor. Chun na caighdeáin is airde a chinntiú do shaoránaigh sa réimse seo, bhuail an tOmbudsman agus a fhoireann le Stiúrthóir Epso, an tUas David Bearfield, agus a fhoireann roinnt uaireanta sa bhliain 2008. Chuir an tUas Diamandouros a obair i láthair do fhoireann Epso an 15ú Aibreán. Ina dhiaidh sin bhí siad ag malartú barúlacha go bríomhar faoin modh is fearr le freagairt do ghearáin. Rug an tUas Bearfield ar an deis chun pleananna Epso maidir le nuachóiriú nósanna imeachta earcaíochta an AE a mhíniú fosta, faoin teideal "Clár Forbartha Epso". Chuir sé i láthair an clár seo arís an 9ú Deireadh Fómhair agus é in éineacht le toscaireacht ó fhoireann Epso ag tabhairt cuairte ar aeróg an Ombudsman sa Bhruiséil chun bualadh leis an Ombudsman, leis an Ard-Rúnaí, le Ceannaire na Roinne Dlí, agus le Ceannairí an Aonaid Dlí. Dul in aitheantas ar obair a chéile ab ea aidhm an chruinnithe. Choinnigh an tOmbudsman agus an tUas Bearfield cruinniú eile an 17ú Nollaig.

**Agus a thábhachtaí atá sé maidir le hearcaíocht san AE, agus mar sin maidir le caidreamh le saoránaigh Eorpacha, tá comhréir na bhfiosrúchán a stiúrann an tOmbudsman a bhaineann le Epso ard go leor.**

3. Meabhrán Tuisceana idir an tOmbudsman Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta i dtaobh faisnéise faoi bheartais, faoi chaighdeáin agus faoi nósanna imeachta an Bhainc agus faoin phlé le gearáin, mar aon le gearáin daoine nach saoránaigh agus nach cónaitheoirí an Aontais Eorpaigh, IO 2008 C 244, lch. 1.
4. Tá eolas faoi Bheartas um Meicníocht na nGearán an Bei ar fáil ag: http://www.eib.org



Buaileann an tOmbudsman go rialta lena chomhghleacaithe ó institiúidí eile an AE chun faisnéis agus dea-chleachtas a phlé. Anseo, feictear é i mbun cainte leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), an tUas Peter HUSTINX, agus an Maoirseoir Cúnta, an tUas Joaquín BAYO DELGADO. Thug an tOmbudsman léargas ginearálta ar a chaidreamh leis an MECS ag ócáid ar an 17 Nollaig 2008, ag marcáil cúig bliana den MECS agus imeacht an Uas BAYO DELGADO.

## Gníomhaireachtaí an AE

D'fhreastail Ard-Rúnaí an Ombudsman, an tUas Ian HARDEN, ar an gcruinniú do Cheannairí na nGníomhaireachtaí an 24ú Deireadh Fómhair i Liospóin. Sa chruinniú sin, d'aontaigh na Gníomhaireachtaí go nglacfadh siad go léir leis an gCód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin agus go smaoineodh siad ar an modh is fearr chun é a phoibliú eatarthu féin. Bhí áthas ar an Ombudsman faoin tarlú seo, a shoiléireoidh do shaoránaigh cad é atá i ndán dóibh agus iad ag dul i dteagmháil leis na Gníomhaireachtaí. Beidh an Cód mar treoir do fhoirne na nGníomhaireachtaí atá freagrach as caidreamh leis an bpobal chomh maith.

## Institiúidí agus comhlachtaí eile an AE

Choinnigh an tOmbudsman cruinnithe eile le hionadaithe ó institiúidí agus ó chomhlachtaí an AE i rith na bliana 2008. An 24ú Eanáir, bhuail sé le hUachtaráin na gCoistí Foirne de institiúidí an AE agus é ag míniú an róil atá aige le cáilíocht riaracháin an AE a ardú. An 5ú Meán Fómhair, ghlac sé páirt i gceardlann a shocraigh Stiúrthóir Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, an tUas Morten KJAERUM, i Vín. An 20ú agus an 21ú Samhain, chuaigh an tOmbudsman go Lucsamburg le bualadh le hUachtarán na Cúirte Breithiúnais Eorpaí, an tUas Vassilios SKOURIS, le hUachtarán na Cúirte Céadchéime, an tUas Marc JAEGER, agus le hUachtarán Bhinse um Sheirbhís Shibhialta, an tUas Paul J. MAHONEY. Ar deireadh, an 17ú Nollaig, rinne an tOmbudsman cur síos ginearálta ar chaidrimh idir a institiúid agus institiúid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) ag seimineár a shocraigh an MECS, an tUas Peter HUSTINX, sa Bhruiséil. Chomóir an seimineár seo cúig bliana an MECS, agus imeacht an Mhaoirseora Chúnta, an tUas Joaquín BAYO DELGADO chomh maith.

# 4.2 Caidreamh le hombudsmen agus le comhlachtaí cosúla

Bíonn an tOmbudsman Eorpach ag comhoibriú go dlúth lena macasamhla ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun cinntiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach go pras agus go héifeachtach. Agus ní lú fíorthábhacht an chomhoibrithe seo maidir le malartú faisnéise ar dhlí an AE, maidir le leanúint na bpríomhfhorbairtí i saol na n-ombudsmen, agus maidir le roinnt dea-ghnáis. Titeann an comhoibriú seo amach, den chuid is mó, faoi choimirce Líonra Eorpach na nOmbudsmen, cé go nglacann an tOmbudsman Eorpach páirt i gcomhdhálacha, i seimineáir agus i gcruinnithe taobh amuigh den Líonra.

**Bíonn an tOmbudsman Eorpach ag comhoibriú go dlúth lena macasamhla ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun cinntiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach go pras agus go héifeachtach.**

## Líonra Eorpach na nOmbudsmen

Tá beagnach 90 oifig ag Líonra Eorpach na nOmbudsmen, i 31 tír, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal réigiúnach laistigh san Aontas, agus ag leibhéal náisiúnta sna tíortha is iarratasóirí ar bhallraíocht an AE agus san Iorua agus san Íoslainn. Is meicníocht chomhoibrithe éifeachtach é an Líonra chun plé le cásanna. Tá an Líonra gníomhach chomh maith maidir le heispéireas agus dea-ghnáis a roinnt — cuspóirí a mbíonn sé ag iarraidh iad a bhaint amach trí sheimineáir agus trí chruinnithe, trí nuachtlitir rialta, trí fhóram díospóireachta leictreonach agus trí sheirbhís leictreonach nuachta laethúla. Rud a bhfuil tábhacht shonrach aige maidir leis seo sa bhliain 2008 ab ea staidéar comparáideach stiúrtha ag an Ombudsman Eorpach ar an dlí agus conas a chuirtear i bhfeidhm é sna Ballstáit maidir le teacht an phobail ar fhaisnéis i mbunachair shonraí. Rinne an tOmbudsman teagmháil lena chomhombudsmen sa Líonra le fáil amach faoi dhea-ghnás ag leibhéal náisiúnta agus de rún aige teacht uasta an phobail ar bhunachair shonraí a chinntiú. Bhí torthaí an staidéir seo ina n-inspioráid dó chun moltaí nithiúla a dhéanamh faoi leasú rialacha an AE um theacht an phobail ar cháipéisí.

**Is meicníocht chomhoibrithe éifeachtach é an Líonra chun plé le cásanna.**

Ghlac Ombudsmen an Líonra le Ráiteas ag an Séú Seimineár d'ombudsmen Náisiúnta, a coinníodh i Strasbourg i mí Dheireadh Fómhair 2007. Is é cuspóir an Ráitis ná aitheantas ar ghné Eorpach d'obair na nOmbudsmen a leathnú agus an tseirbhís a sholáthraíonn siad do dhaoine a dhéanann gearán faoi chúrsaí a thiteann faoi réimse dhlí an AE a shoiléiriú. I rith na bliana 2008, d'obair an tOmbudsman Eorpach go crua, trína chuid foilseachán agus trína chuid léiriúchán, chun feasacht ar an Ráiteas a spreagadh, agus á chur ar fáil ar a shuíomh gréasán i 23 teanga. Tharraing an tUas Diamandouros aird áirithe ar an Ráiteas le linn dó cuairteanna faisnéise a thabhairt ar Bhallstáit, cuairteanna a chomhordaigh a chomhombudsmen.

### Comhoibriú ag plé le cásanna

Téann a lán gearánach i muinín an Ombudsman Eorpaigh nuair atá fadhb acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ina lán cásanna, tá réiteach éifeachtach le fáil ó ombudsman sa tír atá i gceist. Nuair is féidir, aistríonn an tOmbudsman Eorpach cásanna go díreach d'ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha nó tugann sé comhairle oiriúnach don ghearánach. Tá tuilleadh eolas ar an gcomhoibriú seo le fáil ag deireadh Caibidle 3.

**Téann a lán gearánach i muinín an Ombudsman Eorpaigh nuair atá fadhb acu le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Ina lán cásanna, tá réiteach éifeachtach le fáil ó ombudsman sa tír atá i gceist.**

Thig le hombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha freagraí scríofa a iarraidh ar an Ombudsman Eorpach ar cheisteanna faoi dhlí an AE agus a léirmhíniú, mar aon le ceisteanna a thagann as bheith ag plé le cásanna sainiúla. Tugann an tOmbudsman Eorpach freagra go díreach nó, más oiriúnaí an cás, díríonn sé an cheist ar institiúid nó ar chomhlacht eile de chuid an AE faoi choinne freagartha. I rith na bliana 2008, fuarthas ocht gceist nua (cúig cinn ó ombudsmen náisiúnta agus trí cinn ó ombudsmen réigiúnacha). Is méadú suntasach é seo i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus cuireann sé in iúl go bhfuil feasacht ar nós imeachta ceistithe ag dul i méid mar gheall ar fhoilsiú an Ráitis thuasluaite. Bhí na ceisteanna seo faoi ábhair sa réimse ó léirmhíniú rialacha an AE faoi chúiteamh d'aerphaisinéirí san Ísiltír go léirmhíniú rialacha an AE faoi iompar poiblí ag an údarás Spáinneach.

### Seimineáir

Coinnítear seimineáir d'ombudsmen náisiúnta agus d'ombudsmen réigiúnacha gach bliain ar a seal agus iad á socrú go comhpháirteach ag an Ombudsman Eorpach agus ag ombudsman náisiúnta nó réigiúnach.

Thit an Séú Seimineár d'ombudsmen Réigiúnacha Bhallstáit an AE amach i mBeirlín ón 2ú go dtí an 4ú Samhain. Shocraigh Uachtarán an Choiste Achainíocha de Pharlaimint Réigiúnach Bheirlín, an tUas Ralf Hillenberg, agus an tOmbudsman Eorpach é, le tacaíocht ón *Europäische Akademie Berlin*. D'fhreastail tuairim is 90 rannpháirtí ar an ócáid, ó gach ceann de na sé thír a bhfuil ombudsman iontu ag an leibhéal réigiúnach (mar atá, an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ostair agus an Ríocht

Aontaithe[5]). Ba é ábhar an tseimineáir ná "Cosaint na ndaoine is leochailí sa tsochaí: ról na ngearán agus na n-achainíocha". An tUas Günter Hirsch, iar-Uachtarán Chúirt Uachtarach na Gearmáine agus anois ina Ombudsman Gearmánach um Árachas a thug an phríomhóráid faoi "Ról na n-ombudsmen i gcosaint dhleathach náisiúnta agus Eorpach". Ina dhiaidh sin bhí seisiúin faoi: neamhspleáchas na n-ombudsmen agus na gcoistí achainíocha, conas a bheith ag obair go héifeachtach do shaoránaigh, agus gearáin a bhaineann le cúram sláinte, leis na daoine aosta, le gnóthaí sóisialta agus le himirce. Díospóireachtaí bríomhara a bhí ann ag na seimineáir agus thug siad léargas do na freastalaithe, agus dearbhaigh an t-aiseolas a fuarthas gur bhain ábhar an tseimineáir go mór le hobair laethúil na n-ombudsmen.



© Abgeordnetenhaus von Berlin

**Tionóladh an Séú Seimineár de Ombudsmen Réigiúnda Bhallstáit an AE i mBeirlín ón 2 go dtí an 4 Samhain. Anseo, feictear níos mó ná 90 rannpháirtí ag glacadh páirte san ócáid. Ba é téama an tSeimineáir ná "Cosaint na ndaoine is leochailí sa tsochaí: ról na ngearán agus na n-achanaíocha".**

Seimineár eile an Líonra a thit amach sa bhliain 2008 ab ea an Séú Seimineár d'oifigigh tadhaill ón 1ú go dtí an 3ú Meitheamh i Strasbourg. Tá oifigigh tadhaill mar chéadphointe teagmhála don Líonra in oifigí na n-ombudsmen náisiúnta. I rith a Séú Seimineár, bhí díospóireachtaí ann faoi réimse ábhar, mar aon le saoirse cainte, teacht ar fhaisnéis agus ar cháipéisí, cur chun cinn dea-riaracháin agus plé le gearáin go héifeachtach. Thug Uachtarán Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an AE, Paul J. Mahoney, an phríomhóráid an chéad lá, dar teideal "Cairt an AE um Chearta Bunúsacha agus saoirse cainte do fheidhmeannaigh". Ina dhiaidh sin bhí léiriúchán faoi Dhréacht-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa um theacht ar cháipéisí oifigiúla a thug an Breitheamh Helena Jäderblom, Cathaoirleach an Ghrúpa speisialtóirí rochtana ar cháipéisí agus Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Achomhairc Riaracháin sa tSualainn. Chríochnaigh an Seimineár le seisiún dar teideal "Cur i bhfeidhm dhlí an AE a chinntiú", agus an tUas Alain Lamassoure, Feisire de Pharlaimint na hEorpa agus iar-Aire Gnóthaí Eorpacha na Fraince, ina phríomhchainteoir ann. Idir gach aon rud, bhí 30 rannpháirtí ann sa Seimineár ó 28 dtír na hEorpa.

## Ombudsmen Eorpacha — Nuachtlitir

Déanann *European Ombudsmen — Newsletter* (Ombudsmen Eorpacha — Nuachtlitir) freastal ar an obair a dhéanann baill Líonra Eorpach na nOmbudsmen agus ar mhórbhallraíocht an Réigiúin Eorpaigh den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta (Ioi). Foilsítear i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis, agus i Spáinnis í, agus í dírithe ar bhreis is 400 oifig ag leibhéil idir Eorpach, náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil. Foilsíonn an tOmbudsman Eorpach an Nuachtlitir dhá uair sa bhliain — i mí an Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhar. Sa bhliain 2008, bhí réimse leathan ábhar sa dá eisiúint, mar aon le hailt ar leithcheal ar bhonn cine, ar chonstaicí ar shaorghluaisteacht daoine, ar cheisteanna a bhaineann le himirce agus le tearmann, ar dhlí Eorpach na timpeallachta, ról na n-ombudsmen i maoirseacht ar phríosúin, ar chearta na ndaoine faoi mhíchumas, ar chearta na bpáistí, agus ar cheart an léirsithe. Tá téama coitianta ag a lán de na hailt seo, mar atá, ról na n-ombudsmen agus cur i bhfeidhm iomlán dhlí an AE á chinntiú.

5. Liostaítear na tíortha in ord prótacail an AE; mar atá, in ord na haibítre, de réir ainm gach tíre ina teanga féin. Úsáidtear an t-ord seo ó cheann ceann an fhoilseacháin seo.



**Tionóladh Séú Seimineár na n-oifigeach tadhaill de Líonra Eorpach na nOmbudsmen ón 1 go dtí an 3 Meitheamh i Strasbourg. Phléigh rannpháirtithe an tSeimineáir réimse leathan ábhar, lena n-áirítear saoirse cainte, teacht ar fhaisnéis agus ar cháipéisí, ag cur dea-riaracháin chun cinn agus an láimhseáil éifeachtúil de ghearáin.**

### Uirlisí cumarsáide leictreonaí

Gléas an-úsáideach don Líonra is ea an fóram díospóireachta agus an chomhroinnt de cháipéisí ar Idirlíon an Ombudsman do na hombudsmen agus dá bhfoireann san Eoraip. Ag breis is 230 duine atá rochtain ar an bhfóram a éascaíonn comhoibriú laethúil idir oifigí.

Is é *Ombudsman Daily News* (Nuacht laethúil an Ombudsman) an tseirbhís is mó tóir uirthi ar an bhfóram, foilsítear gach lá oibre í agus tá nuacht ó oifigí ombudsmen agus ón Aontas Eorpach ann. Gach aon oifig ombudsman náisiúnta agus réigiúnach, beagnach, ar fud na hEorpa a scríobhann don *Daily News* agus a bhreathnaíonn é go rialta.

Sa bhliain 2008, lean an fóram ina mhodh úsáideach d'oifigí ombudsmen le heolas a chomhroinnt trí cheisteanna agus freagraí a chur. Cuireadh tús le roinnt díospóireachtaí móra sa dóigh seo. Seo sampla de éagsúlacht na n-ábhar: an ceart dul ar stailc, saoirse tionóil, meicníocht mhaoirseachta na bpóilíní, an eotanáis, nochtadh sonraí míochaine, fadhb na ndaoine gan dídean, rochtain ar chúram sláinte d'iarrthóirí tearmainn, rochtain ar fhostaíocht taobh istigh den earnáil phoiblí, agus aighneacht ghearán trí ríomhphost.

I measc a bhfuil san fhóram tá liosta údarásach na n-ombudsmen náisiúnta agus réigiúnach i mBallstáit an AE, san Iorua, san Íoslainn, agus sna tíortha iarrthacha ar bhallraíocht an AE. Leasaítear an liosta chun dáta am ar bith a n-athraíonn sonraí teagmhála ag oifig ombudsman agus mar sin is acmhainn éigeantach é d'ombudsmen ar fud na hEorpa.

## Cruinnithe Ombudsman

I rith na bliana, chuaigh comhar an Ombudsman lena mhacasamhla thar ghníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Chun ombudsmantacht a chur chun cinn agus dea-ghnás a chómhalartú, d'fhreastail an tUas Diamandouros agus a fhoireann ar ócáidí socraithe ag ombudsmen náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa: sa Bheilg, sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Fhrainc, in Éirinn, agus san Iodáil. Sna hócáidí seo pléadh ceisteanna sa réimse ó theacht ar cháipéisí go bunú líonraí ombudsmen. Bhuail an tOmbudsman Eorpach agus a fhoireann le réimse mhór ombudsmen agus ionadaithe institiúidí ombudsmen as taobh istigh den AE agus as níos faide i gcéin i rith na bliana 2008.

# 4.3 Caidreamh le páirtithe leasmhara eile

Tá ceangal ar an Ombudsman Eorpach a chinntiú go bhfuil gach duine nó gach eagraíocht ar féidir fadhb a bheith aige nó aici le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE, go bhfuil siad ar an eolas faoin gceart gearán a dhéanamh leis faoi dhrochriarachán. Neartaíodh iarrachtaí mhúscailt feasachta tuilleadh i rith na bliana 2008, agus tuairim is 135 léiriúchán á dtabhairt ag an Ombudsman agus ag a fhoireann. Ina theannta sin, bunaíodh Aonad nua ag aeróg an Ombudsman sa Bhruiséil, an tAonad um Meáin, um Fhiontraíocht agus um Shochaí Shibhialta, agus teagmháil níos dlúth a bhunú le saoránaigh, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le cumainn agus le comhlachtaí mar chuspóir aige.

**Tá ceangal ar an Ombudsman Eorpach a chinntiú go bhfuil gach duine nó gach eagraíocht ar féidir fadhb a bheith aige nó aici le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE, go bhfuil siad ar an eolas faoin gceart gearán a dhéanamh leis faoi dhrochriarachán.**

Sa chuid seo tá achoimre ar na dóigheanna éagsúla ina ndearna an tOmbudsman iarracht ar feasacht a spreagadh ar an gceart chun gearán a dhéanamh i rith na bliana.

## Comhdhálacha agus cruinnithe

### A raibh an tOmbudsman bainteach leo

Chaith an tOmbudsman go leor ama sa bhliain 2008 ag bualadh le príomhpháirtithe leasmhara chun a chuid seirbhísí a mhíniú. Chuir sé a obair i láthair ag breis is 60 ócáid do bhaill an lucht dlí, do chumainn ghnó, do mheithleacha smaointe, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, d'ionadaithe ó riaracháin réigiúnacha agus áitiúla, do bhrústocairí, do ghrúpaí sainleasa, d'acadóirí, d'ionadaithe polaitiúla ardleibhéil agus do státseirbhísigh. Socraíodh na comhdhálacha, na seimineáir agus na cruinnithe seo sa Bhruiséil agus sna Ballstáit, agus is minic ar pháirt de chuairteanna faisnéise an Ombudsman iad (féach thíos).



Chuaigh an tUas Diamandouros chuig Búdaipeist ar an 15 Meán Fómhair chun páirt a ghlacadh ag ócáid faisnéise a eagraíodh ag a chomhghleacaithe in Oifig an Ombudsman san Ungáir, na hUas Máté Szabó, Sándor Fülöp, agus Ernö Kállai. D'fhreastail roinnt mhaith iriseoirí ar an ócáid, chomh maith le NGOanna, grúpaí gnó agus saoránaigh leasmhara.

### A raibh foireann an Ombudsman bainteach leo

Bíonn foireann an Ombudsman chomh gníomhach céanna ag cur feasachta ar an institiúid chun cinn. I rith na bliana 2008, tugadh breis is 75 léiriúchán do tuairim is 2 500 saoránach as áiteanna ar fud an AE. Ba as an Ghearmáin is mó a tháinig na cuairteoirí seo, agus as an Fhrainc ina dhiaidh sin. I measc na rannpháirtithe ag na léiriúcháin seo bhí mic léinn agus printísigh, dlíodóirí agus breithiúna, fiontraithe agus brústocairí, feidhmeannaigh rialtais agus státseirbhísigh, agus foirne as oifigí ombudsmen.

Toisc go bhfuil líon na léiriúchán ar féidir a thabhairt gach bliain teoranta ag sriantacht acmhainne, déanann an tOmbudsman iarracht, sa mhéid agus is féidir leis, ar cuirí agus iarratais a ghlacadh ó spriocghrúpa. Tá na léiriúcháin uilig seo iontach tábhachtach agus "éadan daonna" á thabhairt ar riarachán an AE.



**Scaipeadh go forleathan foilseacháin ag míniú obair an Ombudsman le linn na bliana, go háirithe le linn Chomhdháil Bhliantúil Líonra Fiontraíochta na hEorpa, a tionóladh i Strasbourg i Mí na Samhna, agus ag na Laethanta Oscailte a eagraíodh ag Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus i Strasbourg i mí an Bhealtaine. Thug cúpla míle cuairteoirí cuairt ar sheastán an Ombudsman ag na Laethanta Oscailte agus bhí plé domhain ag cuid mhaith acu le foireann an Ombudsman.**

## Cuairteanna faisnéise

**Sa bhliain 2008, sheol cuairteanna faisnéise an Ombudsman chuig an Chipir, chuig an Ghréig, chuig an Laitvia, agus chuig an Liotuáin é.**

Agus de rún aige feasacht ar cheart gearáin a spreagadh agus a chaidrimh oibre a neartú lena mhacasamhla náisiúnta agus réigiúnacha, thug an tOmbudsman faoi dhianchlár cuairteanna faisnéise ar na Ballstáit agus ar thíortha aontachais sa bhliain 2003. Leanann na cuairteanna seo leo. Sa bhliain 2008, sheol cuairteanna faisnéise an Ombudsman chuig an Chipir, chuig an Ghréig, chuig an Laitvia, agus chuig an Liotuáin é.

(i) Sa Chipir, shocraigh an Coimisinéir um Riaracháin (an tOmbudsman), Eliana Nicolaou, Uasal, dianchlár do chuairt an Ombudsman, ón 17ú go dtí an 20ú Márta. Bhuail an tUas Diamandouros le hUachtarán na Cipire, an tUas Dimitris Christofias, le hUachtarán na Parlaiminte, an tUas Marios Garoyian, le triúr aire an rialtais, le ceannairí páirtithe polaitiúla, agus le hUachtarán na Cúirte Uachtaraí, an tUas Christos Artemides. Le linn dó bheith sa Niocóis, thug an tOmbudsman dhá léacht phoiblí faoina chuid oibre, bhuail sé le Coiste Chomhlachas Lucht Trádála na Cipire, agus bronnadh an duais "Yannos Kranidiotis" air as seirbhís phoiblí.

(ii) I rith a chuairt ar an nGréig ón 23ú go dtí an 28ú Bealtaine, bhuail an tOmbudsman Eorpach leis an Uachtarán, an tUas Karolos Papoulias, leis an bPríomh-Aire, an tUas Kostas Karamanlis, le hUachtarán na Parlaiminte, an tUas Dimitris Sioufas, le hUachtarán Chomhairle an Stáit, an tUas Georgios Panagiotopoulos, le triúr aire an rialtais, le ceannairí páirtithe polaitiúla, agus le hiar-Uachtarán agus le beirt iar-Phríomh-Aire. Ina theannta sin, bhuail an tUas Diamandouros le dlíodóirí, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le státseirbhísigh agus le hionadaithe an lucht gnó, chun a chuid seirbhísí a mhíniú. An tOmbudsman Gréagach, an tUas Yorgos Kaminis, agus a fhoireann a chomhordaigh cuairt fhaisnéise an Uas Diamandouros.

**Bhí na cuairteanna seo go léir iontach tairbheach maidir le feasacht ar chearta an saoránaigh de réir dhlí an AE a spreagadh, maidir le próifíl phoiblí an Ombudsman Eorpaigh agus a mhacasamhla náisiúnta a mhéadú, agus maidir le heolas ar cheart gearáin a sholáthar.**

(iii) Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an Laitvia ón 28ú go dtí an 30ú Meán Fómhair. An tOmbudsman Laitviach, an tUas Romāns Apsītis, a shocraigh an chuairt, agus chuir an tOmbudsman a obair i láthair d'ionadaithe rialtais áitiúil, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, d'ionadaithe an lucht gnó, agus do mhic léinn ollscoile. Choinnigh sé cruinnithe le hionadaithe na mbreithiúna agus mhínigh sé a obair do roinnt coistí parlaiminte. Le linn dó bheith i Ríge, bhuail an tUas Diamandouros le hUachtarán na Laitvia, an tUas Valdis Zatlers, agus le triúr aire rialtais.

(iv) Chuaigh an tOmbudsman chuig Vilnias ón 1ú go dtí an 3ú Deireadh Fómhair, faoi choinne chuairte faisnéise a shocraigh Ombudsmen an *Seimas* (na Parlaiminte), an tUas Romas Valentukevičius, Albina Radzevičiūtė, Uasal, an tUas Augustinas Normantas, Virginija Pilipavičienė, Uasal, Zita Zamžickienė, Uasal, agus a bhfoireann. Bhuail sé le roinnt coistí an *Seimas* agus leis an Aire Dlí agus Cirt, an tUas Petras Baguška. Thug an tOmbudsman léacht phoiblí do státseirbhísigh agus do mhic léinn ollscoile agus bhuail sé le hionadaithe an lucht gnó Liotuánaigh, agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

(v) Chuaigh an tUas Diamandouros chuig Búdaipeist chomh maith, an 15ú Meán Fómhair, chun páirt a ghlacadh in imeachtaí a shocraigh a chomhombudsmen Ungáracha, an tUas Máté Szabó, an tUas Sándor Fülöp, agus an tUas Ernö Kállai.

Bhí na cuairteanna seo go léir iontach tairbheach maidir le feasacht ar chearta an saoránaigh de réir dhlí an AE a spreagadh, maidir le próifíl phoiblí an Ombudsman Eorpaigh agus a mhacasamhla náisiúnta a mhéadú, agus maidir le heolas ar cheart gearáin a sholáthar.



**An Liotuáin — Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt faisnéise ar an Liotuáin ón 1 go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2008. Comheagraíodh an chuairt ag Ombudsmen na Parlaiminte (*Seimas*). Anseo, in éineacht leis an Uas Diamandouros, feictear ó chlé, Virginija Pilipavičienė Uas, Albina Radzevičiūtė Uas, an tUas Augustinas Normantas, Zita Zamžickienė Uas, agus an tUas Romas Valentukevičius.**



© Athens News Agency

**An Ghréig — Le linn a chuairte faisnéise ar an nGréig ón 23 go dtí an 28 Bealtaine, bhuail an tOmbudsman Eorpach le roinnt Oifigeach ardleibhéil, lena n-áirítear an tUachtarán, an Príomh-aire agus an Ceann Comhairle. Anseo, feictear é le Cathaoirleach an Choiste um Chúrsaí Eorpacha de Pharlaimint na hEorpa, Elsa Papademetriou Uas. Le linn na cuairte sin, bhuail an tUas. Diamandouros le dlíodóirí, NGOanna, stáitseirbhísigh agus ionadaithe ón bpobal gnó, chun a chuid seirbhísí a chur in iúl. Chomheagraigh an tOmbudsman Gréagach, an tUas Yorgos Kaminis, cuairt faisnéise an Uas Diamandouros.**



© A.F.I.

**An Laitvia — Thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an Laitvia ón 28 go dtí an 30 Meán Fómhair 2008 d'fhonn feasacht ar a chuid oibre a ardú. Chomheagraigh an tOmbudsman Laitviach, an tUas Romāns Apsītis, an chuairt. Anseo, feictear an tUas. Diamandouros leis an Uas Apsītis ar a dheis agus Uachtarán na Laitvia, an tUas Valdis Zatlers, ar a chlé.**



**AN LAITVIA — Mar chuid dá chuairt faisnéise ar an Laitvia, ón 28 go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, chuir an tOmbudsman Eorpach a chuid oibre in iúl d'ionadaithe an rialtais, stáitseirbhísigh, NGOanna, ionadaithe ón bpobal gnó, agus do mhic léinn ollscoile. Anseo, feictear é leis an Ombudsman Laitviach, an tUas Romāns APSĪTIS, ar a chlé, Uachtarán na Cúirte Bunreachtúla, an tUas Gunārs KŪTRIS, ar a dheis, chomh maith le breithiúna agus foireann na Cúirte Bunreachtúla.**

## Gníomhaíochtaí meán

Aithníonn an tOmbudsman an ról tábhachtach atá ag na meáin, agus iad ag tabhairt eolais do thuairimí an phobail, ag saibhriú díospóireachta, agus ag cur a sheirbhísí chun solais i ngach Ballstát an AE. Tá beartas meán forghníomhach mar phríomheilimint a ghníomhaíochtaí agus é ag iarracht meas ar chearta de réir dhlí an AE a chur chun cinn agus cáilíocht an riaracháin a fheabhsú.

**Tá beartas meán forghníomhach mar phríomheilimint a ghníomhaíochtaí agus é ag iarracht meas ar chearta de réir dhlí an AE a chur chun cinn agus cáilíocht an riaracháin a fheabhsú.**

I measc príomhghníomhaíochtaí meán an Ombudsman sa bhliain 2008, bhí preasagallaimh sa Bhruiséil chun a Thuarascáil Bhliantúil a chur i láthair agus i Strasbourg chun na hathruithe ina Reacht a mhíniú, agus san Aithin, i mBúdaipeist, sa Nicóis, i Ríge, agus i Vilnias chomh maith agus é i mbun na gcuairteanna faisnéise a luadh thuas. Ag na seisiúin eolais d'iriseoirí ó fhlúirse nuachtán agus áisíneachtaí nuachta bhí deis ag an Ombudsman a obair ar son saoránach agus a dhearcadh ar ábhair atá bainteach léi a mhíniú. Faoi dheireadh, tuairim is 30 agallamh a chuir iriseoirí ó mheáin chló, chraolta agus leictreonacha ar an Uas DIAMANDOUROS sa bhliain 2008 i Strasbourg, sa Bhruiséil, agus in áiteanna eile, go sonrach i rith a chuairteanna faisnéise.



**De ghnáth, eagraítear preasagallaimh mar chuid de chuairteanna faisnéise an Ombudsman Eorpaigh. Anseo, feictear an tOmbudsman le Príomhombudsman Pharlaimint na Liotuáine, an tUas Romas VALENTUKEVIČIUS, ag comhphreasagallamh, nuair a mhínigh said na seirbhísí a thairgtear ag a n-oifigí.**

Sa bhliain 2008, eisíodh 17 eisiúint nuachta agus dáileadh ar iriseoirí agus ar pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa iad. I measc na gceisteanna a pléadh iontu bhí follasacht maidir le liúntas na FPE, íocaíocht dhéanach ón gCoimisiún Eorpach, leasú Reacht an Ombudsman, agus leasú rialacha an AE

um theacht an phobail ar cháipéisí. Maidir leis an gceist dheireanach seo, d'fhoilsigh an tOmbudsman litir i *European Voice* (Glór Eorpach) chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin, Margot Wallström, ag cur síos ar an imní atá air faoi mholtaí an Choimisiúin ina thaobh seo.

## Foilseacháin

Dáileadh go fairsing ábhar faoi obair an Ombudsman i rith na bliana, go háirithe le linn Chomhdháil Bhliantúil Líonra Fiontraíochta na hEorpa, a coinníodh i Strasbourg i mí na Samhna, agus ag na Laethanta Oscailte socraithe ag Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil agus i Strasbourg i mí na Bealtaine.

**Tá na foilseacháin go léir de chuid an Ombudsman ar fáil ar a shuíomh gréasáin http://www.ombudsman.europa.eu agus tá siad le fáil saor in aisce ó Bookshop an AE http://bookshop.europa.eu**

Ábhar suime áirithe maidir le foilseacháin sa bhliain 2008 ab ea treoir nua ar obair an Ombudsman, foilsithe sna 23 teanga oifigiúla den AE. Dáileadh an foilseachán seo ar phríomhpháirtithe leasmhara agus ar an bpobal.

Tá na foilseacháin go léir de chuid an Ombudsman ar fáil ar a shuíomh gréasáin **http://www.ombudsman.europa.eu** agus tá siad le fáil saor in aisce ó Bookshop an AE **http://bookshop.europa.eu**

## Cumarsáidí leictreonacha

### Cumarsáid ríomhphoist

Ba tríd an Idirlíon a cuireadh isteach beagnach 60 % de na gearáin go léir a fuair an tOmbudsman sa bhliain 2008. Trí fhoirm ghearáin leictreonach, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman i 23 teanga, a fuarthas cuid mhaith díobh seo.

**Ba tríd an Idirlíon a cuireadh isteach beagnach 60 % de na gearáin go léir a fuair an tOmbudsman sa bhliain 2008.**

Sa bhliain 2008, úsáideadh príomhchuntas ríomhphoist an Ombudsman le freagairt ar bhreis is 4 300 ríomhphost ag iarraidh eolais. Iarratais aonair ar eolas a bhí i thart faoi 3 300 díobh, agus freagra aonair á chur orthu uilig ó bhall oiriúnach de fhoireann an Ombudsman. Cuir i gcomparáid timpeall ar 4 100 ríomhphost sa bhliain 2007, agus 3 500 cinn sa bhliain 2006. Den 4 300 ríomhphost, bhain thart faoi 1 000 díobh le hollphostáil maidir le deacraíochtaí a líomhnaigh bealaí teilifíse Catalóinise agus iad ag craoladh i réigiún na Valencia.

### Forás an tsuímh ghréasáin

Cruthaíodh suíomh gréasáin an Ombudsman i mí Iúil 1998. I rith na bliana 2008, lean Forbróir Gréasáin an Ombudsman Eorpaigh ag obair go dlúth le Ceannaire an Aonaid Chumarsáide agus le seirbhísí teicniúla de Pharlaimint na hEorpa, ag réiteach suíomh gréasáin an Ombudsman chun é a chlaochlú ina sheirbhís nua-aimseartha dinimiciúil eolasach idirghníomhach a bheadh ag forbairt go leanúnach do shaoránaigh. Tá an suíomh gréasáin nua le seoladh ag tús na bliana 2009.

Tugadh suíomh gréasáin an Ombudsman cothrom le dáta go rialta le heolas faoi chinntí, preaseisiúintí agus mionsonraí faoina chuid gníomhaíochtaí cumarsáide. Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2008, fuair an suíomh gréasáin thart ar 440 000 cuairteoir uathúil. Is iad na leathanaigh Bhéarla den suíomh gréasáin is mó tóir orthu, agus ansin na leathanaigh Fraincise, Gearmáinise, Spáinnise agus Iodáilise. I dtéarmaí bhonn geografach na gcuairteanna, tháinig an líon is mó cuairteoirí ón Ríocht Aontaithe, agus ansin ón Ghearmáin, ón Fhrainc, ón Spáinn, agus ón Iodáil. San áireamh i rannóg nasc de shuíomh gréasáin an Ombudsman tá naisc le haghaidh suímh ghréasáin na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa. Tugadh os cionn 97 000 cuairt ar an leathanach nasc i rith 2008, rud a thugann léargas soiléir ar an mbreisluach a sholáthraítear do shaoránaigh de na seirbhísí a sholáthraítear trí Líonra Eorpach na nOmbudsman.

**Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2008, fuair suíomh gréasáin an Ombudsman thart ar 440 000 cuairteoir uathúil.**

Chun cinntiú go bhfanann suíomh gréasáin an Ombudsman ar tús cadhnaíochta maidir le suíomhanna gréasáin an AE, ghlac Oifig an Ombudsman páirt in obair Choiste Eagarthóireachta Idir-Institiúideach Idirlín (CEiii) an AE i rith na bliana 2008.

## Comhráite idirlín

Den chéad uair sa bhliain 2008, ghlac oifig an Ombudsman páirt i gcomhrá idirlín, socraithe ag Institiúid Eorpach sa Bhulgáir, mar pháirt de thionscadal darbh ainm "Anois, Idirghníomh le Parlaimint na hEorpa". Faoin teideal "Ról an Ombudsman Eorpaigh: ag cuidiú le caidreamh a fheabhsú idir an AE agus a shaoránaigh", d'fhreagair baill de fhoireann an Ombudsman ceisteanna ar réimse mhór ábhar ag baint le déileáil an Ombudsman le gearáin. Chruthaigh an comhrá gréasáin a lán tuairisciú sna meáin faoi obair an Ombudsman sa Bhulgáir agus measadh gurbh iontach rathúil é.

# 5 Áiseanna

# 5.1 Pearsanra

Chun gur féidir don institiúid oibriú go maith ag plé le gearáin faoi dhrochriarachán sna 23 teanga Chonartha, agus ag spreagadh feasachta ar an gceart gearán a dhéanamh, tá tacaíocht foirne cáilithe ilteangaí ag an Ombudsman. Sa chuid seo cuirfear síos ar an obair a dhéanann na ranna agus na haonaid éagsúla in oifig an Ombusmain. I dtús báire, míneofar an t-athstruchtúrú a rinneadh sa bhliain 2008, agus cur síos achomair ar chúlráid bhliantúil na foirne, agus ar na cruinnithe foirne a coinníodh i rith na bliana.

## Athstruchtúrú

Chuathas i mbun chlár uaillmhianach athstruchtúraithe inmheánaigh sa bhliain 2008, ag dul i bhfeidhm an 1ú Meitheamh. An cruthú de cheithre Aonad sa Roinn Dlí agus sa Roinn Riaracháin agus Airgeadais a bhí i gceist. Is é cuspóir an athstruchtúraithe seo ná struchtúr bainistíochta a bhunú ina bhfuil beirt Cheann Roinne san oifig, agus iad ag freagairt do stiúrthóirí agus faoi cheannas an Ard-Rúnaí, agus ceathrar Ceann Aonaid a bhfuil sainchumas bainisteoireachta méadaithe acu mar thacaíocht ar gach duine acu.

**Chuathas i mbun chlár uaillmhianach athstruchtúraithe inmheánaigh sa bhliain 2008, ag dul i bhfeidhm an 1ú Meitheamh.**

Chuir an tOmbudsman atheagrú inmheánach a oifige i bhfeidhm gan cur le líon na foirne, agus méid na bpost do phearsanra i bplean an fhorais ag fanacht mar 57 gcinn. D'aontaigh údarás an bhuiséid le méadú sé phost i mbuiséad na bliana 2009.



Anseo, feictear an tOmbudsman lena fhoireann ag an dara cúlráid foirne de chuid a n-Institiúide, a tionóladh ón 27 go dtí an 29 Feabhra 2008. Is é atá sa chúlráid foirne ná cuid de thimthriall bliantúil d'ócáidí a thugann deis don fhoireann agus don fhoireann faoi oiliúint chun a dtuairimí a roinnt go neamhfhoirmiúil ar ábhair atá gaolta go díreach le hobair an Ombudsman. Cuidíonn conclúidí a thagann as na cúlráidí le cuspóirí straitéiseacha an Ombudsman a mhúnlú, agus treoraíonn siad seo, faoi seach, gníomhaíochtaí na hinstitiúide.

## Cúlráid fhoirne

Is páirt riachtanach de phleanáil straitéiseach an Ombudsman iad cúlráidí foirne an Ombudsman Eorpaigh, agus iad ag tabhairt treorach úsáidí le haghaidh beartais a cheapadh agus le Plean Bliantúil na Bainistíochta a ullmhú. Is fóram oscailte díospóireachta, comhrá agus ransaithe smaointe iad na cúlráidí. Tá siad ina bpáirt de chúrsa bliantúil ócáidí a thugann deis don fhoireann agus do dhaoine faoi oiliúint a gcuid dearcadh a nochtadh faoi ábhair a bhaineann go díreach le hobair an Ombudsman. Cuidíonn conclúidí a thagann as na cúlráidí le cuspóirí straitéiseacha an Ombudsman a mhúnlú, agus treoraíonn siad seo, faoi seach, gníomhaíochtaí gach Aonaid.

Choinnigh an institiúid a dara cúlráid ón 27ú go dtí an 29ú Feabhra 2008. Le hullmhú don chúlráid, iarradh ar bhaill na foirne ceistiúchán a líonadh a pléigh le cuspóirí an Ombudsman, leis an dearcadh ar an Ombudsman ón taobh amuigh, agus le hoibriú na hoifige. Bhí torthaí an cheistiúcháin, agus ábhar cúlra eile, mar bhunchloch ar ar bunaíodh díospóireachtaí i rith na hócáide. Spreagadh gach ball foirne le páirt ghníomhach a ghlacadh sna díospóireachtaí, a díríodh ar chuspóirí agus ar thosaíochtaí na hinstitiúide, ar an dearcadh ón taobh amuigh, agus ar obair fhrithghníomhach agus réamhghníomhach an Ombudsman.

De réir aiseolais láithrigh na foirne, gurbh eispéaras iontach deimhneach í an dara cúlráid. Measadh gurbh iontach ábhartha na téamaí a bhí faoi chaibidil. Chuir suim, fonnmhaireacht agus oscailteacht gach duine le hatmaisféar oibre ar fheabhas a chruthú.

## Cruinnithe foirne

Chun bealach an eolais idir bhaill a fhoirne a réiteach, agus chun deiseanna forbartha gairme a chur chun cinn, tionólann an tOmbudsman cruinnithe foirne go rialta. Go hiondúil, bíonn achoimre ar ghníomhaíochtaí a rinne an tOmbudsman le déanaí agus ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh sé, agus léiriúchán na bhforbairtí riaracháin, dlí, agus beartais a bhaineann leis an institiúid sa chlár oibre do na cruinnithe seo. I rith na bliana atá i gceist, tionóladh cruinnithe foirne an 3ú Iúil agus an 12ú Nollaig, agus ba fhóram díospóireachta agus comhroinnt eolais úsáideach iad. Sa dara cruinniú, bhí ról níos gníomhaí ag na Cinn Aonaid, i ndiaidh atheagrú na hoifige a luadh thuas, agus iad ag míniú gníomhaíochta a nAonaid agus forbairtí ábhartha eile.

# An tOmbudsman agus a fhoireann

Seo thíos tá achoimre ar struchtúr oifig an Ombudsman agus tá eolas cúlra faoin Ombudsman agus faoina fhoireann bhainistíochta. I ndeireadh tá cur síos achomair ar ról Choiste Foirne an Ombudsman agus an Oifigigh um Chosaint Sonraí.

### An tOmbudsman Eorpach

**P. Nikiforos Diamandouros** — An tOmbudsman Eorpach

Rugadh P. Nikiforos Diamandouros in Aithin na Gréige, an 25ú Meitheamh 1942. Toghadh ina Ombudsman Eorpach é an 15ú Eanáir 2003. Chuaigh sé i mbun dualgais an 1ú Aibreán 2003 agus ath-toghadh ar feadh téarma cúig bhliana an 11ú Eanáir 2005.

Ó 1998 go dtí 2003, ba é céad Ombudsman Náisiúnta na Gréige é. Ba Ollamh na polaitíochta comparáidí fosta é i Roinn na hEolaíochta Polaitiúla agus an Riaracháin Phoiblí ag Ollscoil na hAithne ó 1993 (ar scor faoi láthair). Ó 1995 go dtí 1998 bhí sé ina Stiúrthoir agus ina Chathaoirleach ar Lárionad Náisiúnta Gréagach an Taighde Shóisialta (Ekke).

Bhain sé amach a chéim BA in eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Indiana (1963) agus a chéimeanna MA (1965), MPhil (1969), agus PhD (1972) san ábhar céanna ó Ollscoil Columbia. Roimh dó dul i ndámh Ollscoil na hAithne i 1988, bhí post múinteoireachta aige in Ollscoil Stáit Nua-Eabhrac agus post taighde aige in Ollscoil Columbia

(1973-78). Ó 1980 go dtí 1983, bhí sé ina Stiúrthóir Forbartha ag Coláiste na hAithne, an Aithin, an Ghréig. Ó 1983 go dtí 1988, bhí sé ina Stiúrthóir Chláir maidir le hIarthar na hEorpa, agus maidir leis an Meánoirthear agus Tuaisceart na hAfraice ag an gComhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí Sóisialta i Nua-Eabhrac. Ó 1988 go dtí 1991, bhí sé ina Stiúrthóir den Institiúid Ghréagach um Léann Idirnáisiúnta agus Straitéiseach, san Aithin, meitheal smaointe dhírithe ar bheartais a bunaíodh trí chómhaoiniú ón Fhondúireacht Ford agus ón Fhondúireacht MacArthur. I 1997, bhí post an Ollaimh ar Cuairt san eolaíocht pholaitiúil aige in Ionad Ard-Léinn sna hEolaíochtaí Sóisialta Juan March (Maidrid).

Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Eolaíochta Polaitiúla na Gréige (1992-98) agus de Chumann Léinn Nua-Ghréagaigh na Stát Aontaithe (1985-88). Ó 1999 go dtí 2003, bhí sé ina bhall de Choimisiún Náisiúnta um Chearta Daonna sa Ghréig, agus ó 2000 go dtí 2003 bhí sé ina bhall de Chomhairle Náisiúnta na Gréige ar son Athchóirithe Riaracháin. Ó 1988 go dtí 1995, bhí sé ina chomhchathaoirleach ar an bhFochoiste um Dheisceart na hEorpa den Chomhairle um Thaighde sna hEolaíochtaí Sóisialta i Nua-Eabhrac, a maoinítear a gníomhaíochtaí le deontas ón Fhondúireacht Volkswagen. Tá sé ina chomh-Phríomh-Eagarthóir den tSraith um Dheisceart Nua na hEorpa agus fuair sé deontas taighde Fulbright agus deontas taighde Dearlaice Náisiúnta ar son na nDaonnachtaí.

Tá mórán scríofa aige faoi pholaitíocht agus faoi stair na Gréige, Dheisceart na hEorpa agus Oirdheisceart na hEorpa agus, go sainiúil, faoi dhaonlathú, faoi thógáil náisiúin agus stáit, agus faoin gcaidreamh idir cultúr agus polaitíocht. ■

## — Rúnaíocht an Ombusman Eorpaigh

Tá Rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh freagrach as oifig phríobháideach an Ombudsman a reáchtáil. Riarann sí clár oibre an Ombudsman, comhordaíonn sí a chuid comhfhreagrais isteach agus amach, comhairlíonn sí ar chaidrimh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí eile an AE, pléann sí le gné phrótacail in obair na hinstitiúide, agus téann sí i mbun gnáthghníomhaíochtaí rúnaíochta don Ombudsman.

**Tá Rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh freagrach as oifig phríobháideach an Ombudsman a reáchtáil.**

## An tArd-Rúnaí

Tá an tArd-Rúnaí freagrach as pleanáil straitéiseach istigh san institiúid, agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghnáthriarachán na hOifige. Comhairlíonn sé an tOmbudsman ar struchtúr agus ar bhainistíocht na hOifige, ar phleanáil a gníomhaíochta agus ar mhonatóireacht ar a hobair agus ar a feidhmiú. Maidir le hobair na Roinne Dlí, go sainiúil, tugann an tArd-Rúnaí cúnamh agus comhairle don Ombudsman agus é ag plé le gearáin agus le ceisteanna. Faoi dheireadh, comhordaíonn an tArd-Rúnaí an caidreamh idir Oifig an Ombudsman agus na hinstitiúidí Eorpacha eile agus tá príomhról aige ag forbairt caidreamh idir oifigí ombudsmen ar fud na hEorpa agus ag bunú teagmháil níos dlúth le saoránaigh na hEorpa.

**Tá an tArd-Rúnaí freagrach as pleanáil straitéiseach istigh san institiúid, agus as maoirseacht a dhéanamh ar ghnáthriarachán na hOifige.**

### Ian Harden — An tArd-Rúnaí

Rugadh Ian HARDEN i Norwich, Sasana, an 22ú Márta 1954. Rinne sé staidéar ar dhlí ag Coláiste Churchill, Cambridge, agus bhain sé amach BA le céad onóracha i 1975 agus LLB i 1976. Ina dhiaidh sin, chuaigh sé i nDámh an Dlí ag Ollscoil Sheffield, áit a raibh sé ina léachtóir ó 1976 go dtí 1990, ina Léachtóir Sinsearach ó 1990 go dtí 1993, ina Léitheoir ó 1993 go dtí 1995, agus rinneadh Ollamh Dlí Phoiblí de i 1995. Chuaigh sé in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Phríomhchomhairleoir Dlí 1996, agus rinneadh Ceann na Rúnaíochta de ó 1997 go dtí 1999, agus ansin rinneadh Ceann na Roinne Dlí de ó 2000 amach. Rinneadh Ard-Rúnaí Oifig an Ombudsman de an 1ú Lúnasa 2006. Is údar nó comhúdar a lán foilseachán faoi dhlí an AE agus faoi dhlí poiblí é, ina measc *The Contracting State* (Buckingham: Open University Press, 1992); *Flexible Integration: Towards a more effective and democratic Europe* (Londain CEPR, 1995), agus *European Economic and Monetary Union: The Institutional Framework* (Kluwer Law International, 1997). Is Ball den *Association française de droit constitutionnel* é agus den "*Study of Parliament Group*" sa Ríocht Aontaithe agus is ollamh oinigh é ag Ollscoil Sheffield. ■

## An Roinn Dlí

Tá an Roinn Dlí comhdhéanta, den chuid is mó, de dhlíodóirí, agus is í an phríomhfhreagracht atá orthu ná anailís a dhéanamh ar na gearáin a fhaigheann an tOmbudsman Eorpach agus fiosrúcháin a stiúradh faoi cheannas Cheann na Roinne Dlí agus na gceathrar Chinn den Aonaid Dlí. Comhairlíonn Ceann na Roinne Dlí an tOmbudsman ar straitéis agus ar stiúrthóireacht dhleathacha na hinstitiúide fosta agus reáchtálann sé an Roinn.

**Tá an Roinn Dlí comhdhéanta, den chuid is mó, de dhlíodóirí, agus is í an phríomhfhreagracht atá orthu ná anailís a dhéanamh ar na gearáin a fhaigheann an tOmbudsman Eorpach agus fiosrúcháin a stiúradh.**

I rith na bliana 2008, bhí foireann iomlán 24 duine ag an Roinn: Ceann na Roinne Dlí, ceathrar Cinn an Aonaid Dlí, triúr Príomhchomhairleoir Dlí, 14 Oifigeach Dlíthiúla, Dlíodóir-theangeolaí, agus Cúntóir do Cheann na Roinne Dlí. I rith na bliana atá i gceist, rinne an Roinn Dlí maoirseacht ar 23 duine faoi oiliúint.

### João Sant'Anna — Ceann na Roinne Dlí

Rugadh João Sant'Anna i Setúbal, sa Phortaingéil, an 3ú Bealtaine 1957. Rinne sé staidéar ar dhlí ag Ollscoil Liospóin ó 1975 go dtí 1980 agus chláraigh sé leis an mbarra i Liospóin i 1981. Ó 1980 go dtí 1982, bhí sé ag obair mar dhlíodóir sa Rannán Dlí agus Riaracháin den Aireacht Ghnóthaí Baile na Portaingéile do Réigiún Liospóin. Ó 1982 go dtí 1984, lean sé ag staidéar dlí, i réimse ceart maoine intleachtúla, ag Ollscoil Ludwig-Maximilian agus ag Institiúid Max-Planck i München. I ndiaidh dó filleadh ar an bPortaingéil i 1984, rinneadh Ceann de Rannán Dlí agus Riaracháin den Aireacht Ghnóthaí Baile na Portaingéile do Réigiún Liospóin. I 1986 chuaigh sé i státseirbhís Pharlaimint na hEorpa, agus bhí sé ag obair san Ard-Stiúrthóireachtaí Faisnéise agus Caidreamh leis an bPobal, Taighde, Pearsanra agus Airgeadais, agus faoi dheireadh, i Seirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa. Chuaigh sé in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Cheann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais i 2000. Rinneadh Ceann na Roinne Dlí de an 1ú Iúil 2007. ■

### — Cinn an Aonaid Dlí

Déanann gach Ceann an Aonaid Dlí maoirseacht ar fhoireann Oifigeach Dlíthiúil agus daoine faoi oiliúint chun cáilíocht ard a chinntiú maidir le déileáil le gearáin. Cuidíonn siad le Ceann na Roinne Dlí ag cinntiú beaichte, luaithe agus comhsheasmhaí na hoibre a dhéanann an Roinn. Leis seo a dhéanamh, caithfidh siad comhall nósanna imeachta, caighdeán agus spriocdhátaí inmheánacha a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air. Tá a bhfreagrachtaí féin ag Cinn an Aonaid Dlí fosta, atá cosúil leo siúd atá ag Oifigigh Dhlíthiúla a chuirfear síos orthu thíos. Déanann siad ionadaíocht ar son an Ombudsman ag ócáidí poiblí áirithe. Tá siad uilig faoi cheannas Cheann na Roinne Dlí, agus buaileann siad leis go rialta.

**Déanann gach Ceann an Aonaid Dlí maoirseacht ar fhoireann Oifigeach Dlíthiúil agus daoine faoi oiliúint chun cáilíocht ard a chinntiú maidir le déileáil le gearáin.**

Faoi láthair tá ceathrar Cinn an Aonaid Dlí, mar atá, an tUas Gerhard Grill, Gearmánach, a chuaigh i seirbhís in oifig an Ombudsman sa bhliain 1999, Marta Hirsch-Ziembinska, Uasal, Polannach, a chuaigh i seirbhís inti sa bhliain 2003, agus an tUas Fergal Ó Regan as Éirinn, a chuaigh i seirbhís inti sa bhliain 2006. Tá an tUas Peter Bonnor, ar Danmhargach é agus atá ag obair in oifig an Ombudsman ó 1998, ina Cheann an Aonaid Dlí *ad interim*.

### — Oifigigh Dhlíthiúla

Pléann na hOifigigh Dhlíthiúla le gearáin, ar féidir iad a chur isteach don Ombudsman as pé ar bith teanga de na 23 teanga Chonartha den Aontas Eorpach. Molann siad agus téann siad i mbun fiosrúcháin ar a dtionscnamh féin fosta, agus freagraíonn siad d'iarratais eolais ó shaoránaigh, tugann siad cúnamh don Ombudsman maidir le ceisteanna dlí, comhairlíonn siad ar nósanna imeachta, forbairtí agus traidisiúin dlí a mBallstát féin, agus tugann siad léiriúcháin faoi obair an Ombudsman.

**Pléann na hOifigigh Dhlíthiúla le gearáin, ar féidir iad a chur isteach don Ombudsman as pé ar bith teanga de na 23 teanga Chonartha den Aontas Eorpach.**

## An Roinn Riaracháin agus Airgeadais

Tá an Roinn Riaracháin agus Airgeadais freagrach as a bhfuil le déanamh ag Oifig an Ombudsman nach mbaineann go díreach le scrúdú gearán nó le stiúradh fiosrúchán. Ón 1ú Iúil 2008, tá sé comhdhéanta de cheithre Aonad, a gcuirfear síos orthu thíos, agus Rúnaíocht Déileála na nGearán. Comhordaíonn Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais obair na Roinne go hiomlán. Sa cháil sin, tá sé freagrach as gnátheagrú agus as feidhmiú na hoifige, as beartas pearsanra, as straitéis bhuiséid agus airgeadais na hinstitiúide a mholadh agus a chur i bhfeidhm, agus as ionadaíocht a dhéanamh ar son an Ombudsman i bhfóraim idirinstitiúideacha áirithe. Sa bhliain 2008, bhí 31 duine i bhfoireann na Roinne.

**João Sant'Anna**
Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais *(ad interim)*

### — Rúnaíocht Déileála na nGearán

Tá Rúnaíocht Déileála na nGearán freagrach as clárú, as dáileadh, agus as leanúint na ngearán a chuirtear isteach chuig an Ombudsman Eorpach. Cinntíonn an Rúnaíocht go gcláraítear gach gearán i mbunachar sonraí, go n-admhaítear é, agus go gcuirtear chuig an Roinn Dlí é. Tá sí freagrach as gach comhfhreagras isteach agus amach a bhaineann le gearáin a stiúradh, as cuntas na ngearán sa bhunachar sonraí a nuashonrú i rith nós imeachta an ghearáin, as monatóireacht ar oiriúint le spriocdhátaí a dhéanamh, as staidreamh a chur ar fáil maidir le gearáin, agus as cáipéisí a bhaineann le gearáin a chomhdú. Is é an tUas Peter Bonnor Ceann na Rúnaíochta Déileála na nGearán.

**Tá Rúnaíocht Déileála na nGearán freagrach as clárú, as dáileadh, agus as leanúint na ngearán a chuirtear isteach chuig an Ombudsman Eorpach.**

### — Aonad Riaracháin agus Pearsanra

Is iomaí cúram atá ag an Aonad Riaracháin agus Pearsanra, ina measc earcaíocht agus stiúradh pearsanra, déileáil le comhfhreagras isteach agus amach, lasc-chlár na nguthán, bonneagar na hoifige, comhordú aistriúcháin cháipéisí, eagrú agus stiúradh na leabharlainne tagartha dlí, agus beartas doiciméadaithe agus cartlainne na hinstitiúide. Tá an tAonad seo freagrach as beartas teicneolaíochta faisnéise na hinstitiúide fosta agus as riachtanais TF na hoifige a riar, cúram a fhreastalaíonn sé i gcomhar dlúth le Parlaimint na hEorpa. Tá an tUas Alessandro Del Bon ina Cheann ar an Aonad seo, duine dénáisiúntachta Gearmánaí-Iodálaí é, a chuaigh i seirbhís in oifig an Ombudsman sa bhliain 1998.

**Is iomaí cúram atá ag an Aonad Riaracháin agus Pearsanra, ina measc earcaíocht agus stiúradh pearsanra.**

### — Aonad Buiséid agus Airgeadais

Tá de chúram ar an Aonad Buiséid agus Airgeadais cinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman de réir rialacha airgeadais fóirsteanacha agus ráthú go n-úsáidtear acmhainní go coigilteach agus go héifeachtach, agus go gcosnaítear iad go sásúil. Tá an tAonad seo freagrach as meicníochtaí rialaithe inmheánacha a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Tagann na freagrachtaí seo aige ós rud é go bhfuil buiséad neamhspleách ag an Ombudsman Eorpach. Ullmhaíonn Oifigigh Airgeadais, faoi cheannas an Oifigigh um Údarú de Tharmligean, an buiséad agus cuireann siad i gcrích é. Tá an tUas Loïc Julien, Francach, ina Cheann ar an Aonad seo, thosaigh sé ag obair don Ombudsman sa bhliain 2005.

**Tá de chúram ar an Aonad Buiséid agus Airgeadais cinntiú go ndéanann Oifig an Ombudsman de réir rialacha airgeadais fóirsteanacha agus ráthú go n-úsáidtear acmhainní go coigilteach agus go héifeachtach, agus go gcosnaítear iad go sásúil.**

### — Aonad Cumarsáide

Tá an Aonad Cumarsáide freagrach as foilseacháin agus ábhar curtha chun cinn an Ombudsman a tháirgeadh, as suíomhanna gréasáin an Ombudsman a chothú agus a fhorbairt, agus as amharc-fhéiniúlacht na hinstitiúide a bhunú. Comhordaíonn an tAonad seo Líonra Eorpach na nOmbudsmen fosta agus gnáthchaidreamh le cumainn ombudsman san Eoraip agus níos faide anonn. Tá an tUas Ben Hagard ina Cheann ar an Aonad seo, is Briotanach é a chuaigh i seirbhís in oifig an Ombudsman sa bhliain 1998.

**Tá an Aonad Cumarsáide freagrach as foilseacháin agus ábhar curtha chun cinn an Ombudsman a tháirgeadh, as suíomhanna gréasáin an Ombudsman a chothú agus a fhorbairt, agus as amharc-fhéiniúlacht na hinstitiúide a bhunú.**

### — Aonad um Meáin, um Fhiontraíocht agus um Shochaí Shibhialta

Tá an tAonad um Meáin, um Fhiontraíochtaí agus um Shochaí Shibhialta freagrach as cuidiú leis an Ombudsman chun teagmháil níos dlúth a bhunú le daoine agus le heagraíochtaí ar féidir go bhfuil a sheirbhísí de dhíth orthu. Cuidíonn sé le feasacht ar obair an Ombudsman a spreagadh ar fud an Aontais. Cothaíonn an tAonad agus cuireann sé chun cinn an caidreamh leis na meáin, agus eagraíonn sé cuairteanna faisnéise agus ócáidí an Ombudsman. Tá baill an Aonaid seo freagrach fosta as foilseacháin agus óráidí an Ombudsman a scríobh. Is í Rosita Agnew, Uasal, Éireannach a thosaigh ag obair don Ombudsman sa bhliain 2001, Ceann an Aonaid seo.

**Tá an tAonad um Meáin, um Fhiontraíochtaí agus um Shochaí Shibhialta freagrach as cuidiú leis an Ombudsman chun teagmháil níos dlúth a bhunú le daoine agus le heagraíochtaí ar féidir go bhfuil a sheirbhísí de dhíth orthu.**

### — Coiste na Foirne

Oibríonn Coiste Foirne an Ombudsman ar son leasa na foirne agus cuireann sé chun cinn comhrá leanúnach idir an institiúid agus an fhoireann. Cuireann Coiste na Foirne go mór le feidhmiú réidh na seirbhíse trí bhealach a chur ar fáil don fhoireann lena cuid barúlacha a nochtadh agus trí deacrachtaí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm rialacha fóirsteanacha a chur faoi bhráid an riaracháin. Déanann Coiste na Foirne moltaí i dtaobh eagraithe agus feidhmithe na seirbhíse, agus tograí chun dálaí maireachtála agus oibre na foirne a fheabhsú. Sa chomhthéacs seo, bhí ról tábhachtach ag Coiste na Foirne sna Cúlráidí Foirne sna blianta 2006 agus 2008.

### — Oifigeach um Chosaint Sonraí

Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí (Ocs) ag gach institiúid an AE, a chomhoibríonn le Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus a chinntíonn nach dócha go ndéantar dochar do ábhair sonraí mar gheall ar fheidhmithe próiseála sonraí. Cinntíonn an OCS fosta go gcuirtear in iúl do rialaitheoirí sonraí agus do ábhair sonraí faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí de réir Rialachán 45/2001[1]. Ó mhí na Márta 2006, tá an tUas Loïc Julien ina Oifigeach um Chosaint Sonraí in Oifig an Ombudsman Eorpaigh.

# 5.2 Buiséad

## An buiséad sa bhliain 2008

Ó mhí Eanáir 2000, tá buiséad an Ombudsman mar chuid neamhspleách de bhuiséad an Aontais Eorpaigh (alt VIII faoi láthair)[2]. Roinntear i dtrí theideal é. I dTeideal 1 tá tuarastail, liúntais agus caiteachais eile a bhaineann leis an bhfoireann. I dTeideal 2 tá foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas feidhmiúcháin ilchineálach eile. I dTeideal 3 tá caiteachas a thagann as feidhmiúchán ginearálta na hinstitiúide.

Ba é EUR 8 505 770 leithreasú iomlán an bhuiséid sa bhliain 2008.

**1.** Rialachán (CE) 45/2001 den 18 Nollaig 2000 um chosaint daoine maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidiú agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus um saorghluaiseacht na sonraí seo, IO 2001 L 8, lch. 1.
**2.** Rialachán ón Chomhairle (CE, CEGC, Euratom) Uimh. 2673/1999 den 13 Nollaig 1999 lena leasaítear an Rialachán Airgeadais den 21 Nollaig 1977 fóirsteanach do bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpacha, IO 1999 L 326, lch. 1.

## Comhoibriú idirinstitiúideach

Chun acmhainní a úsáid chomh héifeachtach agus is féidir, agus chun dúbailt nach gá na foirne a sheachaint, comhoibríonn an tOmbudsman le hinstitiúidí agus le comhlachtaí eile an AE, nuair is féidir. Cuirtear sonrasc chuig an Ombudsman Eorpach as na seirbhísí seo, ar ndóigh, ach mar gheall ar an gcomhoibriú seo, déantar coigiltí móra éifeachtachta i mbuiséad an Chomhphobail. Comhoibríonn an tOmbudsman, go háirithe:

(i) le Parlaimint na hEorpa, a chuidíonn le seirbhísí teicniúla, mar aon le foirgnimh, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáid, seirbhísí míochaine, oiliúint, aistriúchán, agus ateangaireacht;

(ii) le hOifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach maidir le gnéithe éagsúla na bhfoilseachán;

(iii) leis an Ionad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an AE, a sholáthraíonn a lán de na haistriúcháin a bhíonn de dhíth ar an Ombudsman le linn dó bheith ag obair ar son saoránach.

## Rialú buiséid

Chun stiúradh éifeachtúil na n-acmhainní curtha ar fáil don Ombudsman a chinntiú, déanann iniúchóir inmheánach, ar feidhmeannach de chuid Pharlaimint na hEorpa é, seiceálacha rialta ar chórais rialaithe inmheánacha na hinstitiúide agus ar na hoibríochtaí airgeadais a chuireann an oifig i ngníomh.

Iniúchann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an institiúid chomh maith.

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

### Le post

Ombudsman Eorpach
1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc

### Le guthán

+33 3 88 17 23 13

### Le facs

+33 3 88 17 90 62

### Le ríomhphost

eo@ombudsman.europa.eu

### Suíomh gréasáin

http://www.ombudsman.europa.eu

Imscrúdaíonn an tOmbudsman Eorpach gearáin i dtaobh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh.

→→→ www.ombudsman.europa.eu

Ombudsman Eorpach
1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

ISBN 978-92-9212-198-3 · ISSN 1830-7507 · QK-AA-09-001-GA-C